2024/1085

17.6.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1085 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Márta 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an modheolaíocht mheasúnaithe faoina bhfíoraíonn na húdaráis inniúla go gcomhlíonann institiúid na ceanglais maidir le húsáid samhlacha inmheánacha le haghaidh riosca margaidh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 325az(8), an chéad fhomhír, pointe (b), agus an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ní cheadaítear d'institiúidí úsáid a bhaint as samhlacha inmheánacha le haghaidh riosca margaidh ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ní hamháin gur cheart d'institiúidí na ceanglais sin a chomhlíonadh i gcás ina gcuirfidh siad isteach ar chead chun na samhlacha inmheánacha sin a úsáid, ach i gcás ina n-úsáidfidh siad na samhlacha sin freisin, agus i gcás ina ndéanann siad iarratas chun síntí agus athruithe ábhartha a dhéanamh ar na samhlacha inmheánacha sin. Is iomchuí a leagan síos dá bhrí sin go ndéanfaidh na húdaráis inniúla, i gcás ina bhfíoróidh siad cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann institiúidí na ceanglais sin, na critéir chéanna agus an mhodheolaíocht mheasúnaithe chéanna a chur i bhfeidhm maidir le gach ceann de na céimeanna sin. Mar sin féin, ar chúiseanna éifeachtúlachta agus chun ualaí riaracháin a laghdú, níor cheart a cheangal ar na húdaráis inniúla, nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar chomhlíontacht institiúidí ar deonaíodh cead dóibh cheana féin samhlacha inmheánacha malartacha den sórt sin a úsáid, athmheasúnú a dhéanamh ar an gcead sin. Ina ionad sin, ba cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha sin atá ábhartha do raon feidhme an mheasúnaithe lena mbaineann agus air sin amháin, agus forbairt a dhéanamh, i ngach cás, ar na conclúidí ar thángthas orthu ó mheasúnuithe roimhe sin.

(2) Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh institiúidí ar bhonn leanúnach na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart do na húdaráis inniúla meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht fhoriomlán na réiteach, na gcóras agus na gcineálacha cur chuige arna gcur chun feidhme ag institiúid, agus a iarraidh go ndéanfar feabhsuithe agus oiriúnuithe leanúnacha i ndáil le himthosca athraithe.

(3) Chun comhchuibhiú agus inchomparáideacht cleachtas maoirseachta ó dhlínse go chéile a áirithiú, ba cheart do na húdaráis inniúla teicnící measúnaithe forordaitheacha a chomhlíonadh sa mheasúnú a dhéanfaidh siad ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann institiúidí na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Mar sin féin, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann cineál, méid agus castacht struchtúir agus samhla gnó institiúide, castacht na samhlacha inmheánacha malartacha, cineál na dtáirgí airgeadais a chumhdaítear leis na samhlacha sin, cáilíocht na faisnéise a sholáthraíonn an institiúid lena mbaineann, agus na hacmhainní atá ar fáil dóibh a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart cumhacht lánroghnach áirithe a dheonú do na húdaráis inniúla, le linn dóibh measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann institiúid na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, lena gcuirfear ar a gcumas dóibh seiceálacha breise a dhéanamh agus na modhanna is iomchuí a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh ceanglas áirithe a fhíorú. Ina theannta sin, chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla an measúnú sin a dhéanamh ar bhealach comhréireach, agus i bhfianaise an raoin leathain táirgí airgeadais atá ar fáil i ngníomhaíochtaí trádála, is gá catagóirí táirgí airgeadais de réir leibhéal méadaitheach castachta a leagan síos, ar ar cheart d'údaráis inniúla a measúnú a bhunú.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj.

(4) Chun tuiscint inmheánach leormhaith ar an tsamhail inmheánach mhalartach a áirithiú, lena n-áirítear oibríochtaí seachfhoinsithe, is gá a leagan síos, d'ainneoin aon seachfhoinsiú ar roinnt uirlisí riosca, córais TF, agus réitigh bainistíochta riosca, go bhfuil gach príomhchúram, príomhghníomhaíocht nó príomhfheidhm a bhaineann leis an tsamhail inmheánach le déanamh ag an aonad rialaithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart a cheangal leis na rialacha sin freisin go gcuirfidh an t-aonad rialaithe riosca rialuithe leordhóthanacha chun feidhme agus go ndéanfaidh sé tástálacha cáilíochta agus bailíochtaithe ar aon réiteach seachfhoinsithe, go mbeidh doiciméadacht iomlán ar na rialuithe agus na tástálacha sin ar fáil i ngach cás, agus go ndéanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar aon uirlis agus aon réiteach TF a fhaightear ó dhíoltóirí tríú páirtí ar bhealach a bheidh comhchosúil le cásanna ina bhforbraítear iad go hiomlán trí phróisis inmheánacha.

(5) Tá ról lárnach ag gnéithe rialachais agus oibríochtúla i bhfeidhmiú cuí na samhla inmheánaí malartaí. Dá bhrí sin, leis an modheolaíocht lena bhfíoraítear cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann institiúid na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('modheolaíocht mheasúnaithe'), ba cheart measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar na gnéithe rialachais agus oibríochtúla sin, lena n-áirítear socrú na deisce trádála, ról na hardbhainistíochta agus an chomhlachta bainistíochta, an t-aonad rialaithe riosca, agus an t-athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail inmheánach mhalartach féin.

(6) Ba cheart a chur san áireamh sa mhodheolaíocht mheasúnaithe a bhaineann le gnéithe rialachais, i ndáil le hinstitiúidí áirithe a iarrann cead chun cur chuige malartach na samhla inmheánaí a úsáid, go bhfuair roinnt áirithe díobh cead cheana féin, sular leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), chun samhail inmheánach a úsáid chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh. Is gá, dá bhrí sin, rialacha measúnaithe a leagan síos atá comhchosúil leo sin a leagadh síos san am a chuaigh thart i ndáil leis na gnéithe sin nár leasaíodh le Rialachán (AE) 2019/876, agus rialacha nua a thabhairt isteach lena gcumhdaítear forálacha nua a thugtar isteach leis an Rialachán sin, lena n-áirítear na ceanglais maidir le deasc thrádála a leagtar síos in Airteagal 104b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

(7) Chun é a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le bailíochtú agus athbhreithniú ar shamhlacha inmheánacha malartacha, ba cheart d'institiúidí bailíochtú inmheánach a dhéanamh ar an tsamhail go bliantúil ar a laghad. Cé gur cheart na modheolaíochtaí uile a chuirtear i bhfeidhm ar fud na samhla inmheánaí a chumhdach leis an mbailíochtú tosaigh, is iomchuí a leagan síos, i bhfianaise srianta foirne agus acmhainní, go ndíreoidh an bailíochtú bliantúil ar na príomh-shaincheisteanna, ar a laghad, a braitheadh sna bailíochtuithe inmheánacha roimhe sin nó in athbhreithnithe ar iniúchtaí inmheánacha roimhe sin, agus ar aon athrú a rinneadh ar an tsamhail inmheánach mhalartach nó ar aon mhodheolaíocht nua a tugadh isteach inti.

(8) Bíonn forbairt ag teacht i gcónaí agus go mear ar ghníomhaíochtaí trádála agus ar mhargaí airgeadais. Chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla na saintréithe sin a chur san áireamh nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann institiúidí na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ba cheart caighdeáin cháilíochtúla agus nós imeachta a bheith sa mhodheolaíocht mheasúnaithe i ndáil le hionstraimí agus táirgí nua airgeadais a bheith á bhformheas go foirmiúil ag an institiúid, agus i ndáil lena dtabhairt isteach sa limistéar trádála. Tá gá le caighdeáin le haghaidh beartas formheasa foirmiúil maidir le táirgí nua chun a áirithiú, i ndáil le hionstraimí agus táirgí nua airgeadais, a bhféadfadh fachtóirí riosca breise a bheith acu nó athruithe modheolaíochta ar na samhlacha inmheánacha tomhais riosca a cheangal, go mbeidh a dtabhairt isteach comhoiriúnach go hiomlán le rialú agus bailíochtú cuimsitheach.

(9) Tá cáilíocht na sonraí agus cruinneas an mheastacháin ar riosca agus ar ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh ag brath go mór ar iontaofacht chórais TF a úsáidtear chun na críche sin. Ar an gcuma chéanna, ní féidir leanúnachas agus comhsheasmhacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a áirithiú ach amháin i gcás ina bhfuil na córais TF sin sábháilte, slán, agus iontaofa, agus ina bhfuil an bonneagar TF láidir go leordhóthanach. Is gá, dá bhrí sin, nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar na samhlacha inmheánacha le haghaidh riosca margaidh, go seiceálfaidh na húdaráis inniúla iontaofacht chórais TF agus láidreacht bhonneagar TF na hinstitiúide, ar córais agus bonneagar iad a úsáidtear le haghaidh na samhlacha inmheánacha.

([2]) Rialachán (AE) 2019/876 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mhéid a bhaineann leis an gcóimheas luamhánaithe, leis an gcóimheas glanchistiúcháin chobhsaí, leis na ceanglais maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe, leis an riosca creidmheasa contrapháirtí, leis an riosca margaidh, leis na neamhchosaintí ar chontrapháirtithe lárnacha, leis na neamhchosaintí ar ghnóthais chomhinfheistíochta, leis na neamhchosaintí móra, leis na ceanglais tuairiscithe agus nochta, agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 150, 7.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/876/oj).

(10) Ar cheann de nuálaíochtaí an chreata nua riosca margaidh a leagtar síos i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 tá go gcinntear ceanglais cistí dílse ar bhonn bearta easnaimh ionchasaigh. Is gá a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí faireachán ar chruinneas na bhfigiúirí sin go gníomhach. Is iomchuí a cheangal ar institiúidí, dá bhrí sin, cúltástáil a dhéanamh ar a mbearta easnaimh ionchasaigh go díreach mar chuid den chlár inmheánach cúltástála a cheanglaítear le hAirteagal 325bj de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Toisc nach ann go fóill do mhodheolaíocht bhunaithe i measc rannpháirtithe sa mhargadh chun cúltástáil a dhéanamh ar bheart easnaimh ionchasaigh, níor cheart aon mhodheolaíocht shonrach a fhorordú, agus ba cheart é a bheith de shaoirse ag institiúidí an fhorbairt ar theicnící nua agus ar dhea-chleachtais ina leith sin a chur san áireamh, i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochtúla a leagtar amach in Airteagal 325bi den Rialachán sin.

(11) Ní féidir samhlacha tomhais riosca inmheánacha a bhreithniú a bheith curtha chun feidhme ina n-iomláine, dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ach amháin i gcás ina gcomhlíontar na ceanglais rialála uile. Ina theannta sin, cuireadh roinnt bloic thógála d'athchóirithe Basel i réimse an riosca margaidh chun feidhme i ndlí an Aontais trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, *inter alia* Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058 ón gCoimisiún ([3]), Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 ón gCoimisiún ([4]), Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 ón gCoimisiún ([5]), Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 ón gCoimisiún ([6]), Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 ón gCoimisiún ([7]) agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ón gCoimisiún ([8]). Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis inniúla a bhreithniú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann institiúidí na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus na gníomhartha tarmligthe sin á gcur san áireamh. Chun a áirithiú go ndéanfar measúnú cuimsitheach ar chomhlíonadh samhlacha inmheánacha maidir le riosca margaidh, is gá teicnící a shonrú le haghaidh na n-údarás inniúil chun go ndéanfaidh siad measúnú ar chomhlíontacht institiúidí le gnéithe a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus leis na rialacháin tharmligthe sin araon. Ar an gcúis sin, ba cheart d'údaráis inniúla scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméadacht shonrach a cheanglaítear ar institiúidí a chur ar fáil.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála ar thréimhsí leachtachta ionchasacha le haghaidh chur chuige malartach na samhla inmheánaí, dá dtagraítear in Airteagal 325bd(7) (IO L 276, 26.10.2022, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2058/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí teicniúla na gceanglas cúltástála agus na gceanglas sannta brabúis agus caillteanais faoi Airteagal 325bf agus Airteagal 325bg de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (IO L 276, 26.10.2022, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2059/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir chun measúnú a dhéanamh ar insamhaltaitheacht fachtóirí priacal faoi chur chuige na samhlacha inmheánacha (IMA) agus lena sonraítear minicíocht an mheasúnaithe sin faoi Airteagal 325be(3) den Rialachán sin (IO L 276, 26.10.2022, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2060/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála maidir le ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí agus maidir leis an gcaoi a gcaithfear leis na suíomhanna sin chun críocha na gceanglas maidir le cúltástáil agus an cheanglais maidir le sannadh brabúis agus caillteanais faoi cur chuige malartach na samhlacha inmheánacha (IO L 193, 1.8.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1577/oj).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais maidir le modheolaíocht inmheánach nó foinsí seachtracha a úsáidtear faoin tsamhail inmheánach maidir leis an riosca mainneachtana chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana (IO L 193, 1.8.2023, lch. 7, http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1578/oj).

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an mbeart riosca maidir le cás struis a ríomh (IO L, 2024/397, 29.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/397/oj).

(12) Leis na ceanglais maidir le cúltástáil agus sannadh brabúis agus caillteanais, cuirtear bonn láidir ar fáil chun faireachán criticiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht na samhla tomhais riosca inmheánaí. Is gá dá bhrí sin rialacha measúnaithe a leagan síos chun torthaí na dtástálacha sin a bhreithniú. I ndáil le cúltástáil, ba cheart a áirithiú go ndéanfar anailís chriticiúil ar sháruithe chun laigí féideartha sa tsamhail a shainaithint, agus go ndéanfaidh institiúidí faireachán ar cé acu fachtóirí riosca insamhaltaithe nó neamh-insamhaltaithe a spreagann na hathruithe ar luachanna na bpunann. Thairis sin, i bhfianaise na dtorthaí tástála maidir le sannadh brabúis agus caillteanais, ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chruinneas na bhfeidhmeanna praghsála a úsáideann an institiúid, óir tá a gcruinneas fíor-riachtanach chun na ceanglais cistí dílse a ríomh go fónta.

(13) Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 325bh de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a áirithiú, is gá na ceanglais sin a shonrú a thuilleadh. Cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann institiúidí na ceanglais sin, ba cheart measúnú a dhéanamh air sin ar bhonn na gcatagóirí fachtóra riosca leathana dá dtagraítear i dTábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Is gá a leagan síos dá bhrí sin, i gcás gach ceann de na catagóirí sin, an chaoi a bhfuil measúnú le déanamh ag na húdaráis inniúla ar cé acu a ghabhtar nó nach ngabhtar riosca boinn, agus ar cé acu atá nó nach bhfuil an láimhseáil cuar agus dromchlaí sa tsamhail tomhais riosca inmheánach fónta.

(14) I ngeall ar athruithe agus forbairt mhear a bheith ag teacht ar mhargaí airgeadais, fágann sonraí neamhiontaofa, míchruinne, neamhiomlána, nó as dáta go dtarlaíonn earráidí sa mheastachán riosca agus i ríomh na gceanglas cistí dílse, lena n-áirítear i samhlacha maidir le riosca margaidh. I gcomhthéacs próisis bainistíochta riosca institiúide, d'fhéadfadh droch-chinntí bainistíochta a bheith mar thoradh ar shonraí earráideacha den sórt sin freisin. Dá dhroim sin, chun iontaofacht agus ardcháilíocht sonraí a áirithiú chomh maith lena n-úsáid chuí sna próisis inmheánacha agus sna próisis chun ceanglais cistí dílse a ríomh, ba cheart doiciméadú maith a dhéanamh ar bhailiú agus stóráil sonraí agus ar na nósanna imeachta um an mbailiú agus an stóráil sin, lena n-áirítear tuairisc iomlán ar shaintréithe, seiceálacha cáilíochta, scagairí uathoibríocha agus foinsí sonracha sonraí laethúla. Ba cheart d'údaráis inniúla, nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar shamhlacha inmheánacha maidir le riosca margaidh, aird ar leith a thabhairt ar cháilíocht agus iontaofacht na sonraí a úsáidtear chun críoch samhaltaithe, agus ar na próisis a chuirtear i bhfeidhm chun a áirithiú go gcoinneofar an cháilíocht agus an iontaofacht sin ar bun.

(15) Chun a áirithiú go ríomhfar na ceanglais cistí dílse i gceart, ba cheart do na húdaráis inniúla, nuair a bheidh measúnú á dhéanamh acu ar cháilíocht fhoriomlán na sonraí, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an cur chuige a úsáideann an institiúid i leith amshraith ionadach fónta. Ba cheart a fhíorú leis an modheolaíocht mheasúnaithe dá bhrí sin go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 lena rialaítear úsáid ionadach. I gcás inarb ábhartha, ba cheart na rialacha a leagtar síos sa mhodheolaíocht mheasúnaithe sin a bheith éagsúil ag brath ar cé acu atá amshraith ar úsáideadh ionadach ina leith bainteach le fachtóir riosca ar éirigh leis sa mheasúnú insamhaltaitheachta, nó le fachtóir riosca nár éirigh leis.

(16) I ndáil leis an tsamhail inmheánach maidir leis an riosca mainneachtana, agus go háirithe Airteagail 325bn, 325bo, 325bp de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, is gá a áirithiú leis an modheolaíocht mheasúnaithe go mbeidh torthaí cruinne mar thoradh ar na samhlacha riosca sin. Dá bhrí sin, ba cheart a chumhdach leis na rialacha a leagtar síos sa mhodheolaíocht mheasúnaithe na gnéithe uile a dhéanann difear do thorthaí na samhlacha sin, lena n-áirítear raon feidhme na suíomhanna a ghabhtar leis na samhlacha sin, na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana, an rogha fachtóirí riosca córasacha chun mainneachtain eisitheoirí a ionsamhlú, agus na toimhdí samhaltaithe uile a dhéanann an institiúid, lena n-áirítear aon toimhde chopaile a dhéantar chun mainneachtain eisitheoirí iomadúla a ionsamhlú.

(17) Rioscaí a eascraíonn as an athrú aeráide agus saincheisteanna comhshaoil níos leithne, tá siad ag athrú staid an riosca don earnáil airgeadais agus tá coinne leis go dtiocfaidh siad chun bheith níos suntasaí fós. I bhfianaise a thábhachtaí atá na spreagthaí riosca sin, ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go mbreithníonn institiúidí na tionscnóirí riosca sin ina gcláir tástála struis dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Sa chomhthéacs sin, tá bearta déanta ag institiúidí cheana féin chun rioscaí comhshaoil a áireamh ina gcláir tástála struis. Mar sin féin, chun a áirithiú go mbeidh am leordhóthanach ag institiúidí léiriú iomlán a thabhairt ar na rioscaí sin ina gcláir tástála struis, níor cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht institiúidí le haon cheanglas a bhaineann leis an athrú aeráide ná le saincheisteanna comhshaoil níos leithne ach ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh. Ar an gcaoi chéanna, i bhfianaise a chasta atá cur chun feidhme na cúltástála dírí ar an easnamh ionchasach, ba cheart tréimhse bhreise a thabhairt d'institiúidí sula ndéanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar a gcomhlíonadh sa réimse sin. Dá réir sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm gaolmhar an mheasúnaithe a shocrú le tosú ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

(18) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(19) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Struchtúr an mheasúnaithe

1. Nuair a bheidh na húdaráis inniúla ag fíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann institiúid na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 325bh, 325bi, 325bn, 325bo agus 325bp de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh siad measúnú ar an méid seo a leanas:

(a) na gnéithe rialachais, i gcomhréir le Caibidil 2 den Rialachán seo;

(b) gnéithe a bhaineann leis an tsamhail tomhais riosca inmheánach a úsáidtear chun an beart easnaimh ionchasaigh agus an beart riosca maidir le cás struis a ríomh, i gcomhréir le Caibidil 3 den Rialachán seo;

(c) gnéithe a bhaineann leis an tsamhail inmheánach maidir leis an riosca mainneachtana a úsáidtear chun an ceanglas cistí dílse breise le haghaidh riosca mainneachtana a ríomh, i gcomhréir le Caibidil 4 den Rialachán seo.

Chun críocha na chéad fhomhíre, déanfaidh na húdaráis inniúla na prionsabail a bhaineann le comhréireacht a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 2, cáilíocht na doiciméadachta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 3, agus na socruithe seachfhoinsithe a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 4.

2. Údarás inniúil a shainaithníonn, mar chuid den mheasúnú a dhéantar i gcomhréir leis an Rialachán seo, go bhfuil easnaimh mhóra sa tsamhail tomhais riosca inmheánach i ndáil le roinnt aicmí táirgí i ndeasc thrádála ar leith, nó nach féidir a dheimhniú go bhfuil cuntas teiste cruthaithe ag an tsamhail sin maidir le cruinneas réasúnta a tomhais ar rioscaí a chomhfhreagraíonn do na haicmí táirgí sin, féadfaidh sé ceachtar de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a cheangal ar an institiúid na suíomhanna a chomhfhreagraíonn do na haicmí táirgí sin a bhaint den deasc thrádála sin;

(b) diúltú cead a dheonú chun na ceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhréir le cur chuige na samhlacha inmheánacha i gcás na deisce trádála sin.

3. Údarás inniúil a thagann ar an gconclúid go bhfuil aicmí táirgí i ndeasc thrádála ar leith curtha in áirithe as a chéile leo siúd ar le heintiteas eile den ghrúpa iad atá lasmuigh de raon feidhme an leibhéil comhdhlúthaithe is airde laistigh den Aontas, agus go gcuireann an cur in áirithe as a chéile sin bac ar an údarás inniúil measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cuntas teiste cruthaithe ag an tsamhail tomhais riosca inmheánach maidir le cruinneas réasúnta a tomhais ar rioscaí a chomhfhreagraíonn do na haicmí táirgí sin, féadfaidh sé ceachtar de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

(a) a cheangal ar an institiúid na suíomhanna a chomhfhreagraíonn do na haicmí táirgí sin a bhaint den deasc thrádála sin;

(b) diúltú cead a dheonú chun na ceanglais cistí dílse a ríomh i gcomhréir le cur chuige na samhlacha inmheánacha i gcás na deisce trádála sin.

4. I gcás ina ndéanfar riosca margaidh suíomhanna a chomhfhreagraíonn do roinnt aicmí táirgí a aistriú chuig eintiteas eile den ghrúpa atá lasmuigh de raon feidhme an leibhéil comhdhlúthaithe is airde laistigh den Aontas, agus i gcás ina mbeidh éifeachtaí aistrithe den sórt sin cosúil *de facto* le héifeachtaí suíomhanna a chuirtear in áirithe as a chéile, féadfaidh an t-údarás inniúil mír 3 a chur i bhfeidhm.

Airteagal 2

Comhréireacht – catagóirí táirgí agus castachtaí samhla

Cuirfidh na húdaráis inniúla an mhodheolaíocht mheasúnaithe a leagtar amach sa Rialachán seo i bhfeidhm ar bhealach a bheidh comhréireach le méid agus castacht na ngníomhaíochtaí trádála a áirítear sa tsamhail inmheánach, bunaithe ar na catagóirí ionstraimí airgeadais seo a leanas in ord méadaitheach castachta:

(a) ionstraimí simplí gan roghnaíocht;

(b) ionstraimí, seachas iad sin dá dtagraítear i bpointe (a), gan gnéithe díobh a bheith spleách ar chonair, a bhfuil sócmhainn fholuiteach aonair fúthu, lena n-áirítear innéacsanna, a íocann toradh leanúnach san airgeadra céanna leis an tsócmhainn fholuiteach;

(c) ionstraimí a bhfuil gnéithe díobh spleách ar chonair, ionstraimí a bhfuil sócmhainní foluiteacha iomadúla fúthu, ionstraimí a íocann torthaí in airgeadraí atá éagsúil le hairgeadra na sócmhainne foluití, agus aon ionstraim eile nach dtagraítear di i bpointí (a) nó (b).

Airteagal 3

Cáilíocht agus in-iniúchóireacht doiciméadachta

Fíoróidh na húdaráis inniúla gur leormhaith cáilíocht na doiciméadachta a chuireann institiúid isteach chun tacú lena hiarratas ar chead úsáid a bhaint as samhail inmheánach chun ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh agus gur leordhóthanach na mionsonraí agus an cruinneas atá inti chun go mbeidh tríú páirtithe cáilithe in ann scrúdú a dhéanamh uirthi.

Fíoróidh na húdaráis inniúla go háirithe:

(a) go ndearnadh an doiciméadacht lena mbaineann a fhormheas ar leibhéal iomchuí bainistíochta na hinstitiúide agus údarás leordhóthanach ag gabháil leis arna tharmligean ag an gcomhlacht bainistíochta chun críoch samhlacha inmheánacha;

(b) go bhfuil beartais bunaithe ag an institiúid lena n-áirithítear caighdeáin ardcháilíochta maidir le doiciméadacht inmheánach, lena n-áirítear cuntasacht inmheánach chun a áirithiú go mbeidh an doiciméadacht lena mbaineann iomlán, comhsheasmhach, cruinn, cothrom le dáta, formheasta i gcomhréir le pointe (a) agus slán;

(c) go ndéantar foráil leis an doiciméadacht a leagtar amach sna beartais dá dtagraítear i bpointe (b) maidir leis an gcineál doiciméid, an t-údar, an t-athbhreithneoir, an gníomhaire údaraithe, an t-úinéir, na dátaí forbartha agus formheasa, an uimhir leagain, agus stair na leasuithe a shainaithint;

(d) go ndéanann an institiúid doiciméadú cruinn dícheallach ar na beartais, na nósanna imeachta, agus na modheolaíochtaí a chuireann sí i bhfeidhm de bhun an Rialacháin seo;

(e) go bhfuil mionsonraí leordhóthanacha sa doiciméadacht lena mbaineann chun go mbeidh tríú páirtithe cáilithe in ann tuiscint a fháil ar gach gné den tsamhail tomhais riosca inmheánach.

Airteagal 4

Seachfhoinsiú

1. Fíoróidh na húdaráis inniúla nach cosc ná bac ar chur i bhfeidhm na modheolaíochta measúnaithe a leagtar amach sa Rialachán seo é an seachfhoinsiú a dhéanann institiúid ar aon chúram, aon ghníomhaíocht nó aon fheidhm a bhaineann le dearadh, cur chun feidhme agus bailíochtú na samhlacha inmheánacha.

2. Chun críocha mhír 1, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) ní dhéantar cúraimí agus freagrachtaí a fhorchoimeádtar don aonad rialaithe riosca a sheachfhoinsiú;

(b) tá baint ghníomhach ag an ardbhainistíocht agus ag an gcomhlacht bainistíochta le maoirseacht a dhéanamh ar aon chúram a ndéanann an institiúid seachfhoinsiú air, agus le haon réiteach le haghaidh uirlisí TF um bainistíocht riosca a fháil ó thríú páirtithe;

(c) tá eolas leormhaith ag an institiúid féin maidir le haon chúram, aon ghníomhaíocht nó aon fheidhm a sheachfhoinsítear agus maidir le struchtúr sonraí ar bith agus modheolaíochtaí a fhaightear ó thríú páirtí, agus tá sí in ann cáilíocht na hoibre a dhéanann an tríú páirtí a seachfhoinsíonn sí a cúraimí chuige, chomh maith le torthaí na hoibre sin, a fhíorú;

(d) níl an t-iniúchadh inmheánach ná an faireachán leanúnach a dhéanann an institiúid ar aon chúram, aon ghníomhaíocht agus aon fheidhm a sheachfhoinsítear teoranta ná coiscthe mar gheall ar an seachfhoinsiú sin;

(e) deonaítear rochtain iomlán do na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis ábhartha uile.

3. I gcás tríú páirtithe a bhfuil baint acu le forbairt na modheolaíochtaí measúnaithe riosca margaidh a úsáideann an institiúid, fíoróidh na húdaráis inniúla nach bhfuil baint acu leis an mbailíochtú tosaigh ná leis an mbailíochtú inmheánach leanúnach a dhéanann an institiúid ar an tsamhail.

4. Chun críocha mhíreanna 1, 2 agus 3, déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú ar an gcomhaontú seachfhoinsithe idir an institiúid agus an tríú páirtí. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

(a) agallamh a chur ar aon cheann de na páirtithe seo a leanas nó a cheangal orthu ráitis i scríbhinn a chur isteach:

(i) foireann agus ardbhainistíocht na hinstitiúide;

(ii) comhlacht bainistíochta na hinstitiúide;

(iii) an tríú páirtí ar seachfhoinsíodh an cúram, an ghníomhaíocht nó an fheidhm chuige;

(b) athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid ábhartha eile de chuid na hinstitiúide nó an tríú páirtí.

CAIBIDIL 2

MEASÚNÚ AR CHEANGLAIS CHÁILÍOCHTÚLA

Airteagal 5

Forléargas ar an measúnú ar cheanglais cháilíochtúla

Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide leis na ceanglais cháilíochtúla a leagtar amach in Airteagal 325bi de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil struchtúr eagraíochtúil soiléir ag an institiúid le haghaidh rialachas agus bainistíocht ar an tsamhail riosca margaidh, lena n-áirítear línte freagrachta dea-shainithe trédhearcacha iomchuí;

(b) a fhíorú cé acu a bhunaítear nó nach mbunaítear go soiléir i ndoiciméadacht inmheánach na hinstitiúide próiseas cinnteoireachta na hinstitiúide i ndáil le gnéithe uile na samhlacha inmheánacha maidir le riosca margaidh;

(c) fíoróidh siad, i gcomhréir le hAirteagal 6:

(i) leordhóthanacht chomhdhéanamh na hardbhainistíochta agus an chomhlachta bainistíochta;

(ii) ról na hardbhainistíochta agus an chomhlachta bainistíochta;

(d) a fhíorú, i gcomhréir le hAirteagal 7, cé acu atá socrú na ndeasc trádála a bhfuil an formheas á dheonú don institiúid ina leith, nó a bhfuil a bhformheas faighte aici cheana, leordhóthanach nó nach bhfuil;

(e) measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 8, ar rialachas inmheánach agus formhaoirseacht na hinstitiúide i ndáil leis an aonad rialaithe riosca;

(f) measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 9, ar cé acu atá nó nach bhfuil an beartas inmheánach leordhóthanach chun táirgí nua a thabhairt isteach;

(g) a fhíorú, i gcomhréir le hAirteagal 10, cé acu a dhéantar nó nach ndéantar athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail inmheánach;

(h) measúnú a dhéanamh:

(i) i gcomhréir le hAirteagal 11, ar leordhóthanacht an phróisis bailíochtaithe inmheánaigh agus ar a thoradh;

(ii) i gcomhréir le hAirteagal 12, ar leordhóthanacht raon feidhme an bhailíochtaithe agus ar a iomláine;

(i) measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 13, ar leordhóthanacht an tuairiscithe thráthrialta inmheánaigh;

(j) measúnú a dhéanamh:

(i) i gcomhréir le hAirteagal 14, ar leordhóthanacht teorainneacha suímh;

(ii) i gcomhréir le hAirteagal 15, ar leordhóthanacht an phróisis chun na teorainneacha sin a thabhairt cothrom le dáta;

(iii) i gcomhréir le hAirteagal 16, ar leordhóthanacht an phróisis a leanfar i gcás ina sárófar na teorainneacha sin;

(k) measúnú a dhéanamh:

(i) i gcomhréir le hAirteagal 17, ar leordhóthanacht an chláir tástála struis;

(ii) i gcomhréir le hAirteagal 18, ar leordhóthanacht cásanna tástála struis droim ar ais agus cásanna tástála struis *ad hoc*;

(l) measúnú a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 19, ar leordhóthanacht chórais TF;

(m) a fhíorú, i gcomhréir le hAirteagal 20, cé acu atá nó nach bhfuil cuntas teiste cruthaithe ag an tsamhail tomhais riosca inmheánach, lena n-áirítear aon samhail phraghsála, maidir le cruinneas réasúnta a tomhais ar rioscaí, agus nach bhfuil difear mór idir í agus na samhlacha a úsáideann an institiúid le haghaidh a bainistíochta riosca inmheánaí.

Chun críocha phointe (a), déanfaidh na húdaráis inniúla cineál agus méid na hinstitiúide, agus scála agus castacht a gníomhaíochtaí, a chur san áireamh.

Airteagal 6

Measúnú ar leordhóthanacht chomhdhéanamh agus ról an chomhlachta bainistíochta agus na hardbhainistíochta

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht chomhdhéanamh agus ról na hardbhainistíochta agus an chomhlachta bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu a thugann nó nach dtugann an institiúid tuairisc, ina doiciméadacht ar an gcóras bainistithe riosca, ar an méid seo a leanas:

(i) comhdhéanamh, róil agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta agus na hardbhainistíochta;

(ii) róil agus freagrachtaí gach comhalta den chomhlacht bainistíochta agus den ardbhainistíocht;

(b) a fhíorú cé acu a chuimsítear nó nach gcuimsítear leis an ardbhainistíocht comhaltaí a dhéanann ionadaíocht ar na leibhéil ordlathais is airde faoin gcomhlacht bainistíochta, agus cé acu atá nó nach bhfuil freagracht shainithe aici as feidhmiú cuí na samhla inmheánaí maidir le riosca margaidh;

(c) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil comhdhéanamh aon struchtúir coistí inmheánacha arna bhunú ag an gcomhlacht bainistíochta chun tacú lena chinnteoireacht leordhóthanach, mar a cheanglaítear le mír 2;

(d) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil ról na hardbhainistíochta leordhóthanach, mar a cheanglaítear le mír 3;

(e) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil ról an chomhlachta bainistíochta, agus ról na gcoistí arb é atá iontu an struchtúr coistí inmheánacha dá dtagraítear i bpointe (c), leordhóthanach mar a cheanglaítear le mír 4.

I gcás ina ndéanfaidh comhlacht bainistíochta institiúide aon cheann dá chúraimí a tharmligean chuig coiste inmheánach, déanfaidh na húdaráis inniúla, i gcomhthéacs na gcúraimí tarmligthe sin, na measúnuithe a cheanglaítear leis an Rialachán seo ar leibhéal an choiste inmheánaigh arna ainmniú ag an gcomhlacht bainistíochta.

2. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (c), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) i gcás gach coiste den struchtúr coistí inmheánacha, tá leagtha amach go soiléir ag an gcomhlacht bainistíochta a shainordú, a ordlathas, a línte tuairiscithe, a chomhaltaí buana, minicíocht a chruinnithe agus a leibhéil freagrachta;

(b) sa struchtúr coistí inmheánacha tá coiste a dhéanann measúnú ar aon táirge nua, a mholann na táirgí sin don ardbhainistíocht lena bhformheas agus a dhéanann faireachán ar na táirgí sin agus ar cé acu atá nó nach bhfuil ionadaíocht ar choiste den sórt sin ag an aonad rialaithe riosca, agus ag aon fheidhm eile de chuid na hinstitiúide dá ndéanann tabhairt isteach táirge nua difear;

(c) tugann an rialachas atá mar bhonn taca faoin struchtúr coistí inmheánacha caoi don rialú éifeachtach tráthúil ar gach teorainn suímh inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(d) áirithíonn an rialachas atá mar bhonn taca faoin struchtúr coistí inmheánacha go bhfuil baint ghníomhach ag an gcomhlacht bainistíochta sa phróiseas rialaithe riosca mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(e) mar chuid den doiciméadacht inmheánach, rinne an institiúid doiciméadú ar na gnéithe uile dá dtagraítear i bpointe (a).

3. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (d), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) déanann ardbhainistíocht na hinstitiúide bearta ceartaitheacha iomchuí i gcás ina sainaithneoidh aon cheann de na páirtithe seo a leanas laigí sa tsamhail tomhais riosca inmheánach nó sa tsamhail inmheánach maidir leis an riosca mainneachtana:

  (i) an t-aonad rialaithe riosca;

  (ii) na páirtithe cáilithe a gcuirtear bailíochtú na samhla inmheánaí de chúram orthu (‘feidhm an bhailíochtaithe’);

  (iii) feidhm an iniúchta inmheánaigh;

  (iv) aon fheidhm rialaithe eile de chuid na hinstitiúide;

(b) cuirtear ardbhainistíocht na hinstitiúide ar an eolas, agus déanann sí bearta leantacha, maidir leis na moltaí a dhéanann an t-iniúchadh inmheánach, an t-aonad rialaithe riosca agus feidhm an bhailíochtaithe i ndáil leis an tsamhail tomhais riosca inmheánach nó an tsamhail inmheánach maidir leis an riosca mainneachtana;

(c) tá ardbhainistíocht na hinstitiúide in ann cáilíocht fhoriomlán rialachas na hinstitiúide ar luacháil na suíomhanna a áirítear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach nó sa tsamhail inmheánach maidir leis an riosca mainneachtana a áirithiú.

4. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (e), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an gcomhlacht bainistíochta:

(a) ar bhonn togra ón aonad rialaithe riosca, formheasann sé na beartais ábhartha agus na nósanna imeachta uile a bhaineann le cur chun feidhme na samhla inmheánaí, lena n-áirítear an struchtúr eagraíochtúil iomchuí, chun a áirithiú go gcuirtear an tsamhail inmheánach chun feidhme ina hiomláine;

(b) ar bhonn togra ón aonad rialaithe riosca agus tar éis breithniú cuí a dhéanamh ar na conclúidí agus na moltaí a leanann as an bpróiseas bailíochtaithe, formheasann sé na modheolaíochtaí maidir le measúnú a dhéanamh ar riosca margaidh a chuirtear i bhfeidhm sa tsamhail inmheánach;

(c) ar bhonn measúnú ón aonad rialaithe riosca agus tar éis breithniú cuí a dhéanamh ar na conclúidí agus na moltaí a leanann as an bpróiseas bailíochtaithe, formheasann sé aon táirge nua;

(d) ar bhonn togra ón aonad rialaithe riosca, formheasann sé na teorainneacha suímh inmheánacha agus tugann cothrom le dáta iad;

(e) ar bhonn togra ón aonad rialaithe riosca, lena leagtar síos an leibhéal riosca is inghlactha agus lena ndéantar measúnú air, formheasann sé an leibhéal riosca is inghlactha, an leithdháileadh caipitil inmheánach agus an buiséad de réir deasc thrádála;

(f) glacann sé an nós imeachta formheasa um sháruithe ar theorainneacha suímh inmheánacha;

(g) formheasann nó ceanglaíonn sé bearta ceartaitheacha i ndáil le sáruithe ar na teorainneacha suímh inmheánacha arna ngéarú ag an aonad rialaithe riosca i gcomhréir le hAirteagal 16(1), pointe (b);

(h) ar bhonn togra ón aonad rialaithe riosca:

(i) formheasann sé an clár tástála struis;

(ii) pléann sé torthaí na dtástálacha struis;

(iii) déanann sé measúnú ar ghníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh, agus i gcás inar gá, déanann sé bearta ceartaitheacha.

Airteagal 7

Measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann deasca trádála Airteagal 104b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann deasca trádála Airteagal 104b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) athbhreithniú ar an straitéis ghnó dá dtagraítear in Airteagal 104b den Rialachán sin mar a dhoiciméadaítear i mbeartais inmheánacha na hinstitiúide faoi Airteagal 325bi(1), pointe (e), den Rialachán, agus a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) tugann beartais inmheánacha tuairisc shoiléir ar réasúnaíocht eacnamaíoch na straitéise gnó, lena n-áirítear a príomhghníomhaíochtaí, trádáil agus straitéisí fálúcháin;

(ii) tugann beartais inmheánacha tuairisc ar na gnéithe de na hionstraimí airgeadais agus na tráchtearraí a thrádálann an deasc thrádála, agus tá liosta cuimsitheach de na hionstraimí airgeadais agus na tráchtearraí sin iontu a thugtar cothrom le dáta go tráthrialta;

(iii) cuireann an institiúid i dtábhacht ina beartais inmheánacha cé na hionstraimí is minice a thrádáiltear agus is mó a rannchuidíonn leis an leibhéal riosca is inghlactha don deasc thrádála;

(iv) tugann beartais inmheánacha tuairisc ar na cineálacha fachtóirí riosca ar cuid dhílis iad de na hionstraimí airgeadais agus na tráchtearraí dá dtagraítear i bpointe (ii);

(v) tugann beartais inmheánacha tuairisc shoiléir ar conas a fhálaítear na hionstraimí agus na tráchtearraí dá dtagraítear i bpointe (ii), cad iad na sciorrthaí agus na neamhréireanna fáluithe a bhfuil coinne leo, agus cad í an tréimhse shealbhaíochta a bhfuil coinne léi i gcás na suíomhanna sa deasc thrádála;

(vi) tá straitéisí gnó na ndeasc trádála sainiúil, mar a cheanglaítear le hAirteagal 104b(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) príomh-shaintréithe na ndeasc trádála i dtéarmaí straitéise gnó, lena n-áirítear príomhghníomhaíochtaí, trádáil agus straitéisí fálúcháin, a shainaithint;

(2) a fhíorú go bhfuil difríocht thábhachtach ó dheasc thrádála go chéile idir na príomh-shaintréithe dá dtagraítear i bpointe (1);

(b) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil idirbhearta idir deasca trádála comhsheasmhach le straitéisí gnó na ndeasc trádála sin agus nach ndéantar na hidirbhearta sin chun:

(i) na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a laghdú;

(ii) na ceanglais sannta brabúis agus caillteanais a chomhlíonadh;

(iii) na ceanglais chúltástála a chomhlíonadh;

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr eagraíochtúil dá dtagraítear in Airteagal 104b(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus sa phlean gnó bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 104b(2), pointe (e), den Rialachán sin, mar a dhoiciméadaítear i mbeartais inmheánacha na hinstitiúide faoi Airteagal 325bi(1), pointe (e), den Rialachán sin;

(d) a fhíorú, maidir le gach deasc thrádála, cibé acu príomhdhéileálaí amháin nó beirt phríomhdhéileálaithe atá sainaitheanta ag an institiúid, agus i gcás inar ceapadh beirt phríomhdhéileálaithe, go bhfuil róil, freagrachtaí agus údaráis acu atá deighilte go soiléir ó chéile, nó go bhfuil formhaoirseacht deiridh ag ceann amháin ar an gceann eile;

(e) athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 104b(2), pointí (d) agus (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na gnéithe uile dá dtagraítear sna pointí sin;

(f) a fhíorú cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid doiciméadú cuí ar chásanna ina sanntar déileálaí do níos mó ná deasc thrádála amháin, agus cé acu a thugann nó nach dtugann sí údar cuí leis na cásanna sin, dá dtagraítear in Airteagal 104b(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus, chun na críche sin:

(i) athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagracht an déileálaí sin i gcomhthéacs na ndeasc trádála dar sannadh é;

(ii) a fhíorú an amhlaidh nach dtagann na cúraimí a dhéanann an déileálaí i ndeasc thrádála amháin de réir straitéis ghnó na deisce trádála sin salach ar na cúraimí a dhéanann an déileálaí le haghaidh na ndeasc trádála eile, nó cé acu a chruthaíonn nó nach gcruthaíonn na chéad chúraimí sin coinbhleacht leis na cúraimí deireanacha;

(g) a fhíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an réasúnaíocht maidir le cuimsiú na ndeasc trádála i raon feidhme chur chuige malartach na samhlacha inmheánacha gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) déantar doiciméadú ar an réasúnaíocht sna beartais inmheánacha mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(ii) áirithíonn an réasúnaíocht comhsheasmhacht sa chur chuige a úsáidtear chun na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh i measc deasca trádála a dhéanann bainistíocht ar shuíomhanna comhchosúla;

(iii) tá an réasúnaíocht comhsheasmhach le straitéis ghnó na ndeasc trádála dá dtagraítear in Airteagal 104b(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(h) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil i gceist leis an straitéis ghnó go ndéantar 10 % ar a laghad de na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh i gcomhréir le cur chuige na samhlacha inmheánacha.

Chun críocha phointe (a)(i), fíoróidh na húdaráis inniúla an sonraíonn an straitéis ghnó an méid gníomhaíochtaí trádála atá faoi thionchar custaiméirí, agus cibé acu tionscnamh agus struchtúrú trádála, nó feidhmiú seirbhísí, nó an dá rud, atá i gceist leis an straitéis ghnó.

Chun críocha phointe (b), féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid, i gcás inarb iomchuí, sampla a sholáthar d'idirbhearta idir deasca trádála, lena n-áirítear idir deasca trádála a ríomhann an institiúid na ceanglais cistí dílse ina leith trí chur chuige na samhlacha inmheánacha agus deasca trádála a n-úsáideann an institiúid an cur chuige caighdeánaithe ina leith.

Airteagal 8

Measúnú ar rialachas inmheánach agus formhaoirseacht na hinstitiúide i ndáil leis an aonad rialaithe riosca

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar rialachas inmheánach agus formhaoirseacht na hinstitiúide i ndáil leis an aonad rialaithe riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an aonad rialaithe riosca sin:

(a) tá sé go hiomlán ar leithligh agus neamhspleách ar an bpearsanra agus na feidhmeanna bainistíochta atá freagrach as na réimsí gnó trádála;

(b) déantar ionadaíocht chuí air i gcomhlachtaí cinnteoireachta na hinstitiúide agus tá baint aige leis an bpróiseas cinnteoireachta i gcás ina bhfuil aon cheann de na saincheisteanna seo a leanas ar an gclár oibre:

(i) modheolaíochtaí nua chun measúnú a dhéanamh ar riosca margaidh agus aon athrú ar mhodheolaíochtaí atá ann cheana a fhormheas;

(ii) bunú deisce trádála a fhormheas;

(iii) tuarascálacha agus fardail faoi shainchúram an aonaid rialaithe riosca a fhormheas nó a thabhairt cothrom le dáta;

(iv) an leibhéal riosca is inghlactha a shocrú;

(v) an struchtúr teorainneacha inmheánacha a shocrú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta;

(vi) sáruithe ar theorainneacha a fhormheas;

(vii) táirgí nua nó línte nua gnó a fhormheas;

(viii) samhlacha praghsála a úsáidtear chun críocha riosca a fhormheas;

(ix) cláir tástála struis a fhormheas;

(x) córais bhonneagar TF a bhaineann le huirlisí bainistíochta riosca a fhormheas;

(c) tá sé leordhóthanach agus iomchuí do mhéid na hinstitiúide agus do rioscaí an ghnó, agus tá na hacmhainní is gá aige chun a chúraimí a dhéanamh go héifeachtach;

(d) tá foireann cháilithe oilte aige a bhfuil taithí leordhóthanach aici chun na gníomhaíochtaí ábhartha uile a dhéanamh chun bainistíocht riosca éifeachtach a dhéanamh ar an tsamhail inmheánach agus chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aonad eile, go háirithe na haonaid ghnó trádála, agus agóid a dhéanamh ina gcoinne;

(e) tá sé freagrach as toradh na ríomhanna bunaithe ar an tsamhail tomhais riosca inmheánach agus ar an tsamhail inmheánach maidir leis an riosca mainneachtana.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (a), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) tá an t-aonad rialaithe riosca comhdhéanta de cheann amháin nó níos mó de struchtúir eagraíochtúla ar leithligh i gcairt eagrúcháin na hinstitiúide;

(b) is ardbhainisteoirí de chuid na hinstitiúide iad cinn an aonaid nó na n-aonad rialaithe riosca;

(c) níl an fhoireann ná an ardbhainistíocht atá freagrach as an aonad rialaithe riosca freagrach as aon ghníomhaíocht gnó trádála;

(d) tá línte tuairiscithe difriúla chuig comhlacht bainistíochta na hinstitiúide ag ardbhainisteoirí an aonaid rialaithe riosca agus iad siúd atá freagrach as réimsí gnó;

(e) níl luach saothair athraitheach na foirne agus na hardbhainistíochta atá freagrach as an aonad rialaithe riosca nasctha le feidhmíocht na gcúraimí a bhaineann le réimsí gnó trádála faoina maoirseacht ar bhealach a chuireann bac nó a chuireann isteach ar a neamhspleáchas.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (b), cuirfidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas san áireamh:

(a) tuairim dhoiciméadaithe an aonaid rialaithe riosca i gcás ina ndéanfaidh an comhlacht bainistíochta nó an coiste ábhartha den struchtúr coistí inmheánacha plé ar aon cheann de na saincheisteanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (b);

(b) miontuairiscí chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó miontuairiscí an choiste ábhartha den struchtúr coistí inmheánacha, agus na pointí gníomhaíochta a léirítear iontu;

(c) tuarascálacha an aonaid rialaithe riosca maidir le teorainneacha suímh inmheánacha, agus aon chinneadh maidir le sáruithe ar theorainneacha;

(d) faisnéis arna soláthar ag foireann agus ardbhainistíocht na hinstitiúide, i gcás inarb iomchuí.

Chun críocha phointe (b), déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar a mhéid a bhíonn baint ag an aonad rialaithe riosca leis an bplé a dhéanann comhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó an coiste ábhartha den struchtúr coistí inmheánacha ar aon cheann de na saincheisteanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (b). Sainaithneoidh na húdaráis inniúla cásanna ina bhfuil tuairim an aonaid rialaithe riosca éagsúil leis an gcinneadh críochnaitheach a dhéanann an comhlacht bainistíochta nó an coiste ábhartha den struchtúr coistí inmheánacha.

Airteagal 9

Measúnú ar an mbeartas maidir le táirgí nua

Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na beartais inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 leordhóthanach chun aon táirge nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear ionstraimí nua airgeadais, gníomhaíochtaí nua, margaí nua, suíomhanna nua breactha nó línte nua gnó, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) rinne an t-aonad rialaithe riosca doiciméadú ar bheartas maidir le táirgí nua agus d'fhormheas an comhlacht bainistíochta an beartas sin, lena n-áirítear sainmhíniú ar 'tháirge nua';

(b) sa struchtúr coistí inmheánacha tá coiste ('coiste um tháirgí nua') a dhéanann measúnú, rialú agus faireachán ar na saincheisteanna uile a eascraíonn as táirgí nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha:

(i) measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht rialála;

(ii) athbhreithniú a dhéanamh ar aon samhail phraghsála a úsáidtear chun críoch riosca;

(iii) na paraiméadair mhargaidh atá le húsáid chun críoch calabraithe, an chaoi a bhfuil an calabrú le déanamh agus a mhinice a thabharfar an calabrú cothrom le dáta a shonrú;

(iv) aon mhodheolaíocht nua a thabhairt isteach chun measúnú a dhéanamh ar riosca margaidh;

(v) measúnú a dhéanamh ar na tionchair ar an leibhéal riosca is inghlactha, ar leordhóthanacht caipitil agus ar bhrabúsacht;

(vi) a áirithiú go bhfuil acmhainní oifige tosaigh, cúloifige agus lároifige agus uirlisí inmheánacha agus saineolas ar fáil lenar féidir tuiscint a fháil ar aon riosca nua bainteach agus faireachán a dhéanamh orthu;

(vii) na srianta i dtéarmaí aibíochtaí, sócmhainní foluiteacha, contrapháirtithe agus teorainneacha inmheánacha ar an táirge nua sin a shonrú agus a mholadh don chomhlacht bainistíochta;

(viii) measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na scéimeanna cuntasaíochta agus a áirithiú go dtugann an tuairisciú inmheánach léiriú iomchuí ar na rioscaí foluiteacha;

(c) údaraíonn an comhlacht bainistíochta, bunaithe ar mheasúnú arna dhéanamh ag an gcoiste um tháirgí nua, trádáil táirgí nua;

(d) i gcás ina dtarmligfidh an comhlacht bainistíochta an cúram údarúcháin chuig an gcoiste um tháirgí nua:

(i) méid an táirge nua a cheadaítear, tá sé sriantach a dhóthain chun aon chaillteanas ábhartha a eascraíonn as táirgí nua den sórt sin a chosc, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tréimhsí trialach níos giorra le haghaidh táirgí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (c);

(ii) déantar an t-údarú a tharmligean ar leithligh i gcás gach cineál táirge nua agus ar feadh tréimhse theoranta ama i gcónaí, nach faide ná 6 mhí;

(iii) má athnuann an comhlacht bainistíochta an t-údarú, ní athnuann sé ach uair amháin é;

(iv) tar éis tréimhse 1 bhliain amháin, tugtar aghaidh ar na saincheisteanna ábhartha uile dá dtagraítear i bpointe (b), nó ní cheadaítear aon trádáil bhreise sa táirge nua sin;

(e) in éagmais formheas sonrach ón gcoiste um tháirgí nua, ní údaraítear do na réimsí gnó táirgí nua a thrádáil sula dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna dá dtagraítear i bpointe (b);

(f) sna cásanna sonracha ina gceadaítear do thrádálaithe táirgí nua nach gcomhlíonann pointe (b) a thrádáil, formheasann an coiste um tháirgí nua na hidirbhearta ar bhonn aonair agus laistigh de na teorainneacha dá dtagraítear i bpointe (d)(i);

(g) tagann an coiste um tháirgí nua le chéile minic a dhóthain chun meastóireacht agus formheas a dhéanamh ar aon idirbheart i ndáil le táirge nua agus chun faireachán a dhéanamh ar na saincheisteanna uile dá dtagraítear in bpointe (b) a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na hidirbhearta sin;

(h) déantar faireachán ar idirbhearta ar bhonn aonair go dtí go dtugtar aghaidh go hiomlán ar na saincheisteanna uile dá dtagraítear i bpointe (b) agus, bunaithe ar mheasúnú arna dhéanamh ag an gcoiste um tháirgí nua, go dtí go ndeimhníonn an comhlacht bainistíochta gur ionchorpraíodh na hidirbhearta ina n-iomláine isteach i ngach córas TF ábhartha agus go rialaítear iad tríd an ngnáthchóras bainistithe riosca;

(i) déantar gach táirge nua, gan beann ar a mhéid atá sé ionchorpraithe i gcórais TF, a ríomh sa tsamhail tomhais riosca inmheánach agus sna hathruithe laethúla ar luach na punainne a úsáidtear chun críoch cúltástála agus tástála sannta brabúis agus caillteanais araon.

Airteagal 10

Athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail tomhais riosca inmheánach

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar an athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail tomhais riosca inmheánach i gcomhréir le hAirteagal 325bi(1), pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) tá an t-athbhreithneoir neamhspleách;

(b) tá na hacmhainní a shanntar don athbhreithniú iomchuí;

(c) tá an próiseas atá bunaithe laistigh den institiúid leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an athbhreithneora;

(d) déanann an t-athbhreithneoir athbhreithniú ar na samhlacha inmheánacha tomhais riosca ar bhonn bliantúil ar a laghad, agus áiríonn sé conclúidí an athbhreithnithe sin i dtuarascáil a chuirtear faoi bhráid na hardbhainistíochta agus an chomhlachta bainistíochta;

(e) leis an tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (d), soláthraítear faisnéis leordhóthanach d'ardbhainistíocht agus do chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide maidir leis na heilimintí uile dá dtagraítear in Airteagal 325bi(2) agus Airteagal 325bp(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus sainaithnítear na réimsí sa phlean oibre bliantúil inar gá anailís níos mionsonraithe a dhéanamh ar chomhlíontacht na n-eilimintí sin;

(f) tá an t-athbhreithniú leordhóthanach, comhréireach le méid agus castacht na bpunann lena mbaineann, agus éifeachtach chun easnaimh a shainaithint.

2. Chun críocha mhír 1, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) tá an t-athbhreithniú comhréireach le cineál, méid agus castacht ghnó agus struchtúr eagraíochtúil na hinstitiúide, agus go háirithe le castacht na samhlacha inmheánacha agus lena gcur chun feidhme;

(b) tá acmhainní leordhóthanacha ag an athbhreithneoir chun na gníomhaíochtaí ábhartha uile a dhéanamh, agus tá foireann cháilithe aige a bhfuil taithí leordhóthanach aici;

(c) níl baint, ná ní raibh baint, ag an athbhreithneoir le haon ghné de dhearadh ná cur chun feidhme na samhla inmheánaí atá faoi réir athbhreithniú;

(d) tá an t-athbhreithneoir neamhspleách ar an bhfoireann agus ar an bhfeidhm bhainistíochta atá freagrach as na haonaid ghnó agus rialaithe riosca;

(e) níl luach saothair athraitheach na foirne agus na bainistíochta atá freagrach as an athbhreithniú nasctha le feidhmíocht na gcúraimí a bhaineann le réimsí gnó trádála na hinstitiúide ar bhealach a chuireann bac nó a chuireann isteach ar a neamhspleáchas.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla scrúdú ar na tuarascálacha is déanaí agus ar thuarascálacha ábhartha eile a thugann an t-athbhreithneoir ar aird agus fíoróidh siad go bhfuil leigheas na saincheisteanna a shainaithnítear sna tuarascálacha sin ábhartha, ag baint le hábhar, agus inchreidte.

Airteagal 11

Measúnú ar bhailíochtú aon samhla tomhais riosca inmheánaí, agus ar thoradh an bhailíochtaithe sin

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil bailíochtú leordhóthanach déanta ar aon samhail tomhais riosca inmheánach, dá dtagraítear in Airteagal 325bj de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) déantar an próiseas bailíochtaithe le foireann nach bhfuil baint aici, ná nach raibh baint aici, ar bhealach ar bith le forbairt na samhla inmheánaí atá faoi réir bailíochtú;

(b) déantar an próiseas bailíochtaithe le hacmhainní leordhóthanacha, lena n-áirítear foireann cháilithe a bhfuil taithí aici;

(c) níl luach saothair athraitheach na foirne agus na n-ardbhainisteoirí atá freagrach as an bpróiseas bailíochtaithe ag brath ar fheidhmíocht na gcúraimí a bhaineann le réimsí gnó nó rialaithe riosca na hinstitiúide ar bhealach a chuireann bac nó a chuireann isteach ar a neamhspleáchas;

(d) tugtar léiriú sa tuarascáil bailíochtaithe dá dtagraítear i mír 2 ar na bearta ceartaitheacha riachtanacha uile a leanann as an bpróiseas bailíochtaithe, agus cuirtear chun feidhme go tráthúil iad;

(e) tá próiseas cinnteoireachta i bhfeidhm chun a áirithiú go gcuireann ardbhainistíocht na hinstitiúide na torthaí agus na moltaí a leanann as an bpróiseas bailíochtaithe san áireamh;

(f) déanann an t-athbhreithneoir dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (a), measúnú tráthrialta ar chomhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointí (e) agus (f).

2. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar thoradh an phróisis bailíochtaithe, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu a áirítear nó nach n-áirítear moltaí, torthaí agus conclúidí an phróisis bailíochtaithe i dtuarascáil bailíochtaithe lena sainaithnítear an méid seo a leanas agus lena dtugtar tuairisc air:

(i) modheolaíocht an bhailíochtaithe;

(ii) na tástálacha a dhéantar;

(iii) an tacar sonraí tagartha a úsáidtear;

(iv) na próisis glanta sonraí faoi seach;

(b) a fhíorú cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear conclúidí, torthaí agus moltaí na tuarascála bailíochtaithe in iúl go díreach do chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide, agus cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an comhlacht bainistíochta breithniú orthu, sula bhformheasann an comhlacht bainistíochta sin samhail atá le cur i bhfeidhm chun ceanglais cistí dílse a ríomh agus sula gcuirtear aon athrú ar na modheolaíochtaí ina dhiaidh sin i bhfeidhm;

(c) a fhíorú cé acu a dhéantar nó nach ndéantar doiciméadú ar aon bheart ceartaitheach atá beartaithe ag feidhmeanna an bhailíochtaithe sa tuarascáil bailíochtaithe agus cé acu a ghabhann nó nach ngabhann amlíne léi atá leordhóthanach chun na heasnaimh shainaitheanta a leigheas;

(d) a fhíorú cé acu a áirítear nó nach n-áirítear próiseas maidir le géarú i mbeartais inmheánacha na hinstitiúide i gcás na mbeart ceartaitheach sin atá thar téarma, agus, bunaithe ar fhianaise roimhe sin, cé acu a leantar nó nach leantar an próiseas sin;

(e) measúnú a dhéanamh ar cháilíocht fhoriomlán thoradh an phróisis bailíochtaithe trí na heasnaimh a shainaithnítear sa mheasúnú ar an tsamhail inmheánach i gcomhréir leis an Rialachán seo a chur i gcomparáid leis na heasnaimh a shainaithníonn an t-aonad bailíochtaithe sa phróiseas bailíochtaithe.

Airteagal 12

Measúnú ar leordhóthanacht raon feidhme agus iomláine an bhailíochtaithe inmheánaigh

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil raon feidhme an bhailíochtaithe inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bj de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 leordhóthanach, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an mbailíochtú inmheánach:

(a) athbhreithnítear go criticiúil leis gach gné de na modheolaíochtaí agus na feidhmeanna praghsála a úsáidtear chun críoch caipitil, lena n-áirítear iad siúd a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí nua, agus cuirtear láidreachtaí agus laigí san áireamh leis dá réir sin i gcomparáid le haon mhodheolaíocht mhalartach;

(b) fíoraítear leis:

(i) an rogha sonraí margaidh;

(ii) mapáil fachtóirí riosca chuig tréimhse leachtachta ionchasach ábhartha;

(iii) mapáil breathnóireachta fíorphraghsanna chuig fachtóir riosca nó buicéad ar a mbreithnítear í a bheith ionadaíoch;

(iv) na cineálacha cur chuige ionadúcháin a úsáidtear;

(c) fíoraítear leis cé acu atá nó nach bhfuil údar maith leis na toimhdí dáileacháin agus le haon toimhde agus paraiméadar stocastach ábhartha eile de chuid na bpróiseas stocastach foluiteach, lena n-áirítear toimhdí luaineachta agus comhghaolúcháin, lena n-áirítear maidir leis an méid seo a leanas:

(i) taobhanna na ndáileachán atá ábhartha do ríomh na mbeart riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(ii) an beart riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(d) déantar measúnú leis ar fhóntacht aon chomhghaolaithe eimpírigh a úsáidtear laistigh de na catagóirí fachtóra riosca leathana agus ó chatagóir go chéile chun an beart easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bh(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a ríomh;

(e) déantar measúnú leis ar na toimhdí comhghaolúcháin a dhéantar i ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana, lena n-áirítear:

(i) rogha na copaile ábhartha, i gcás ina samhaltaítear go sainráite í;

(ii) rogha agus ualúcháin na bhfachtóirí riosca córasacha dá dtagraítear in Airteagal 325bp de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(iii) cumas na samhla braislí mainneachtana a mhíniú;

(f) déantar measúnú leis ar na toimhdí a dhéantar chun meastacháin a fháil ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana chun ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana a ríomh;

(g) déantar measúnú leis ar na toimhdí a dhéantar i ndáil le samhaltú fáluithe i ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 325bo de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(h) déantar anailís leis ar thorthaí an chláir tástála struis, lena n-áirítear na torthaí a bhaineann le riosca mainneachtana, agus baintear aon chonclúid ábhartha astu leis, más ann dóibh, maidir le fabhtanna modheolaíochta nó laigí a eascraíonn as cásanna margaidh ar leith;

(i) is leis a chuirtear i bhfeidhm na torthaí a fhaightear le haghaidh na bpunann hipitéiseach dá dtagraítear in Airteagal 325bj(3), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus a ndéantar anailís orthu chun a áirithiú gur féidir leis an tsamhail inmheánach gnéithe struchtúracha a chur san áireamh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an méid seo a leanas:

(i) rioscaí boinn idir cuair thoraidh éagsúla;

(ii) gluaiseachtaí nach bhfuil comhghaolaithe ar bhealach iomlán foirfe idir suíomhanna atá comhchosúil ach nach bhfuil comhionann;

(iii) riosca boinn a bhaineann le hainm agus bonn a eascraíonn as suíomhanna creidmheasa nó cothromais atá comhchosúil ach nach bhfuil comhionann;

(iv) riosca comhchruinnithe;

(j) fíoraítear leis stóinseacht chur chun feidhme na samhla tomhais riosca inmheánaí i gcórais TF, agus áirithítear leis go gcuireann na haonaid ghnó agus tacaíochta uile na modheolaíochtaí i bhfeidhm go comhsheasmhach agus le haghaidh na réimsí geografacha ábhartha uile;

(k) fíoraítear leis iomchuibheas agus ábharthacht na n-ionadach trí mheasúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

(i) i ndáil le hamshraitheanna a n-úsáidtear ionadach ina leith, an céatadán díobh a úsáidtear;

(ii) i ndáil le hamshraitheanna a n-úsáidtear ionadach ina leith, céatadán a rannchuidithe imeallaigh;

(iii) an tionchar a d'fhéadfadh úsáid ionadaigh a imirt ar aithint éifeachtaí an éagsúlaithe.

2. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar iomláine an phróisis bailíochtaithe, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) i gcás an bhailíochtaithe inmheánaigh a dhéantar nuair a fhorbraítear an tsamhail ar dtús, tá próiseas bailíochtaithe iomlán déanta agus doiciméadaithe ag an institiúid le haghaidh na modheolaíochtaí uile a chuirtear i bhfeidhm sa tsamhail inmheánach;

(b) i gcás an bhailíochtaithe inmheánaigh thréimhsiúil, tá bailíochtú iomlán déanta ag an institiúid, nó tá bailíochtú déanta aici ar na réimsí a bhí le bailíochtú tar éis na n-athruithe dá dtagraítear i mír 3 maidir leis an méid seo a leanas:

(i) aon mhodheolaíocht nua a cheanglaítear le tabhairt isteach táirgí nua;

(ii) réimsí a bhaineann le haon saincheist a shainaithnítear sna conclúidí ar thángthas orthu ó bhailíochtuithe inmheánacha agus ó athbhreithnithe ar iniúchtaí inmheánacha roimhe sin.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (b), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear le beartais inmheánacha na hinstitiúide go ndéantar an bailíochtú tréimhsiúil inmheánach go bliantúil ar a laghad, agus gach uair a dhéantar athruithe móra struchtúracha ar an margadh nó athruithe ar chomhdhéanamh na punainne a fhágann go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsamhail inmheánach leordhóthanach a thuilleadh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) roinnt sáruithe atá éagsúil go mór leis an méid a raibh coinne leo de réir chalabrú na samhla;

(ii) caillteanais mhóra margaidh i gcoibhneas leis an leibhéal a tuaradh le méadrachtaí riosca;

(iii) athrú mór ar ghnó na hinstitiúide a d'fhéadfadh dúshlán na dtoimhdí samhaltaithe a thabhairt;

(iv) mí-ailínithe móra neamhghnácha idir na hathruithe teoiriciúla agus hipitéiseacha ar luachanna na bpunann;

(b) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an bailíochtú tréimhsiúil inmheánach bunaithe ar phlean oibre, arna fhormheas ag an gcomhlacht bainistíochta, agus cé acu a leagann nó nach leagann an plean oibre an méid seo a leanas amach:

(i) raon feidhme an bhailíochtaithe inmheánaigh;

(ii) na cúraimí a dhéanann an t-aonad bailíochtaithe;

(iii) tosaíochtaí an bhailíochtaithe inmheánaigh;

(c) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-áirithítear leis an bplean oibre dá dtagraítear i bpointe (b) go ndéantar próiseas bailíochtaithe inmheánach cuimsitheach riosca-bhunaithe, agus nach bhfágtar gnéithe ábhartha ar lár ó raon feidhme an bhailíochtaithe inmheánaigh.

Airteagal 13

Measúnú ar leordhóthanacht an tuairiscithe

Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht na dtuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 104b(2), pointe (d) agus (f), agus Airteagal 325bi(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid fardal de na tuarascálacha sin a choinneáil ar bun, lena sonraítear a n-inneachar, a minicíocht agus a seolaithe;

(b) cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an fardal dá dtagraítear i bpointe (a) a fhormheas ar an leibhéal bainistíochta iomchuí agus cé acu a thugtar nó nach dtugtar cothrom le dáta i gcomhairle leis an aonad rialaithe riosca é.

Airteagal 14

Measúnú ar leordhóthanacht teorainneacha trádála

Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht teorainneacha trádála dá dtagraítear in Airteagal 103(2), pointe (b)(ii), Airteagal 104b(2), pointí (c) agus (f), agus Airteagal 325bi(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) tá miondealú soiléir ar theorainneacha trádála ag an institiúid atá comhsheasmhach leis an leibhéal riosca inghlactha a shocraigh an institiúid agus le buiséad gach deisce trádála;

(b) tugann an rogha teorainneacha trádála léiriú ar straitéis trádála na deisce trádála agus ar chineál na rioscaí foluiteacha;

(c) áirítear ar na teorainneacha trádála na nithe seo a leanas:

(i) teorainn luacha faoi riosca don uasleibhéal comhiomlánaithe punainne ar a gcuirtear an tsamhail inmheánach i bhfeidhm;

(ii) teorainn luacha faoi riosca le haghaidh gach deasc thrádála ar ina leith a úsáideann an institiúid an tsamhail tomhais riosca inmheánach chun a ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh;

(d) tá miondealú breise ag an institiúid ar na teorainneacha luacha faoi riosca, atá comhréireach le straitéisí trádála na hinstitiúide;

(e) tá na teorainneacha inmheánacha uile, lena n-áirítear iad siúd dá dtagraítear i bpointe (c), doiciméadaithe go cuí agus formheasta go foirmiúil;

(f) mar chuid den phróiseas chun teorainn a fhormheas agus a thabhairt cothrom le dáta, déanann an t-aonad rialaithe riosca measúnú agus doiciméadú ar an gcomhsheasmhacht agus an chomhoiriúnacht idir na teorainneacha luacha faoi riosca a fhormheasann an comhlacht bainistíochta agus ar an gcuid eile de na teorainneacha inmheánacha nach bhfuil bunaithe ar luach faoi riosca, lena n-áirítear íogaireachtaí nó truicear caillteanais;

(g) déanann an institiúid doiciméadú cuí agus formheas foirmiúil ar fhardal ionstraimí údaraithe agus suíomhanna riosca fholuitigh a fhéadann trádálaithe a iontráil.

Chun críocha phointe (c)(i), is é a bheidh sa teorainn luacha faoi riosca suim na dteorainneacha aonair luacha faoi riosca i gcás nár deonaíodh an cead chun cur chuige na samhlacha inmheánacha a úsáid, dá dtagraítear in Airteagal 325(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Airteagal 15

Measúnú ar leordhóthanacht an phróisis chun teorainneacha trádála a thabhairt cothrom le dáta

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht an phróisis chun teorainneacha trádála na hinstitiúide a thabhairt cothrom le dáta, dá dtagraítear in Airteagal 103(2), pointe (b)(ii), Airteagal 104b(2), pointí (c) agus (f), agus Airteagal 325bi(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) déanann an t-aonad rialaithe riosca comhordú agus doiciméadú cuí ar an bpróiseas chun iad a thabhairt cothrom le dáta;

(b) tugann an togra le haghaidh na dteorainneacha trádála a thabhairt cothrom le dáta léiriú ar aon athrú ar na nithe seo a leanas:

(i) an leibhéal riosca is inghlactha atá socraithe ag an institiúid;

(ii) an ghníomhaíocht lena bhfuil coinne i gcuspóirí buiséid na ndeasc trádála;

(c) cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa togra le haghaidh na dteorainneacha trádála a thabhairt cothrom le dáta, i gcaitheamh na tréimhse inar úsáideadh an teorainn trádála ab infheidhme tráth an thabhairt cothrom le dáta:

(i) meánleibhéal úsáide na dteorainneacha trádála ab infheidhme tráth a thugtar cothrom le dáta iad;

(ii) líon agus méid na sáruithe ar theorainneacha trádála.

2. Fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an próiseas chun teorainneacha trádála a thabhairt cothrom le dáta gach bliain ar a laghad, agus níos minice ná sin i gcás ina bhfuil athruithe ar an eagraíocht nó ina dtugtar línte nua gnó nó táirgí nua isteach.

Airteagal 16

Measúnú ar leordhóthanacht an phróisis a bhaineann le sáruithe ar theorainneacha trádála

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht an phróisis chun sáruithe ar theorainneacha trádála a fhormheas, dá dtagraítear in Airteagal 104b(2), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) tá nós imeachta soiléir agus doiciméadaithe ag an institiúid ionas go mbeidh an comhlacht bainistíochta in ann sáruithe ar theorainneacha trádála a fhormheas;

(b) tá coinníollacha ábharthachta sonraithe ag an gcomhlacht bainistíochta ar dá réir atá aon sárú ar na teorainneacha trádála le tuairisciú don chomhlacht bainistíochta féin, gan beann ar an leibhéal ar ar formheasadh na teorainneacha trádála;

(c) déanann an t-aonad rialaithe riosca doiciméadú ar aon sárú ar na teorainneacha trádála agus tuairiscíonn sé na sáruithe sin don choiste, don fhochoiste nó don bhainisteoir aonair atá freagrach;

(d) déanann an coiste, an fochoiste nó an bainisteoir aonair dá dtagraítear i bpointe (c) gníomhaíocht i gcás ina sáraítear teorainn trádála, nó tuairiscíonn sé an sárú sin don chomhlacht bainistíochta, i gcomhréir le pointe (b);

(e) cuimsítear leis an doiciméadacht dá dtagraítear i bpointe (c) méid an tsáraithe ar an teorainn trádála agus na príomhchúiseanna atá leis, lena n-áirítear:

(i) aon mhéadú ar na suíomhanna trádála;

(ii) aon athrú modheolaíochta a thugtar isteach sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(iii) aon fhorbairt ar dhálaí an mhargaidh.

2. Fíoróidh na húdaráis inniúla, go háirithe i gcás ina sáraíonn deasc thrádála a teorainneacha trádála go minic, cé acu is iomchuí nó nach iomchuí minicíocht agus méid na sáruithe ar theorainneacha trádála, agus na bearta a rinne an t-aonad rialaithe riosca agus an comhlacht bainistíochta mar fhreagairt ar na sáruithe sin. Déanfaidh an t-údarás inniúil an fíorú sin.

Airteagal 17

Measúnú ar leordhóthanacht an chláir tástála struis

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht an chláir tástála struis dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (g), agus Airteagal 325bp(7), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) déanann an institiúid athbhreithniú go bliantúil ar a laghad ar chásanna a chuirtear i bhfeidhm mar chuid den chlár tástála struis;

(b) déanann an t-aonad rialaithe riosca na cásanna tástála struis a chinntear sa chlár tástála struis a reáchtáil go minic agus gach mí ar a laghad, agus níos minice ná sin i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí trádála nach beag ag an institiúid;

(c) is é atá sna cásanna atá le cur i bhfeidhm mar chuid den chlár tástála struis, cé is moite de chásanna a breathnaíodh go stairiúil nó cásanna hipitéiseacha, cásanna a leanann as tástáil struis droim ar ais agus cásanna *ad hoc* atá ceaptha aghaidh a thabhairt ar spreagthaí riosca sonracha ábhartha;

(d) déantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar a laghad ar na cásanna dá dtagraítear i bpointe (c).

2. Fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear na cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), chun measúnú a dhéanamh ar réasúntacht eilimintí na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh, lena n-áirítear an ceanglas cistí dílse breise le haghaidh riosca mainneachtana, i gcás ina gcuirtear na ceanglais cistí dílse sin i gcomparáid le caillteanais fhéideartha a eascraíonn as cásanna margaidh atá tromchúiseach ach sochreidte.

3. Chun críocha mhír 2, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid na nithe uile seo a leanas nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh aici ar réasúntacht thoimhdí na samhla le haghaidh riosca mainneachtana, go háirithe maidir le comhchruinnithe riosca creidmheasa a ghabháil:

(a) caillteanais a eascraíonn as teagmhais, lena n-áirítear teagmhais chreidmheasa;

(b) íosghráduithe rátála hipitéiseacha;

(c) teagmhais mhargaidh i ndáil le cineálacha eisitheoirí sonracha;

(d) athruithe ar chineálacha agus paraiméadair copailí, i gcás ina samhaltaítear go sainráite iad.

Airteagal 18

Measúnú ar leordhóthanacht na gcásanna tástála struis droim ar ais agus *ad hoc*

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht na gcásanna tástála struis droim ar ais dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) cuireann an t-aonad rialaithe riosca an tástáil struis droim ar ais i bhfeidhm mar uirlis chun teaglamaí féideartha de theagmhais thromchúiseacha agus comhchruinnithe riosca laistigh den institiúid a shainaithint, lena n-áirítear teagmhais thromchúiseacha agus comhchruinnithe riosca a eascraíonn as rioscaí comhshaoil;

(b) comhlánaíonn an anailís a dhéantar leis an tástáil struis droim ar ais an gnáth-thástáil struis;

(c) nuair a shainaithnítear an cás nó na cásanna a leanann as tástáil struis droim ar ais, déanann an t-aonad rialaithe riosca measúnú ar na nithe seo a leanas:

(i) na línte gnó ar ina leith a léiríonn na samhlacha bainistíochta riosca traidisiúnta go bhfuil an chomhbhabhtáil idir riosca agus toradh thar a bheith go maith;

(ii) táirgí nua agus margaí nua nach raibh brúnna tromchúiseacha orthu;

(iii) neamhchosaintí i gcás nach ann do mhargaí dhá threo leachtacha;

(iv) neamhchosaintí malairte eachtraí atá pionnáilte le hairgeadraí eile nó faoi réir caidhp nó íosráta ina leith;

(v) suíomhanna i gcéadroghanna atá go mór lasmuigh den airgead, go háirithe céadroghanna digiteacha;

(vi) teagmhais nach mbreithnítear sa tréimhse struis a úsáidtear chun na bearta riosca easnaimh ionchasaigh a chalabrú, dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(vii) rioscaí comhshaoil i bhfoirm rioscaí fisiceacha agus rioscaí aistrithe araon.

2. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht na gcásanna tástála struis *ad hoc* mar chuid de na cláir tástála struis dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a chuireann nó nach gcuireann an t-aonad rialaithe riosca comhdhéanamh na punainne suíomhanna a áirítear i raon feidhme na samhla inmheánaí, tráth an dáta tuairiscithe dheireanaigh, san áireamh agus na cásanna tástála struis *ad hoc* lena mbaineann á ndearadh. Fíoróidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas go háirithe:

(a) cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an t-aonad rialaithe riosca na torthaí a fhaightear ó anailís íogaireachta i leith fachtóirí riosca aonair, arna mbreithniú ina n-aonar agus i gcomhpháirt, chun sainaithint a dhéanamh ar chásanna ina n-áirítear tacar comhcheangailte fachtóirí riosca sochreidte;

(b) cé acu a bhreithnigh nó nár bhreithnigh an t-aonad rialaithe riosca na heilimintí seo a leanas go sainráite agus na cásanna tástála struis *ad hoc* á mbunú aige:

(i) neamhleachtacht margaí faoi dhálaí struis sa mhargadh, bearnú praghsanna, comhchruinniú riosca, agus margaí aontreo;

(ii) teagmhas as a leanann ardú ar chomhghaol idir ionstraimí nó fachtóirí riosca, nó cás maidir le haistriú géar malairte eachtraí, a eascraíonn as aon airgeadra atá faoi réir pionna, caidhpe nó íosráta tráth an athbhreithnithe, a bhriseann na gaolmhaireachtaí sin, i gcás ina dtarlaíonn teagmhas den sórt sin an tráth céanna le teagmhas dá dtagraítear i bpointe (i);

(iii) rioscaí teagmhais do chothromais agus riosca mainneachtana gan choinne do shuíomhanna creidmheasa, trí cheachtar de na nithe seo a leanas a bhreithniú:

(1) ceithre mhainneachtain mheandracha lena ngabhann aisghabháil nialasach ar na suíomhanna fada fiachais sa phunann reatha a bhfuil an neamhchosaint is mó aici agus an dá shuíomh fhada cothromais is mó sa phunann reatha;

(2) an riosca teagmhais a eascraíonn as ardú géar ar phraghsanna cothromais don dá shuíomh ghearra is mó;

(iv) neamhlíneacht táirgí, trí athluacháil iomlán gach suímh a chur i bhfeidhm chun léiriú cruinn a thabhairt ar éifeachtaí neamhlíneachta, agus trí thurraingí a chur i bhfeidhm atá mór a ndóthain chun feidhmiú roinnt céadroghanna atá go mór lasmuigh den airgead a spreagadh, go háirithe céadroghanna digiteacha;

(v) rioscaí teagmhais a eascraíonn as spreagthaí riosca comhshaoil;

(vi) rioscaí eile a bhféadfadh sé nach ngabhtar go hiomchuí sna samhlacha inmheánacha iad, lena n-áirítear rioscaí a dhíorthaítear ó úsáid ionadach agus an mí-ailíniú féideartha idir ionadach agus an riosca foluiteach.

Chun críocha phointe (b)(i), féadfaidh an t-aonad rialaithe riosca breithniú a dhéanamh ar thurraingí níos mó chun a léiriú go bhfuil sé dodhéanta suíomhanna a leachtú go tráthúil, go háirithe i gcás ionstraimí airgeadais príomhúla, arb é is cúis leis suíomhanna a bheith comhchruinnithe, nó i ngeall ar mhéadú géar ar neamhleachtacht margaí.

Chun críocha phointe (b)(iv), féadfaidh an t-aonad rialaithe riosca, go háirithe:

(a) measúnú a dhéanamh ar an riosca féideartha a thabhaítear i gcás ina bhfálaítear suíomhanna arna luacháil le hionadach;

(b) na gluaiseachtaí cáis struis a chur i bhfeidhm maidir leis an ionadach agus na suíomhanna neamhleachtacha á gcoimeád tairiseach.

Airteagal 19

Measúnú ar an tsamhail tomhais riosca inmheánach i ndáil le stóinseacht chórais TF

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an tsamhail tomhais riosca inmheánach a ríomh agus a chur i bhfeidhm ina hiomláine mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu atá nó nach bhfuil córais TF na hinstitiúide a bhaineann le bainistíocht riosca margaidh agus córais TF a thacaíonn leis an tsamhail inmheánach stóinseach a ndóthain chun déileáil le hearráidí feidhmiúcháin. Go sonrach, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) measúnú ar stóinseacht chórais TF le linn na 250 lá gnó anuas;

(b) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) tá cumais feabhsúcháin iomchuí i bhfeidhm i gcás ina gclisfidh córas;

(ii) tá an institiúid in ann aon mhéadracht riosca dá ndéantar difear a athríomh;

(iii) is eisceachtaí iad sáruithe cúltástála de dheasca fadhbanna teicniúla.

2. Fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a dhéanann nó nach ndéanann institiúid scrúdú ar na suíomhanna samhla inmheánaí agus na hionstraimí uile sa tsamhail tomhais riosca inmheánach agus na suíomhanna agus na hionstraimí sin a réiteach leis na córais luacha ag deireadh an lae trína dheimhniú, ar bhonn seachtainiúil ar a laghad, go gcomhfhreagraíonn na suíomhanna agus na hionstraimí i gcóras amháin do na suíomhanna agus na hionstraimí sna córais eile. Fíoróidh na húdaráis inniúla go ndéanann an institiúid doiciméadú iomlán agus faireachán ar aon suíomh agus ionstraim nach bhfuil réitithe go hiomlán.

Airteagal 20

Athbhreithniú ar chruinneas réasúnta na samhla tomhais riosca inmheánaí, lena n-áirítear an tsamhail phraghsála

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil cuntas teiste cruthaithe ag an tsamhail tomhais riosca inmheánach, lena n-áirítear aon samhail phraghsála, maidir le cruinneas réasúnta a tomhais ar rioscaí, agus nach bhfuil difear mór idir í agus na samhlacha a úsáideann an institiúid le haghaidh a samhlacha inmheánacha tomhais riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil fardail ag an institiúid, arb é atá sna fardail sin:

(i) na feidhmeanna nó modhanna praghsála a úsáidtear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach agus na feidhmeanna nó modhanna praghsála a úsáidtear chun luach na punainne ag deireadh an lae a ríomh;

(ii) i gcás gach ceann de na feidhmeanna nó modhanna praghsála dá dtagraítear i bpointe (i), tuairisc achomair, na príomhghnéithe, na toimhdí, príomhpharaiméadair na bhfeidhmeanna nó na modhanna praghsála sin, conas a calabraíodh na gnéithe, na toimhdí agus na paraiméadair sin, agus conas a chuirtear na feidhmeanna nó modhanna praghsála sin chun feidhme;

(iii) tuairisc ar raon feidhme na n-ionstraimí airgeadais agus na dtráchtearraí a áirítear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach a chumhdaítear le gach feidhm nó modh praghsála;

(iv) tuairisc ar raon feidhme na n-ionstraimí airgeadais agus na dtráchtearraí a chumhdaítear le gach feidhm nó modh praghsála nuair a bheidh luach na punainne ag deireadh an lae á ríomh;

(v) méadracht amháin nó níos mó chun tomhas a dhéanamh ar ábharthacht suíomhanna arna bpraghsáil leis an bhfeidhm nó modh praghsála comhfhreagrach sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(vi) méadracht amháin nó níos mó chun tomhas a dhéanamh ar ábharthacht suíomhanna arna bpraghsáil leis an bhfeidhm nó modh praghsála comhfhreagrach nuair a bheidh luach na punainne ag deireadh an lae á ríomh;

(vii) mapáil chuimsitheach idir na feidhmeanna nó modhanna praghsála a úsáidtear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach agus na feidhmeanna nó modhanna praghsála a úsáidtear nuair a bheidh luach na punainne ag deireadh an lae á ríomh;

(b) a fhíorú cé acu a thugtar nó nach dtugtar na fardail dá dtagraítear i bpointe (a) cothrom le dáta ar bhonn bliantúil ar a laghad, agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar foráil le beartais inmheánacha na hinstitiúide maidir le nuashonrú sonrach aon uair a bheadh gá leis i ngeall ar athruithe nach beag ar an bhfaisnéis a sholáthraítear sna fardail;

(c) a fhíorú cé acu a bhailíochtaítear nó nach mbailíochtaítear, mar chuid den bhailíochtú inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 325bj de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, na difríochtaí uile idir na feidhmeanna praghsála a úsáidtear chun an luach ag deireadh an lae a ríomh agus na feidhmeanna praghsála a úsáidtear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(d) measúnú a dhéanamh, ar bhonn na dtorthaí sannta brabúis agus caillteanais agus na dtorthaí cúltástála, cé acu is ann nó nach ann d'fheidhmeanna praghsála a bhféadfadh easnaimh a bheith iontu;

(e) anailís a dhéanamh ar na conclúidí sna tuarascálacha is déanaí ó bhailíochtú inmheánach na hinstitiúide dá dtagraítear in Airteagal 325bj de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le cruinneas na samhla tomhais riosca inmheánaí;

(f) anailís a dhéanamh ar na conclúidí a leagtar síos sna tuarascálacha is déanaí maidir le hathbhreithniú inmheánach na hinstitiúide ar chruinneas na samhla tomhais riosca inmheánaí, dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (h), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(g) a fhíorú cé acu a rinne nó nach ndearna an institiúid doiciméadú ar na difríochtaí idir an tsamhail tomhais riosca inmheánach agus na samhlacha a úsáideann an institiúid le haghaidh a bainistíochta riosca inmheánaí i ndáil leis an raon feidhme céanna suíomhanna, agus cé acu is féidir nó nach féidir leis an institiúid na difríochtaí sin a mhíniú;

(h) anailís a dhéanamh ar thorthaí na dtástálacha arna ndéanamh ag an institiúid mar chuid dá bailíochtú inmheánach chun a fhíorú an iomchuí na toimhdí a dhéantar sa tsamhail tomhais riosca inmheánach agus nach ndéanann siad gannmheastachán ná rómheastachán ar riosca, dá dtagraítear in Airteagal 325bj(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, go háirithe i gcás na ndeasc trádála ag a bhfuil na difríochtaí is airde idir na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir leis an gcur chuige caighdeánaithe malartach dá dtagraítear i gCuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir leis an tsamhail tomhais riosca inmheánach.

Chun críocha phointe (d), féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid, i gcás inarb iomchuí, na hathruithe riosca-theoiriciúla dá dtagraítear i gCaibidil 2, Roinn 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 ón gCoimisiún ([10]) agus na hathruithe hipitéiseacha dá dtagraítear i gCaibidil 1, Roinn 2, den Rialachán Tarmligthe sin a ríomh, i ndáil le tacar ionstraimí agus tráchtearraí ar mian leis an údarás inniúil cruinneas na bhfeidhmeanna praghsála a thástáil ina leith, agus a cheangal ar an institiúid údar a thabhairt le difríochtaí idir torthaí an dá thomhas.

2. I gcás ina ndéantar suíomhanna a chomhfhreagraíonn d'aicmí táirgí arna sannadh do dheasc thrádála a chur in áirithe as a chéile leo siúd ar le heintiteas eile den ghrúpa iad atá lasmuigh de raon feidhme an leibhéil comhdhlúthaithe is airde laistigh den Aontas, agus ina bhfuil níos mó fianaise ag teastáil ón údarás inniúil chun cruinneas réasúnta na samhla tomhais riosca inmheánaí a fhíorú, féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar institiúidí na nithe seo a leanas a sholáthar:

(a) na hathruithe iarbhír, hipitéiseacha agus riosca-theoiriciúla i gcaitheamh 60 lá i luach punainne na deisce trádála, gan aon fhálú le heintiteas an ghrúpa atá á bhreithniú;

(b) na tomhais luacha faoi riosca ar leibhéal na deisce trádála dá dtagraítear in Airteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i gcaitheamh 60 lá, gan aon fhálú le heintiteas an ghrúpa atá á bhreithniú;

(c) measúnú ar na torthaí sannta brabúis agus caillteanais agus na torthaí cúltástála i bhfianaise na n-athruithe ar luachanna na punainne dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bhfianaise na dtomhas luacha faoi riosca dá dtagraítear i bpointe (b).

3. I gcás ina ndéanfar riosca margaidh suíomhanna a chomhfhreagraíonn do roinnt aicmí táirgí a aistriú chuig eintiteas eile den ghrúpa atá lasmuigh de raon feidhme an leibhéil comhdhlúthaithe is airde laistigh den Aontas, agus i gcás ina mbeidh éifeachtaí aistrithe den sórt sin cosúil *de facto* le héifeachtaí suíomhanna a chuirtear in áirithe as a chéile, féadfaidh na húdaráis inniúla mír 2 a chur i bhfeidhm.

Airteagal 21

Measúnú ar an tsamhail tomhais riosca inmheánach i ndáil le cláir cúltástála bhreise

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach na hinstitiúide chun feidhme ina hiomláine mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis an gcúltástáil dá dtagraítear in Airteagal 325bj(3), pointe (b), den Rialachán sin, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid an méid seo a leanas mar chuid de na cláir chúltástála sin:

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear mionsonraí teicniúla na gceanglas cúltástála agus na gceanglas sannta brabúis agus caillteanais faoi Airteagal 325bf agus Airteagal 325bg de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 (IO L 276, 26.10.2022, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2059/oj).

(a) an clár cúltástála dá dtagraítear i mír 2 nó clár cúltástála inmheánach eile a reáchtáil lena gcuirtear ar a cumas don institiúid rannchuidiú fachtóirí riosca insamhaltaithe agus neamh-insamhaltaithe leis na torthaí cúltástála a shainaithint;

(b) cineálacha cur chuige i leith cúltástáil easnaimh ionchasaigh dhírigh a chur i bhfeidhm maidir lena punanna.

Chun críocha phointe (b), fíoróidh na húdaráis inniúla an chaoi a spreagann an institiúid an rogha mhodheolaíochta i leith cúltástáil easnaimh ionchasaigh dhírigh a chuireann sí i bhfeidhm, agus déanfaidh siad anailís ar cé acu atá nó nach bhfuil coincheap na modheolaíochta sin fónta.

Féadfaidh an institiúid na cláir chúltástála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a úsáid mar eilimint chun easnaimh fhéideartha i ríomh na mbeart easnaimh ionchasaigh a bhrath agus chun faireachán a dhéanamh orthu. I gcás ina ndéanfaidh údarás inniúil cinneadh maidir le cead úsáide chur chuige na samhlacha inmheánacha chun an ceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 325az, ní rachaidh na cláir chúltástála sin in ionad thorthaí na cúltástála rialála dá dtagraítear in Airteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ná in ionad na gceanglas sannta brabúis agus caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 325bg den Rialachán sin.

2. Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh an institiúid clár cúltástála a reáchtáil a chuireann na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm:

(a) sainaithnítear sárú mar athrú aon lae in HPL_{MRF} nó in

(b) APL_{MRF} a sháraíonn an tomhas luacha faoi riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bf(6), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) ríomhtar HPL_{MRF} agus APL_{MRF} mar a leanas:

$$HPL_{MRF} = HPL + RTPL_{MRF} - RTPL$$

$$APL_{MRF} = APL + RTPL_{MRF} - RTPL$$

I gcás inarb amhlaidh:

— is iad *HPL* na hathruithe hipitéiseacha ar luach na punainne;

— is iad *APL* na hathruithe iarbhír ar luach na punainne;

— is iad *RTPL* na hathruithe riosca-theoiriciúla ar luach phunann na hinstitiúide;

— is iad $RTPL_{MRF}$ na hathruithe riosca-theoiriciúla ar luach phunann na hinstitiúide gan ach athruithe ar fhachtóirí riosca insamhaltaithe a bhreithniú;

(d) sainaithníonn an institiúid laigí féideartha ina samhail tomhais riosca trí na sáruithe a chomhaireamh, mar a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (a), a tharla i gcaitheamh na 250 lá gnó anuas, agus trí chomparáid a dhéanamh idir méid na sáruithe sainaitheanta agus na tairseacha dá dtagraítear in Airteagal 325bf(3), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

CAIBIDIL 3

MEASÚNÚ AR AN tSAMHAIL TOMHAIS RIOSCA INMHEÁNACH A ÚSÁIDTEAR CHUN AN BEART RIOSCA EASNAIMH IONCHASAIGH AGUS AN BEART RIOSCA MAIDIR LE CÁS STRUIS A RÍOMH

ROINN 1

Forbhreathnú ar an measúnú

Airteagal 22

Réamhrá leis an measúnú ar an tsamhail tomhais riosca inmheánach a úsáidtear chun an beart easnaimh ionchasaigh agus an beart riosca maidir le cás struis a ríomh

Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide leis na ceanglais is infheidhme maidir leis an tsamhail tomhais riosca inmheánach a úsáidtear chun an beart riosca easnaimh ionchasaigh agus an beart riosca maidir le cás struis a ríomh, déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an institiúid na nithe seo a leanas:

(a) Roinn 2 den Chaibidil seo, ina bhfuil ceanglais maidir le fachtóirí riosca, lena n-áirítear an measúnú insamhaltaitheachta agus an mhapáil chuig an tréimhse leachtachta ionchasach iomchuí;

(b) Roinn 3 den Chaibidil seo, ina bhfuil ceanglais maidir le cáilíocht sonraí agus na cineálacha cur chuige ionadúcháin a úsáidtear chun na nithe seo a leanas a ríomh:

(i) an beart easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(ii) an beart riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) Roinn 4 den Chaibidil seo, ina bhfuil ceanglais maidir le cúltástáil agus sannadh brabúis agus caillteanais;

(d) Roinn 5 den Chaibidil seo, ina bhfuil ceanglais maidir le láimhseáil riosca malairte eachtraí agus riosca tráchtearraí sa leabhar neamhthrádála;

(e) Roinn 6 den Chaibidil seo, ina bhfuil ceanglais maidir le ríomhanna an bhirt easnaimh ionchasaigh agus an bhirt riosca maidir le cás struis.

ROINN 2

Measúnú ar bhunú agus airíonna fhachtóirí riosca na samhla tomhais riosca inmheánaí

Foroinn 1

Measúnú ar bhunú fhachtóirí riosca na samhla tomhais riosca inmheánaí

Airteagal 23

Measúnú ar chumhdach riosca na samhla tomhais riosca inmheánaí

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht na hinstitiúide le hAirteagal 325bh(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis an gceanglas go n-áireofar sa tsamhail tomhais riosca inmheánach na fachtóirí riosca a úsáidtear i ríomh na gceanglas cistí dílse faoin gcur chuige caighdeánaithe malartach, ar a laghad, fíoróidh an t-údarás inniúil cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) doiciméadaíonn an institiúid an ann d'fhachtóirí riosca a úsáidtear sna cineálacha cur chuige caighdeánaithe ach nach n-áirítear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(b) cuireann an institiúid na gnéithe uile seo a leanas i dtábhacht:

(i) cé acu is ann nó nach ann d'airgeadraí nach samhaltaítear riosca an ráta úis ghinearálta ina leith, lena n-áirítear riosca boilscithe nó riosca trasairgeadra-bhunaithe;

(ii) cé acu is ann nó nach ann do raonta difríochta creidmheasa eisitheoirí nach samhaltaítear;

(iii) cé acu is ann nó nach ann do spotphraghsanna cothromais agus rátaí athcheannaigh cothromais nach samhaltaítear;

(iv) cé acu is ann nó nach ann do spotphraghsanna tráchtearraí nach samhaltaítear;

(v) cé acu is ann nó nach ann do spotrátaí malairte nach samhaltaítear;

(vi) cé acu is ann nó nach ann do chásanna nach samhaltaítear an luaineacht intuigthe in ionstraimí lena ngabhann roghnaíocht;

(c) i gcás inar ann d'fhachtóirí riosca a úsáidtear sa chur chuige caighdeánaithe ach nach n-áirítear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach, déanann an institiúid, i dteannta faisnéis a sholáthar maidir leis an tionchar a imríonn eisiamh na bhfachtóirí riosca sin ar na torthaí sannta brabúis agus caillteanais mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bh(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, an méid seo a leanas:

(i) réasúnaíocht iomchuí a sholáthar gan na fachtóirí riosca sin a áireamh sa tsamhail tomhais riosca inmheánach agus, i gcás ina mbeidh an t-eisiamh sin i ngeall ar easpa praghsanna ionadaíocha le haghaidh na bhfachtóirí riosca sin, an réasúnaíocht a sholáthar gan na fachtóirí riosca sin a ghabháil i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus an réasúnaíocht sin a dhoiciméadú;

(ii) ríomh agus faireachán a dhéanamh ar an tionchar ar na ceanglais cistí dílse a leanann as eisiamh na bhfachtóirí riosca sin ón tsamhail tomhais riosca inmheánach.

2. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide le hAirteagal 325bh(1), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis an gceanglas go n-áireofar sa tsamhail tomhais riosca inmheánach líon leordhóthanach fachtóirí riosca, déanfaidh na húdaráis inniúla na bearta seo a leanas san ord seo a leanas:

(a) a cheangal ar an institiúid forléargas ar na fachtóirí a úsáidtear i ríomh luach na punainne ag deireadh an lae a sholáthar, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, liosta de chomhiomláin fachtóirí a úsáidtear i ríomh an luacha ag deireadh an lae, lena sonraítear, i gcás gach comhiomláin, na nithe uile seo a leanas:

(i) an líon fachtóirí in aghaidh an chomhiomláin;

(ii) an chatagóir fachtóra riosca leathan agus an fhochatagóir fachtóra riosca leathan, dá dtagraítear i dTábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar chucu is féidir na fachtóirí sa chomhiomlán a mhapáil;

(iii) íogaireacht chomhlán agus glaníogaireacht phunann na hinstitiúide i leith na bhfachtóirí is cuid den chomhiomlán;

(iv) cé acu a áirítear nó nach n-áirítear na fachtóirí sa tsamhail tomhais riosca inmheánach, agus:

(1) i gcás ina n-áirítear iad, an ndéantar gach fachtóir a shamhaltú go díreach mar fhachtóir riosca sa tsamhail tomhais riosca inmheánach gan aon ionadach a úsáid, nó an úsáidtear teicnící eile;

(2) i gcás nach n-áirítear iad, an réasúnaíocht maidir leis an rogha sin.

(b) bunaithe ar an bhforléargas dá dtagraítear i bpointe (a):

(i) a fhíorú nach ann d'aon fhachtóir ábhartha nach samhaltaítear, agus gur iomchuí na réasúnaíochtaí lena dtacaítear le heisiamh fachtóirí neamhshamhaltaithe;

(ii) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-áirithíonn an institiúid, i gcás fachtóirí nach samhaltaítear go díreach mar fhachtóirí riosca sa tsamhail tomhais riosca dá dtagraítear i bpointe (a)(iv), go ngabhtar na rioscaí ábhartha uile, lena n-áirítear rioscaí boinn ábhartha.

Chun críocha phointe (a), déanfaidh institiúidí fachtóirí a chomhiomlánú sa chaoi go mbeidh na tréithe céanna i bpáirt ag gach comhiomlán i ndáil le pointe (ii), pointe (iv)(1), agus pointe (iv)(2).

Chun críocha phointe (b)(i), cuirfidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm, agus féadfaidh siad an modh sin a chomhlánú leis an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 4.

I gcás an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (b)(i), sainaithneoidh na húdaráis inniúla deasca trádála nó punanna hipitéiseacha a úsáideann an institiúid le haghaidh an bhailíochtaithe inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bj(3), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mbraitheann a luachanna ar fhachtóirí nach n-áirítear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach. Fíoróidh na húdaráis inniúla, i gcás na ndeasc trádála sin, cé acu a léiríonn nó nach léiríonn torthaí na cúltástála dá dtagraítear in Airteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó torthaí thástálacha bailíochtaithe na hinstitiúide féin ar an tsamhail inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 325bj(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 laigí sa tsamhail tomhais riosca inmheánach.

3. I gcás an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (b)(i), féadfaidh na húdaráis inniúla deasca trádála nó punanna hipitéiseacha a shainaithint a úsáideann an institiúid le haghaidh an bhailíochtaithe inmheánaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bj(3), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a mbraitheann a luachanna ar fhachtóirí nach n-áirítear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach, agus na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm san ord seo a leanas:

(a) a cheangal ar an institiúid na nithe seo a leanas a ríomh:

(i) na hathruithe hipitéiseacha ar luach punainne deisce trádála nó ar luach na punainne hipitéisí arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(ii) na hathruithe hipitéiseacha ar luach punainne na deisce trádála nó ar luach na punainne hipitéisí arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, agus na fachtóirí nach n-áirítear mar fhachtóirí riosca sa tsamhail tomhais riosca inmheánach a fhágáil gan athrú;

(iii) na hathruithe riosca-theoiriciúla ar luach punainne na deisce trádála nó ar luach na punainne hipitéisí arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059.

(b) a cheangal ar an institiúid míniú a thabhairt ar dhialltaí sna hathruithe ar luachanna na punainne arna ríomh i gcomhréir le pointí (a)(i), (ii) agus (iii).

Airteagal 24

Measúnú ar fhachtóirí riosca i dtaca le rátaí úis ginearálta

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325bh(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le samhaltú riosca an ráta úis, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a cheangal ar an institiúid liosta de na hairgeadraí uile a bhfuil punann na hinstitiúide íogair ina leith a sholáthar agus, i gcás gach ceann de na hairgeadraí sin, na cuair thoraidh uile a bhfuil punann na hinstitiúide íogair ina leith a sholáthar;

(b) a cheangal ar an institiúid, i gcás gach ceann de na cuair thoraidh dá dtagraítear i bpointe (a), a shonrú an samhaltaítear cuar ina iomláine go díreach nó mar shuim bhun-chuair agus cuair boinn;

(c) a cheangal ar an institiúid anailís ar íogaireacht a punainne i leith gach ceann de na cuair thoraidh dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar;

(d) a fhíorú, tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) a úsáid, go ndéantar an riosca boinn idir aon dá chuar toraidh ar leith a ghabháil go hintuigthe de bharr go samhaltaítear dhá chuar toraidh go díreach, nó de bharr go n-áirítear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach cuar toraidh boinn a léiríonn an difríocht idir an dá chuar toraidh sin;

(e) measúnú breise a dhéanamh, i ndáil le cuair thoraidh inar pointí feadh an chuair iad fachtóirí riosca, i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo agus, i gcás ina mbunaíonn an institiúid buicéid i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 ón gCoimisiún ([11]), a fhíorú cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid sé fhachtóir riosca ar a laghad i gcás ina gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas araon:

(i) tá an neamhchosaint ar an gcuar toraidh ábhartha;

(ii) tá an neamhchosaint in airgeadra is leachtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058 ón gCoimisiún ([12]);

(f) measúnú breise a dhéanamh, i ndáil le cuair arna samhaltú trí bhíthin paraiméadair feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, ar chomhlíontacht i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo;

(g) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar riosca vega i ndáil le riosca an ráta úis a ghabháil go cuí mar a cheanglaítear le hAirteagal 30 den Rialachán seo.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointí (a) agus (b), féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar institiúid an fhaisnéis dá dtagraítear sna pointí sin a sholáthar maidir leis na hairgeadraí agus na cuair thoraidh is ábhartha agus maidir leosan amháin, agus an measúnú a leagtar amach i mír 1 sin a dhéanamh ar na sonraí sin.

Airteagal 25

Measúnú ar fhachtóirí riosca cothromais

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht na hinstitiúide leis an gceanglas a leagtar amach in Airteagal 325bh(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le samhaltú riosca cothromais, déanfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas:

(a) a cheangal ar an institiúid liosta de na hainmneacha cothromais agus na hinnéacsanna cothromais uile a bhfuil punann na hinstitiúide íogair ina leith, agus na fachtóirí riosca a úsáidtear chun an riosca bainteach a shamhaltú, a sholáthar;

(b) a cheangal ar an institiúid anailís ar íogaireacht a punainne i leith gach ceann de na hainmneacha cothromais agus na hinnéacsanna cothromais dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar;

(c) a fhíorú, i gcás ina ndéantar an riosca in ainm cothromais a shamhaltú mar shuim fachtóra riosca chórasaigh dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 agus fachtóra riosca neamhghnách, go dtugann an luaineacht a ghintear trí thurraing a bhaint as na fachtóirí sin léiriú ar an luaineacht a bhreathnaítear i gcás an ainm cothromais sin;

(d) a fhíorú go ndéantar an riosca boinn idir dhá ainm cothromais éagsúla a ghabháil tríd an dá ainm cothromais a shamhaltú go díreach nó trí bhíthin fachtóir riosca boinn;

(e) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an riosca a bhaineann le hathruithe ar chuair chothromais a ghabháil go cuí i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán seo;

(f) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar riosca vega a bhaineann le riosca cothromais a ghabháil go cuí mar a cheanglaítear le hAirteagal 30 den Rialachán seo.

Chun críocha phointe (c), féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcás inarb iomchuí, luaineacht na dturraingí a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an ainm cothromais eisitheora, mar a leanann as an bhfachtóir riosca córasach agus an fachtóir riosca neamhghnách, a chur i gcomparáid leis an luaineacht a bhreathnaítear i gcás an ainm cothromais sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointe (a), féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar institiúid an fhaisnéis dá dtagraítear sa phointe sin a sholáthar maidir leis na hainmneacha cothromais agus na hinnéacsanna cothromais is ábhartha agus maidir leosan amháin, agus féadfaidh sé an measúnú a leagtar amach sa mhír sin a dhéanamh ar na sonraí sin.

([11]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir chun measúnú a dhéanamh ar insamhaltaitheacht fachtóirí priacal faoi chur chuige na samhlacha inmheánacha (IMA) agus lena sonraítear minicíocht an mheasúnaithe sin faoi Airteagal 325be(3) den Rialachán sin (IO L 276, 26.10.2022, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2060/oj).

([12]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála ar thréimhsí leachtachta ionchasacha le haghaidh chur chuige malartach na samhla inmheánaí, dá dtagraítear in Airteagal 325bd(7) (IO L 276, 26.10.2022, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2058/oj).

Airteagal 26

Measúnú ar fhachtóirí riosca raoin difríochta creidmheasa

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325bh(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le samhaltú riosca raoin difríochta creidmheasa, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a cheangal ar an institiúid liosta de chuair raonta difríochta creidmheasa agus innéacsanna creidmheasa gach eisitheora a bhfuil punann na hinstitiúide íogair ina leith, agus na fachtóirí riosca a úsáidtear chun an riosca bainteach a shamhaltú, a sholáthar;

(b) a cheangal ar an institiúid anailís ar íogaireacht a punainne i leith chuair raonta difríochta creidmheasa agus innéacsanna creidmheasa gach eisitheora dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar;

(c) a fhíorú, i gcás ina ndéantar an riosca i raon difríochta creidmheasa eisitheora a shamhaltú mar shuim fachtóra riosca chórasaigh dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 agus fachtóra riosca neamhghnách, cé acu a thugann nó nach dtugann an luaineacht a ghintear trí thurraing a bhaint as na fachtóirí sin léiriú ar an luaineacht a bhreathnaítear i gcás an raoin difríochta creidmheasa eisitheora sin;

(d) a fhíorú cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an riosca boinn idir eisitheoirí a ghabháil trí raonta difríochta creidmheasa na n-eisitheoirí a shamhaltú go díreach nó trí bhíthin fachtóir riosca boinn, agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar faireachán ar an mbonn idir dhá shuíomh éagsúla a thagraíonn don eisitheoir céanna agus, i gcás inarb ábhartha, an bonn sin a áireamh sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(e) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an riosca a bhaineann le hathruithe ar chuair raonta difríochta creidmheasa a ghabháil go cuí mar a cheanglaítear le hAirteagal 29 den Rialachán seo;

(f) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar riosca vega i ndáil le raon difríochta creidmheasa a ghabháil go cuí mar a cheanglaítear le hAirteagal 30 den Rialachán seo.

Chun críocha phointe (c), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, luaineacht na dturraingí a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an raon difríochta creidmheasa eisitheora, mar a leanann as an bhfachtóir riosca córasach agus an fachtóir riosca neamhghnách, a chur i gcomparáid leis an luaineacht a bhreathnaítear i gcás an raoin difríochta creidmheasa eisitheora sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointe (a), féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar institiúid an fhaisnéis dá dtagraítear sa phointe sin a sholáthar maidir leis na cuair raonta difríochta creidmheasa agus na hinnéacsanna creidmheasa is ábhartha agus maidir leosan amháin, agus an measúnú a leagtar amach i mír 1 sin a dhéanamh ar na sonraí sin.

Airteagal 27

Measúnú ar fhachtóirí riosca malairte eachtraí

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325bh(1), pointe (d), de Rialachán Uimh. 575/2013 i ndáil le samhaltú riosca malairte eachtraí, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a cheangal ar an institiúid liosta de na péirí airgeadraí a bhfuil punann na hinstitiúide íogair ina leith a sholáthar agus, i gcás gach ceann de na péirí airgeadraí sin, a shoiléiriú cé acu atá nó nach bhfuil an péire airgeadraí sin faoi réir an spotráta malairte amháin, nó faoi réir fachtóirí riosca eile, lena n-áirítear luaineachtaí intuigthe;

(b) a cheangal ar an institiúid anailís ar íogaireacht a punainne i leith gach péire airgeadraí dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar;

(c) bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), a fhíorú cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an riosca boinn idir aon dá phéire airgeadraí a ghabháil go hintuigthe trí bhíthin ceachtar de na nithe seo a leanas:

(i) an dá phéire airgeadraí a bheith samhaltaithe go díreach;

(ii) bonn a léiríonn an difríocht idir an dá phéire airgeadraí sin a bheith áirithe sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(d) measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhreithníonn an institiúid an riosca a bhaineann le teagmhais díphionnála i gcás péirí airgeadraí nach bhfuil comhlúthach go neamhshrianta, agus i gcás ina bhfuil an riosca sin ábhartha, conas a dhéantar faireachán air;

(e) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an riosca a bhaineann le hathruithe ar chuair malairte eachtraí a ghabháil go cuí mar a cheanglaítear le hAirteagal 29 den Rialachán seo;

(f) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar riosca vega i ndáil le riosca malairte eachtraí a ghabháil go cuí mar a cheanglaítear le hAirteagal 30 den Rialachán seo.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointe (a), féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar institiúid an fhaisnéis dá dtagraítear sa phointe sin a sholáthar maidir leis na péirí airgeadraí is ábhartha agus maidir leosan amháin, agus an measúnú a leagtar amach i mír 1 sin a dhéanamh ar na sonraí sin.

Airteagal 28

Measúnú ar fhachtóirí riosca tráchtearraí

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325bh(1), pointe (f), de Rialachán Uimh. 575/2013 i ndáil le samhaltú riosca tráchtearraí, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a cheangal ar an institiúid:

(i) liosta de na cineálacha tráchtearraí uile a bhfuil punann na hinstitiúide íogair ina leith a sholáthar;

(ii) i gcás gach cineál tráchtearraí dá dtagraítear i bpointe (i), a shoiléiriú an bhfuil an cineál tráchtearraí sin faoi réir spotphraghas an tráchtearra amháin, nó faoi réir fachtóirí riosca eile, lena n-áirítear luaineachtaí intuigthe;

(iii) anailís ar íogaireacht a punainne i leith gach ceann de na cineálacha tráchtearraí dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar;

(b) a fhíorú cé acu a shainaithnítear nó nach sainaithnítear le beartais inmheánacha na hinstitiúide méadrachtaí atá iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht margaidh tráchtearraí dá dtagraítear in Airteagal 325bh(1), pointe (f), de Rialachán Uimh. 575/2013 agus, i gcás margaí tráchtearraí a shainaithnítear a bheith ábhartha, cé acu a dhéantar nó nach ndéantar gach tráchtearra ar leith a shamhaltú go sonrach i samhail tomhais riosca inmheánach na hinstitiúide;

(c) a fhíorú cé acu a ghabhtar nó nach ngabhtar an riosca boinn idir tráchtearraí atá comhchosúil ach nach bhfuil comhionann a bhfuil neamhchosaint ábhartha ag an institiúid orthu, lena n-áirítear an riosca boinn a eascraíonn as áit eile seachadta agus as neamhréireanna aibíochta;

(d) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an riosca a bhaineann le hathruithe ar chuair tráchtearraí a ghabháil go cuí mar a cheanglaítear le hAirteagal 29 den Rialachán seo;

(e) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar riosca vega i ndáil le riosca tráchtearraí a ghabháil go cuí mar a cheanglaítear le hAirteagal 30 den Rialachán seo.

Chun críocha phointe (c), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid dhá thráchtearra éagsúla a shamhaltú go díreach nó an bonn a ghabháil trí bhíthin fachtóir riosca boinn.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointí (a)(i) agus (ii), féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid an fhaisnéis dá dtagraítear sna pointí sin a sholáthar maidir leis na tráchtearraí is ábhartha maidir leosan amháin, agus féadfaidh siad an measúnú a leagtar amach i mír 1 sin a dhéanamh ar na sonraí sin.

Airteagal 29

Measúnú ar chuair

1. Cuirfidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas i bhfeidhm:

(a) i gcás inar gá measúnú a dhéanamh ar chuair a bhfuil a bpointí ina bhfachtóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2060, mír 2 den Airteagal seo;

(b) i gcás inar gá measúnú a dhéanamh ar chuair a samhaltaíodh trí bhíthin paraiméadair feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2022/2060, mír 4 den Airteagal seo.

Chun críocha phointí (a) agus (b), déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar na teicnící idirshuímh agus eachtarshuímh a úsáideann an institiúid i gcomhréir le mír 6.

2. I gcás cuair a mbunaíonn an institiúid féin buicéid ina leith i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, fíoróidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil critéir arna mbunú ag beartais inmheánacha na hinstitiúide chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an líon fachtóirí riosca atá le húsáid chun cuar a shamhaltú, agus go bhfuil na critéir sin bunaithe ar leachtacht agus ábharthacht na suíomhanna atá neamhchosanta ar an gcuar sin;

(b) go ngabhann anailís leis na critéir dá dtagraítear i bpointe (a) lena léirítear gur féidir luaineacht thar aibíochtaí éagsúla a ghabháil leis an líon fachtóirí riosca a úsáidtear.

Chun críocha phointe (b), i gcás ina mbreithneoidh an t-údarás inniúil nach iomchuí an líon fachtóirí riosca a úsáidtear chun cuar a shamhaltú, féadfaidh na húdaráis inniúla a measúnú a chomhlánú agus an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 3 á úsáid.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (b), féadfaidh na húdaráis inniúla:

(a) a cheangal ar an institiúid cásanna de thurraingí amach anseo a chur i bhfeidhm maidir le fachtóirí riosca an chuair mar a dhéantar sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(b) a cheangal ar an institiúid luaineacht pointe sa chuar nach fachtóir riosca é a dhíorthú;

(c) a cheangal ar an institiúid luaineacht bhreathnaithe an phointe sa chuar dá dtagraítear i bpointe (b) a fháil;

(d) an luaineacht a fhaightear i gcomhréir le pointe (b) a chur i gcomparáid leis an luaineacht bhreathnaithe a fhaightear i gcomhréir le pointe (c).

I gcás an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), beidh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 325bc(4), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an tréimhse struis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointe (c), den Rialachán sin araon mar bhonn ag na húdaráis inniúla.

4. I gcás cuair a samhaltaíodh trí bhíthin paraiméadair feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar cé acu a áirítear nó nach n-áirítear i mbeartais inmheánacha na hinstitiúide anailís lena léirítear gur féidir na rioscaí ábhartha uile sna cuair agus an luaineacht thar aibíochtaí éagsúla a ghabháil leis na paraiméadair feidhmeanna turrainge. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na húdaráis inniúla a measúnú a chomhlánú trí úsáid a bhaint as an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

5. Chun críocha mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a cheangal ar an institiúid cásanna de thurraingí amach anseo a chur i bhfeidhm maidir leis na paraiméadair feidhme mar a dhéantar sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(b) a cheangal ar an institiúid luaineacht pointe sa chuar a dhíorthú;

(c) a cheangal ar an institiúid luaineacht an phointe sa chuar dá dtagraítear i bpointe (b) a fháil;

(d) an luaineacht a fhaightear i gcomhréir le pointe (b) a chur i gcomparáid leis an luaineacht bhreathnaithe a fhaightear i gcomhréir le pointe (c).

I gcás an mheasúnaithe sin, beidh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 325bc(4), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an tréimhse struis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointe (c), den Rialachán sin araon mar bhonn ag na húdaráis inniúla.

6. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil na teicnící uile a úsáideann an institiúid chun cuar a thógáil, lena n-áirítear idirshuíomh agus eachtarshuíomh, fónta. I gcás ina ndíorthófar cuid den chuar trína dhá phointe amuigh a eachtarshuí, fíoróidh na húdaráis inniúla an amhlaidh nach bhfuil difríocht mhór idir luaineacht na dtorthaí a bhreathnaítear sa mhargadh i gcás an chuid den chuar arna eachtarshuí agus an chuid a leanann as an eachtarshuíomh. Chun na críche sin, féadfaidh na húdaráis inniúla na modhanna measúnúcháin dá dtagraítear i míreanna 3 agus 5 a chur i bhfeidhm trí phointe sa chuar arna fháil trína eachtarshuí a roghnú agus pointe (b), de na míreanna sin, á chur i bhfeidhm.

Airteagal 30

Measúnú ar dhromchlaí luaineachta intuigthe

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 325bh(1), pointe (h), de Rialachán Uimh. 575/2013 i ndáil le riosca vega a ghabháil i gcás aon chatagóire fachtóra riosca leithne ar leith, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a cheangal ar an institiúid liosta de na dromchlaí luaineachta uile a bhfuil punann na hinstitiúide íogair ina leith a sholáthar;

(b) a cheangal ar an institiúid anailís ar íogaireacht a punainne i leith gach ceann de na dromchlaí dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar;

(c) a fhíorú, bunaithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), cé acu a dhéantar nó nach ndéantar aon riosca boinn ábhartha idir aon dá dhromchla ar leith a ghabháil go hintuigthe de bharr go samhaltaítear dhá dhromchla go díreach, nó de bharr go samhaltaítear dromchla boinn a léiríonn an difríocht idir an dá dhromchla sin;

(d) a fhíorú, i ndáil le dromchlaí luaineachta a bhfuil a bpointí ina bhfachtóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) tá critéir arna mbunú ag beartais inmheánacha na hinstitiúide chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an líon fachtóirí riosca atá le húsáid chun dromchla a shamhaltú, agus cé acu atá nó nach bhfuil na critéir sin bunaithe ar leachtacht agus ábharthacht na suíomhanna atá neamhchosanta ar an dromchla sin;

(ii) gabhann anailís leis na critéir dá dtagraítear i bpointe (i) lena léirítear gur féidir an riosca ar fud an dromchla a léiriú go cuimsitheach leis an líon fachtóirí riosca;

(e) a fhíorú, i ndáil leis na dromchlaí a samhaltaíodh trí bhíthin paraiméadair feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, cé acu a áirítear nó nach n-áirítear i mbeartais inmheánacha na hinstitiúide anailís lena léirítear gur féidir an riosca ar fud an dromchla a léiriú go cuimsitheach leis na paraiméadair feidhmeanna turrainge;

(f) measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na teicnící idirshuímh agus eachtarshuímh a úsáideann an institiúid chun dromchla a thógáil fónta agus, i gcás ina ndíorthaítear cuid den dromchla trína dhá phointe amuigh a eachtarshuí, a fhíorú an amhlaidh nach bhfuil difríocht mhór idir luaineacht na dtorthaí a bhreathnaítear sa mhargadh i gcás an chuid den dromchla arna eachtarshuí agus an chuid a leanann as an eachtarshuíomh.

Chun críocha phointe (a), i gcás gach ceann de na dromchlaí dá dtagraítear sa phointe sin, sonróidh an institiúid an samhaltaítear ina iomláine go díreach é nó mar shuim bhundromchla agus dromchla boinn.

Chun críocha phointe (d)(ii), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, a measúnú a chomhlánú trí úsáid a bhaint as an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 2.

Chun críocha phointe (e), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, a measúnú a chomhlánú trí úsáid a bhaint as an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 3.

Chun críocha phointe (f), féadfaidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 a chur i bhfeidhm trí phointe sa dromchla arna fháil trína eachtarshuí a roghnú agus pointí (b) de na míreanna sin á gcur i bhfeidhm.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (d)(ii), féadfaidh na húdaráis inniúla:

(a) a cheangal ar an institiúid cásanna de thurraingí amach anseo a chur i bhfeidhm maidir le fachtóirí riosca an dromchla mar a dhéantar sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(b) a cheangal ar an institiúid luaineacht pointe sa dromchla nach fachtóir riosca é a dhíorthú;

(c) a cheangal ar an institiúid luaineacht bhreathnaithe an phointe sa dromchla dá dtagraítear i bpointe (b) a fháil;

(d) an luaineacht a fhaightear i gcomhréir le pointe (b) a chur i gcomparáid leis an luaineacht bhreathnaithe a fhaightear i gcomhréir le pointe (c).

I gcás an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (d)(ii), beidh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 325bc(4), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an tréimhse struis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointe (c), den Rialachán sin araon mar bhonn ag na húdaráis inniúla.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (e), féadfaidh na húdaráis inniúla:

(a) a cheangal ar an institiúid cásanna de thurraingí amach anseo a chur i bhfeidhm maidir leis na paraiméadair feidhme mar a dhéantar sa tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(b) a cheangal ar an institiúid luaineacht pointe sa dromchla a dhíorthú;

(c) a cheangal ar an institiúid luaineacht bhreathnaithe an phointe sa dromchla dá dtagraítear i bpointe (b) a fháil;

(d) an luaineacht a fhaightear i gcomhréir le pointe (b) a chur i gcomparáid leis an luaineacht bhreathnaithe a fhaightear i gcomhréir le pointe (c).

I gcás an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1, pointe (e), beidh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 325bc(4), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an tréimhse struis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointe (c), den Rialachán sin araon mar bhonn ag na húdaráis inniúla.

Airteagal 31

Measúnú ar fhachtóirí riosca comhghaoil

Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar riosca comhghaoil a ghabháil le samhail tomhais riosca inmheánach institiúide mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bh(1), pointe (b), de Rialachán Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla, i gcás céadroghanna il-fholuiteacha agus aon táirge eile a gcinntear a luach ag deireadh an lae trí bhíthin paraiméadair chomhghaoil intuigthe, cé acu a áirítear nó nach n-áirítear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach fachtóir riosca a ghabhann an riosca go ndéanfar athruithe ar an bparaiméadar comhghaoil.

Féadfaidh an t-údarás inniúil céadroghanna agus táirgí a bhraitheann ar pharaiméadar comhghaoil intuigthe a shainaithint trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 23 den Rialachán seo, agus trí na fachtóirí sin ar paraiméadair chomhghaoil iad a shainaithint.

Foroinn 2

Measúnú ar airíonna na bhfachtóirí riosca

Airteagal 32

Measúnú ar insamhaltaitheacht na bhfachtóirí riosca

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide le hAirteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir le hinsamhaltaitheacht na bhfachtóirí riosca, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann beartais inmheánacha na hinstitiúide dá dtagraítear sa phointe sin gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) cumhdaítear leis na beartais inmheánacha na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 le haghaidh na doiciméadachta uile;

(b) ceanglaítear leis na beartais inmheánacha go dtabharfar fardal cothrom le dáta ar aird lena sonraítear na nithe seo a leanas i gcás gach fachtóra riosca:

(i) tuairisc ar an bhfachtóir riosca;

(ii) cé acu atá nó nach bhfuil an fachtóir riosca insamhaltaithe de réir an mheasúnaithe insamhaltaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 325be de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus cé acu ar athraíodh nó nár athraíodh stádas insamhaltaitheachta an fhachtóra riosca aon tráth sa bhliain roimhe sin;

(iii) an tréimhse 12 mhí a úsáidtear le haghaidh an mheasúnaithe insamhaltaitheachta;

(iv) cé acu fachtóir riosca creidmheasa córasach nó fachtóir riosca cothromais é an fachtóir riosca, dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(v) cé acu pointe cuair, dromchla nó ciúib é an fachtóir riosca, dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, an buicéad a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar insamhaltaitheacht an fhachtóra riosca sin, agus torthaí mheasúnú insamhaltaitheachta an bhuicéid sin;

(vi) cé acu atá nó nach bhfuil an fachtóir riosca ina pharaiméadar feidhme a úsáidtear chun cuar, dromchla nó ciúb a léiriú, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, agus:

(1) an tacar pointí ar an gcuar, ar an dromchla nó ar an gciúb ar baineadh úsáid astu chun an fheidhm pharaiméadrach dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 a chalabrú;

(2) an tacar buicéad, agus a n-insamhaltaitheacht, mar a leanann as cur i bhfeidhm na gcéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointí (b) agus (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(3) an tacar pointí ar an gcuar, ar an dromchla nó ar an gciúb ar baineadh úsáid astu chun an paraiméadar feidhme dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 a chalabrú;

(vii) an líon praghsanna infhíoraithe atá ionadaíoch ar an bhfachtóir riosca i gcaitheamh na tréimhse faoi bhreathnú le haghaidh an mheasúnaithe insamhaltaitheachta;

(viii) cé acu is ann nó nach ann do thréimhsí 90 lá ina bhfuil níos lú ná ceithre phraghas infhíoraithe ionadaíocha;

(c) leagtar amach leis na beartais inmheánacha:

(i) critéir chun fachtóirí riosca a shainaithint a gcuireann an institiúid an tréimhse aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 i bhfeidhm ina leith;

(ii) critéir chun a shuí cé acu atá nó nach bhfuil fachtóirí riosca le breithniú a bheith den chineál céanna, dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a), den Rialachán sin;

(d) leagtar amach leis na beartais inmheánacha critéir chun a chinneadh an ndéantar an measúnú insamhaltaitheachta ar chuar, dromchla nó ciúb trí úsáid a bhaint as buicéid chaighdeánacha réamhshainithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, nó trí úsáid a bhaint as na buicéid a bhunaíonn an institiúid féin dá dtagraítear in Airteagal 5(4) den Rialachán Tarmligthe sin;

(e) leagtar amach leis na beartais inmheánacha réasúnaíocht na rogha, i gcás ina ndéanfar na buicéid chaighdeánacha réamhshainithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 a fhoroinnt ina mbuicéid níos lú i gcomhréir le hAirteagal 5(3) den Rialachán sin.

Chun críocha phointí (b)(vii) agus (viii), i gcás ina ndéanfaidh an institiúid an measúnú insamhaltaitheachta ar fhachtóir riosca trí mheasúnú a dhéanamh ar insamhaltaitheacht tacar buicéad ar dtús, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an líon praghsanna infhíoraithe ionadaíocha a shonrú ar leibhéal gach ceann de na buicéid sin.

2. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail tomhais riosca inmheánach na hinstitiúide chun feidhme ina hiomláine mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis an measúnú insamhaltaitheachta ar fhachtóirí riosca a mheasúnaítear a bheith insamhaltaithe i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú, i ndáil le torthaí an mheasúnaithe insamhaltaitheachta:

(i) trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), go gcomhlíonann na fachtóirí riosca aon cheann den dá chritéar dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (a) agus (b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(ii) i gcás inarb infheidhme, trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), go gcomhlíonann an tréimhse a úsáidtear le haghaidh an mheasúnaithe insamhaltaitheachta Airteagal 1(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(b) i ndáil leis na ceanglais maidir le praghas a bhreithniú a bheith infhíoraithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060:

(i) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(1) áirithítear le córais agus beartais inmheánacha na hinstitiúide, agus lena comhaontuithe conarthacha le díoltóirí tríú páirtí, go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(2) cé acu atá aon phraghas ann a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 a bhreithnítear a bheith infhíoraithe;

(ii) trí athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha iniúchóireachta, a fhíorú an bhfuil an t-iniúchadh neamhspleách dá dtagraítear in Airteagal 2(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 stóinseach agus an gcumhdaítear leis gach gné dá dtagraítear sa mhír sin;

(iii) i gcás inarb infheidhme, athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe conarthacha dá dtagraítear in Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(c) i ndáil leis na ceanglais chun praghas infhíoraithe a bhreithniú a bheith ionadaíoch ar fhachtóir riosca dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, a fhíorú cé acu is fónta nó nach fónta an próiseas mapála agus na critéir a úsáidtear chun ionadaíochas praghais ar fhachtóir riosca dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (d), den Rialachán sin a chinneadh.

Chun críocha phointe (a)(ii), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is fónta nó nach fónta na critéir dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), chun a shainaithint an bhfuil fachtóirí riosca den chineál céanna agus, trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), chun a fhíorú cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na critéir sin i bhfeidhm i gceart.

Chun críocha phointe (b)(i), cuirfidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 5 i bhfeidhm.

Chun críocha phointe (c), cuirfidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 6 i bhfeidhm.

3. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis an measúnú insamhaltaitheachta ar fhachtóirí riosca a bhaineann le cuar, dromchla nó ciúb agus a mheasúnaítear a bheith insamhaltaithe i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) i ndáil le torthaí an mheasúnaithe insamhaltaitheachta:

(i) trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a fhíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann buicéadú cuar, dromchlaí agus ciúbanna na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) nó Airteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, agus go gcuireann an institiúid na critéir dá dtagraítear i mír 1, pointe (d), den Airteagal sin i bhfeidhm i gceart chun an cur chuige buicéadaithe a roghnú;

(ii) i gcás ina n-úsáidfidh an institiúid an tacar buicéad caighdeánach réamhshainithe dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, a fhíorú cé acu is iomchuí nó nach iomchuí aon bhuicéad a thiontú ina choinbhinsiún eile atá de réir chaighdeán an mhargaidh;

(iii) trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a fhíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na buicéid a mheasúnaítear a bheith insamhaltaithe aon cheann den dá choinníoll dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(iv) trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a fhíorú cé acu is ionann nó nach ionann an tréimhse a úsáidtear le haghaidh an mheasúnaithe insamhaltaitheachta i gcás gach buicéid de chuar, dromchla nó ciúb ar leith;

(b) i ndáil leis na ceanglais maidir le praghas a bhreithniú a bheith infhíoraithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060:

(i) trí athbhreithniú a dhéanamh ar chórais agus beartais inmheánacha na hinstitiúide, agus ar a comhaontuithe conarthacha le díoltóirí tríú páirtí, an méid seo a leanas a áirithiú:

(1) go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(2) aon phraghas a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) den Rialachán Tarmligthe sin, nach mbreithnítear é a bheith infhíoraithe;

(ii) trí athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha iniúchóireachta, a fhíorú an bhfuil an t-iniúchadh neamhspleách a gcuirtear díoltóirí tríú páirtí faoina réir stóinseach agus an gcumhdaítear leis gach gné dá dtagraítear in Airteagal 2(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(iii) i gcás inarb infheidhme, athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe conarthacha idir an institiúid agus na díoltóirí tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(c) i ndáil leis na ceanglais chun praghas infhíoraithe a leithdháileadh ar bhuicéad dá dtagraítear in Airteagal 4(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, a fhíorú cé acu is fónta nó nach fónta an próiseas mapála agus na critéir dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (d), den Rialachán sin a úsáidtear chun a chinneadh go bhfuil praghas ionadaíoch ar phointe sa bhuicéad;

(d) i ndáil leis an bhféidearthacht go ndéanfaí praghas infhíoraithe buicéid a ath-leithdháileadh ar bhuicéad atá cóngarach dó i gcomhréir le hAirteagal 5(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, a fhíorú:

(i) cé acu is iomchuí nó nach iomchuí an cur chuige a dhoiciméadaítear i gcomhréir le hAirteagal 7(1), pointe (f), den Rialachán sin a úsáideann an institiúid chun an t-ath-leithdháileadh sin a dhéanamh;

(ii) conas a áirithíonn an institiúid go gcomhlíontar na coinníollacha faoin gceadaítear ath-leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 5(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060.

Chun críocha phointe (b)(i), cuirfidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 5 i bhfeidhm.

Chun críocha phointe (c), cuirfidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 7 i bhfeidhm.

4. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis an measúnú insamhaltaitheachta ar fhachtóirí riosca a mheasúnaítear a bheith insamhaltaithe i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) i ndáil le torthaí an mheasúnaithe insamhaltaitheachta:

(i) trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), maidir le buicéid an chuair, an dromchla nó an chiúib arna shamhaltú trí fheidhm pharaiméadrach a mheasúnaítear a bheith insamhaltaithe, cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad aon cheann den dá choinníoll dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointí (a) agus (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(ii) trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(1) úsáideann an institiúid an cur chuige buicéadaithe a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(2) aon bhuicéad arna thiontú ina choinbhinsiún caighdeánach margaidh difriúil i gcomhréir le hAirteagal 5(2), pointe (d), den Rialachán sin, is iomchuí an tiontú sin;

(iii) trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), a fhíorú cé acu a mheasann nó nach measann an institiúid an paraiméadar feidhme a bheith insamhaltaithe sa chás ina bhfuil na pointí uile ar an gcuar, ar an dromchla nó ar an gciúb a úsáidtear chun an paraiméadar feidhme sin a chalabrú bainteach le buicéid atá insamhaltaithe agus sa chás sin amháin;

(b) i ndáil leis na ceanglais maidir le praghas a bhreithniú a bheith infhíoraithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060:

(i) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(1) áirithítear le córais agus beartais inmheánacha na hinstitiúide, agus lena socruithe conarthacha le díoltóirí tríú páirtí, go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(2) níl aon phraghas ann a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 a bhreithnítear a bheith infhíoraithe;

(ii) trí athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha iniúchóireachta, a fhíorú an bhfuil an t-iniúchadh neamhspleách a gcuirtear díoltóirí tríú páirtí faoina réir stóinseach agus an gcumhdaítear leis gach gné dá dtagraítear in Airteagal 2(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(iii) i gcás inarb infheidhme, athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe conarthacha idir an institiúid agus na díoltóirí tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(c) i ndáil leis na ceanglais chun praghas infhíoraithe a leithdháileadh ar bhuicéad dá dtagraítear in Airteagal 4(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, a fhíorú cé acu is fónta nó nach fónta an próiseas mapála agus na critéir dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (d), den Rialachán sin a úsáidtear chun a chinneadh go bhfuil praghas ionadaíoch ar phointe sa bhuicéad;

(d) i ndáil leis an bhféidearthacht go ndéanfaí praghas infhíoraithe buicéid a ath-leithdháileadh ar bhuicéad atá cóngarach dó i gcomhréir le hAirteagal 5(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, a fhíorú:

(i) cé acu is iomchuí nó nach iomchuí an cur chuige a dhoiciméadaítear i gcomhréir le hAirteagal 7(1), pointe (f), den Rialachán sin a úsáideann an institiúid chun an t-ath-leithdháileadh sin a dhéanamh;

(ii) conas a áirithíonn an institiúid go gcomhlíontar na coinníollacha faoin gceadaítear ath-leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 5(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060.

Chun críocha phointe (b)(i), cuirfidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 5 i bhfeidhm.

Chun críocha phointe (c), cuirfidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 7 i bhfeidhm.

5. Chun críocha mhír 2, pointe (b)(i), mhír 3, pointe (b)(i) agus mhír 4, pointe (b)(i), cuirfidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

(a) a cheangal ar an institiúid sampla d'fhachtóirí riosca agus buicéid a sholáthar, in éineacht leis na praghsanna infhíoraithe agus ionadaíocha a chomhfhreagraíonn dóibh, lena n-áirítear:

(i) fachtóirí riosca agus buicéid a chomhlíon, ar éigean, na coinníollacha maidir lena measúnú a bheith insamhaltaithe;

(ii) fachtóirí riosca agus buicéid ar athraíodh a stádas insamhaltaitheachta i gcaitheamh na bliana roimhe sin;

(iii) i gcás inarb infheidhme, fachtóirí riosca agus buicéid nach bhfaigheann ach an institiúid praghsanna infhíoraithe ina leith, nach bhfaigheann ach díoltóirí tríú páirtí praghsanna infhíoraithe ina leith, agus a bhfaigheann an institiúid agus díoltóirí tríú páirtí araon praghsanna infhíoraithe ina leith;

(b) a cheangal ar an institiúid údar a thabhairt, i gcás na bpraghsanna dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, le cé acu de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2022/2060 a chomhlíontar, agus an méid seo a leanas a fhíorú:

(i) i gcás ina gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, conas a rinne an institiúid measúnú go ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí;

(ii) i gcás ina gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, conas a rinne an institiúid nó an díoltóir tríú páirtí measúnú go ndearnadh an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí;

(iii) i gcás ina gcomhlíontar an coinníoll dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, conas a rinne an institiúid nó an díoltóir tríú páirtí luachaintí tairisceana agus ofrála araon a shainaithint;

(c) i gcás na bpraghsanna infhíoraithe dá dtagraítear i bpointe (a), fíoróidh na húdaráis inniúla:

(i) an amhlaidh nach idirbheart ná luachan tairisceana agus ofrála idir dhá eintiteas de chuid an ghrúpa chéanna é an praghas dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, agus an fónta an cur chuige a d'úsáid an institiúid nó an díoltóir tríú páirtí chun teacht ar an gconclúid nach leis an ngrúpa céanna an dá eintiteas;

(ii) conas a tháinig an institiúid nó an díoltóir tríú páirtí ar an gconclúid go bhfuil méid an idirbhirt nó an luachan a bhfuil gealltanas tugtha ina taobh atá bainteach leis an bpraghas infhíoraithe neamhdhiomaibhseach dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, agus cé acu is fónta nó nach fónta na méadrachtaí a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar an diomaibhseacht;

(iii) i gcás ina mbainfidh an praghas infhíoraithe le luachaintí a bhfuil gealltanas tugtha ina dtaobh dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060:

(1) conas a tháinig an institiúid nó an díoltóir tríú páirtí ar an gconclúid nach n-imíonn an raon difríochta idir tairiscint agus ofráil go mór ó na dálaí reatha margaidh is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (c), den Rialachán sin;

(2) cé acu is fónta nó nach fónta na méadrachtaí a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar an diall féideartha sin;

(iv) i measc na bpraghsanna sin, cé acu a bhféadfaí nó nach bhféadfaí a bhreithniú go gcomhlíonann roinnt díobh na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b) nó Airteagal 2(2), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060 toisc go bhfuil a méid níos ísle ná mar is gnách nó a raon difríochta idir tairiscint agus ofráil níos mó ná mar is gnách;

(v) cé acu ar shainaithin nó nár shainaithin an institiúid nó an díoltóir tríú páirtí crios ama a úsáidtear go comhsheasmhach ar fud na bhfoinsí sonraí uile chun dáta breathnóireachta an phraghais infhíoraithe a shainaithint mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060.

Chun críocha an phointe seo, ceanglóidh na húdaráis inniúla ar institiúidí nó ar dhíoltóirí tríú páirtí de réir mar is infheidhme an fhaisnéis uile a bhfuil gá léi chun an measúnú sin a dhéanamh go cuimsitheach a sholáthar dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 2(5), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060.

6. Chun críocha mhír 2, pointe (c), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a cheangal ar institiúid sampla d'fhachtóirí riosca a sholáthar, agus na praghsanna infhíoraithe agus ionadaíocha a chomhfhreagraíonn dóibh a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(b) a fhíorú, i gcás inar ann do phraghsanna infhíoraithe iomadúla ar dháta breathnóireachta ar leith le haghaidh an fhachtóra riosca, an amhlaidh nach mbreithnítear ach ceann amháin díobh nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(c) i gcás na bhfachtóirí riosca sin sa sampla dá dtagraítear i bpointe (a) nach fachtóirí riosca creidmheasa córasacha nó fachtóirí riosca cothromais iad lena ngabhtar gluaiseachtaí ar fud an mhargaidh dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) tá an fachtóir riosca ina spreagadh láidir don phraghas a bhreithnítear a bheith ionadaíoch

(ii) cé acu is fónta nó nach fónta an modh a úsáideann an institiúid chun teacht ar an gconclúid go bhfuil ghaolmhaireacht dhlúth idir an fachtóir riosca agus an praghas sin;

(iii) is fónta an mhodheolaíocht a úsáideann an institiúid chun luach an fhachtóra riosca a bhaint as an bpraghas sin;

(d) i gcás na bhfachtóirí riosca sin sa sampla dá dtagraítear i bpointe (a) ar fachtóirí riosca creidmheasa córasacha nó fachtóirí riosca cothromais iad lena ngabhtar gluaiseachtaí ar fud an mhargaidh dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na praghsanna infhíoraithe a úsáidtear ionadaíoch ar thréithe na bhfachtóirí riosca córasacha.

Chun críocha phointe (a), áireofar sa sampla fachtóirí riosca, i measc nithe eile, fachtóirí riosca a chomhlíon, ar éigean, na coinníollacha maidir lena measúnú a bheith insamhaltaithe agus fachtóirí riosca ar athraíodh a stádas insamhaltaitheachta i gcaitheamh na bliana roimhe sin. I gcás inarb infheidhme, sa sampla sin beidh fachtóirí riosca nach bhfaigheann ach an institiúid praghsanna infhíoraithe ina leith, nach bhfaigheann ach díoltóirí tríú páirtí praghsanna infhíoraithe ina leith, agus a bhfaigheann an institiúid agus díoltóirí tríú páirtí araon praghsanna infhíoraithe ina leith.

7. Chun críocha mhír 3, pointe (c), agus mhír 4, pointe (c), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a cheangal ar an institiúid sampla de bhuicéid a bhaineann le tacar cuar, dromchlaí nó ciúbanna, agus na praghsanna infhíoraithe agus ionadaíocha a chomhfhreagraíonn dóibh, a sholáthar;

(b) i gcás na bpraghsanna infhíoraithe dá dtagraítear i bpointe (a), a fhíorú, i gcás inar ann do phraghsanna infhíoraithe iomadúla ar dháta breathnóireachta ar leith le haghaidh na mbuicéad, an amhlaidh nach mbreithnítear ach praghas infhíoraithe amháin nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2060;

(c) i gcás na bpraghsanna infhíoraithe dá dtagraítear i bpointe (a), measúnú a dhéanamh gur iomchuí an mhodheolaíocht a úsáideann an institiúid chun praghas infhíoraithe a mhapáil chuig buicéad ar leith.

Chun críocha phointe (a), áireofar sa sampla buicéad, i measc nithe eile, buicéid a chomhlíon, ar éigean, na coinníollacha maidir lena measúnú a bheith insamhaltaithe agus buicéid ar athraíodh a stádas insamhaltaitheachta i gcaitheamh na bliana roimhe sin. I gcás inarb infheidhme, sa sampla sin beidh buicéid nach bhfaigheann ach an institiúid praghsanna infhíoraithe ina leith, nach bhfaigheann ach díoltóirí tríú páirtí praghsanna infhíoraithe ina leith, agus a bhfaigheann an institiúid agus díoltóirí tríú páirtí araon praghsanna infhíoraithe ina leith.

Chun críocha phointe (c), fíoróidh an t-údarás inniúil cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) tá na pointí i mbuicéad ina spreagadh láidir don phraghas a bhreithnítear a bheith ionadaíoch,

(b) is fónta an modh a úsáideann an institiúid chun teacht ar an gconclúid go bhfuil ghaolmhaireacht dhlúth idir aon phointe sa bhuicéad agus an praghas sin,

(c) is fónta an mhodheolaíocht a úsáideann an institiúid chun luach an phointe sin sa bhuicéad a bhaint as an bpraghas sin.

Airteagal 33

Measúnú ar thréimhse leachtachta ionchasach na bhfachtóirí riosca

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide le hAirteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir le tréimhse leachtachta ionchasach na bhfachtóirí riosca, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear leis na beartais inmheánacha dá dtagraítear sa phointe sin go gcuirfear fardal cothrom le dáta ar aird lena sonrófar, i gcás gach fachtóra riosca, an méid seo a leanas:

(a) tuairisc ar an bhfachtóir riosca;

(b) cé acu atá nó nach bhfuil an fachtóir riosca insamhaltaithe de réir an mheasúnaithe insamhaltaitheachta dá dtagraítear in Airteagal 325be de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus, i gcás ina mbeidh an fachtóir riosca insamhaltaithe, cé acu a áirítear nó nach n-áirítear an fachtóir riosca sin san fhothacar fachtóirí riosca insamhaltaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointe (a), den Rialachán sin;

(c) tuairisc shimplí ar na hionchuir sonraí a úsáidtear chun an fachtóir riosca a mharcáil;

(d) an tréimhse leachtachta a shanntar don fhachtóir riosca mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bd(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(e) an amhlaidh nach gcomhfhreagraíonn cineál an fhachtóra riosca d'aon chatagóir fachtóra riosca leathan mar a cheanglaítear le hAirteagal 1(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058;

(f) cé acu atá nó nach bhfuil an riosca a ghabhtar leis an bhfachtóir riosca agus na hionchuir sonraí a úsáidtear le haghaidh an fhachtóra riosca sin comhfhreagrach do na fachtóirí riosca a d'fhéadfadh teacht faoi níos mó ná catagóir fachtóra riosca leathan amháin nó fochatagóirí fachtóra riosca leathan amháin mar a cheanglaítear le hAirteagal 1(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058;

(g) i gcás ina n-úsáidtear é chun innéacs aonchineálach a shamhaltú, cé acu ar úsáideadh nó nár úsáideadh an mhodheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058 nó an mhodheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán sin chun fachtóir riosca a mhapáil chuig an gcatagóir fachtóra riosca leathan iomchuí agus chuig an bhfochatagóir fachtóra riosca leathan iomchuí de Thábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) 575/2013.

2. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach na hinstitiúide chun feidhme ina hiomláine i gcomhréir le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir le tréimhse leachtachta ionchasach na bhfachtóirí riosca, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) trí úsáid a bhaint as na heilimintí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo:

  (i) tá comhsheasmhacht idir cineál na bhfachtóirí riosca, na hionchuir sonraí a úsáidtear le haghaidh na bhfachtóirí riosca, agus an chatagóir fachtóra riosca leathan agus an fhochatagóir fachtóra riosca leathan de Thábla 2 d'Airteagal 325bd, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

  (ii) cuireadh fachtóirí riosca cothromais agus fachtóirí riosca mainneachtana a léiríonn comhpháirt chórasach faoi réir na láimhseála dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058, i gcás ina ndéantar na fachtóirí riosca sin a chalabrú agus úsáid á baint as ionchuir sonraí a bhaineann le catagóirí fachtóra riosca leathana nó fochatagóirí fachtóra riosca leathana éagsúla;

  (iii) tá fachtóirí riosca boinn a léiríonn an difríocht idir dhá fhachtóir riosca a shannfaí do dhá fhochatagóir éagsúla, dá ndéanfadh an institiúid iad a shamhaltú go díreach, seachas ar an mbonn, faoi réir na láimhseála dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058;

  (iv) i gcás nach bhfuil fachtóir riosca i measc na bhfachtóirí riosca dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058 agus nach mbaineann an fachtóir riosca sin gan débhrí le ceann de na fochatagóirí leathana rioscaí de Thábla 2 d'Airteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déantar an fachtóir riosca sin a mhapáil chuig an bhfochatagóir 'eile' den chatagóir iomchuí;

(v) fachtóirí riosca cothromais a aithnítear mar chothromas a bhfuil caipitliú margaidh mór aige, comhlíonann siad ceann amháin de an coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058;

(b) tá critéir oibiachtúla i bhfeidhm ag an institiúid chun cás ina dtagraíonn fachtóir riosca raoin difríochta creidmheasa do shuíomh de ghrád infheistíochta nó do shuíomh ardtoraidh a shainaithint;

(c) i gcás ina gcuirfidh an institiúid an maolú a leagtar amach in Airteagal 325bd(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i bhfeidhm maidir le tréimhsí leachtachta ionchasacha níos faide a úsáid i ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb den Rialachán sin agus i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, déanann an institiúid idirdhealú idir suíomhanna ar le deasca trádála iad a n-úsáidtear an maolú lena n-aghaidh agus suíomhanna ar le deasca trádála iad nach n-úsáidtear an maolú sin lena n-aghaidh;

(d) mar chuid den fhíorú míosúil dá dtagraítear in Airteagal 325bd(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoraíonn an institiúid cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) i ngeall ar athrú ar an gcaipitliú cothromais nó ar chomhpháirteanna innéacsanna dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2058, tháinig athrú ar an bhfochatagóir is iomchuí d'fhachtóir riosca cothromais;

(ii) i ngeall ar imirce nó ar theagmhais cáilíochta creidmheasa eile, tháinig athrú ar an bhfochatagóir is iomchuí d'fhachtóir riosca raoin difríochta creidmheasa;

(e) ní bhreithnítear ach airgeadra amháin a bheith ina airgeadra náisiúnta chun fachtóir riosca a mhapáil chuig an gcatagóir leathan 'Ráta úis' agus chuig an bhfochatagóir 'Airgeadraí is leachtaí agus airgeadra náisiúnta' d'Airteagal 325bd, Tábla 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Chun críocha phointe (c), díreoidh na húdaráis inniúla ar fhachtóirí riosca ar leis an bhfochatagóir atá faoi réir an mhaolaithe iad agus ar ann dóibh i ndeasca trádála a n-úsáidtear an maolú lena n-aghaidh agus i ndeasca trádála nach n-úsáidtear an maolú lena n-aghaidh araon.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (a), féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid na fachtóirí riosca i sampla d'ionstraimí airgeadais nó tráchtearraí a shainaithint, agus a measúnú a dhéanamh agus cineál na n-ionstraimí airgeadais lena ngabhann na fachtóirí riosca á chur san áireamh. I gcás ina gceanglófar an sampla sin, díreoidh na húdaráis inniúla ar ionstraimí airgeadais nó tráchtearraí lena ngabhann raon sách leathan de chineálacha fachtóra riosca chun a áirithiú go ndéanfar measúnú cuimsitheach.

4. Chun críocha mhír 2, pointe (d), den Airteagal seo, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid fachtóirí riosca a bhí faoi réir athrú ar an bhfochatagóir a sholáthar, agus a fhíorú, tar éis an fhíoraithe mhíosúil, go léirítear na hathruithe ar an tréimhse leachtachta ionchasach sa bheart riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus sa bheart riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin.

ROINN 3

Measúnú ar ionadaigh agus cáilíocht sonraí

Airteagal 34

Measúnú ar ionadaigh

1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir le hionadaigh a úsáid, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) bhunaigh an institiúid critéir, lena leagtar amach na nithe seo a leanas, mar chuid de na beartais inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013:

(i) an cás ina n-úsáidtear ionadach i leith fachtóir riosca;

(ii) conas a d'úsáidfí ionadach i leith fachtóir riosca dá mbeadh sé faoi réir cur chuige i leith ionadach.

(b) leis na beartais inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 cumhdaítear na cineálacha cur chuige uile a úsáideann an institiúid i leith ionadach, lena n-áirítear, i gcás ina n-úsáidtear iad:

(i) samhlacha fachtóra;

(ii) neastacháin béite;

(iii) mapáil fachtóirí riosca chuig tagarmharcanna, lena n-áirítear ainmneacha atá ionadaíoch ar an earnáil agus an réigiún nó ar innéacsanna;

(c) i gcás fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe, tá réasúnaíocht shoiléir le húsáid a bhaint as cur chuige i leith ionadach, cé go mbeifí in ann, leis an líon torthaí N san amshraith i gcás an fhachtóra riosca a leanann as Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, úsáid a bhaint as an modha stairiúil nó as modh na sigme neamhshiméadraí dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 9, faoi seach, den Rialachán Tarmligthe sin;

(d) is iomchuí an cur chuige a úsáidtear chun ionadach a úsáid i leith an fhachtóra riosca agus áirithítear leis, mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bh(1), pointe (g), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, go ndéanfar calabrú coimeádach ar na cásanna turraingí amach anseo i gcás fachtóirí riosca insamhaltaithe agus ar chásanna foircneacha turrainge amach anseo i gcás fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe;

(e) i gcás fachtóirí riosca nach n-úsáidtear seachshonraí ina leith ach le haghaidh tréimhsí sonracha san amshraith, níl aon léim aimhrialta idir na codanna den amshraith a n-úsáidtear ionadaigh ina leith agus na codanna den amshraith nach n-úsáidtear ionadaigh ina leith.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (c), fíoróidh na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca a n-úsáidtear ionadaigh ina leith, cé acu is amhlaidh an méid seo a leanas nó nach ea:

(a) is é an cur chuige i leith ionadach a úsáidtear le haghaidh na bhfachtóirí riosca sin an cur chuige ar a dtugtar tuairisc sna beartais inmheánacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), agus tá an t-ionadach a úsáidtear fóinteach ó thaobh na heacnamaíochta de;

(b) an riosca boinn idir an fachtóir riosca sin a n-úsáidtear ionadaigh ina leith agus fachtóirí riosca eile, déantar é a ghabháil go cuí, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear ionadaigh i leith fachtóirí riosca éagsúla trína mapáil chuig an bhfachtóir riosca céanna;

(c) níl aon chás ann inarb amhlaidh, mar thoradh ar an ionadach, nach ngabhtar an riosca sonrach go cuí.

Le linn an modh measúnúcháin sin a chur i bhfeidhm, roghnóidh na húdaráis inniúla sampla d'fhachtóirí riosca lena léireofar éagsúlacht cur chuige i leith ionadach, lena n-áirítear, i gcás ina n-úsáidfear iad, samhlacha fachtóirí, neastacháin béite, agus mapáil fachtóirí riosca chuig tagarmharcanna, lena n-áirítear ainmneacha atá ionadaíoch don earnáil agus don réigiún nó d'innéacsanna.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (c), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas, ar shampla d'fhachtóirí riosca ar ina leith a úsáideadh ionadaigh in áit sonraí sa tréimhse 12 mhí a chuaigh thart:

(a) é a cheangal ar an institiúid amshraith na bhfachtóirí riosca ar úsáideadh ionadaigh ina leith a sholáthar mar a úsáidtear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach agus amshraith na bhfachtóirí praghsála comhfhreagracha a sholáthar mar a úsáidtear sa phróiseas luachála deireadh lae;

(b) a fhíorú nach ndibhéirsíonn luaineachtaí an dá amshraith dá dtagraítear i bpointe (a) go substaintiúil;

(c) a fhíorú go bhfuil an dá amshraith an-chomhghaolaithe.

Le linn an modh measúnúcháin sin a chur i bhfeidhm, roghnóidh na húdaráis inniúla sampla d'fhachtóirí riosca lena léireofar éagsúlacht cur chuige i leith ionadach, lena n-áirítear, i gcás ina n-úsáidfear iad, samhlacha fachtóirí, neastacháin béite, agus mapáil fachtóirí riosca chuig tagarmharcanna, lena n-áirítear ainmneacha atá ionadaíoch d'earnáil agus réigiún ar leith nó d'innéacsanna ar leith.

4. Chun críocha mhír 1, pointe (c), chun coimeádachas cur chuige i leith ionadach a thástáil, roghnóidh na húdaráis inniúla sampla de chuir chuige agus cuirfidh siad na céimeanna seo a leanas uile i bhfeidhm san ord seo a leanas i gcás gach cur chuige i leith ionadach:

(a) é a cheangal ar an institiúid amshraith sampla d'fhachtóirí riosca nach n-úsáidtear ionadaigh ina leith a sholáthar, ar fachtóirí iad, dá n-úsáidfí ionadaigh ina leith, a leanfadh an cur chuige i leith ionadach a bhfuil measúnú á dhéanamh air;

(b) é a cheangal ar an institiúid an amshraith a sholáthar a d'úsáidfí tríd an gcur chuige i leith ionadach a bhfuil measúnú á dhéanamh air a chur i bhfeidhm ar amshraith na bhfachtóirí riosca dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) i gcás an dá amshraith, luaineachtaí na bhfachtóirí riosca sa tréimhse struis agus sa tréimhse 12 mhí a chuaigh thart a fháil, agus a fhíorú nach ngannmheastar leis an luaineacht a eascraíonn as an amshraith ionadach dá dtagraítear i bpointe (b) an luaineacht a eascraíonn as an amshraith dá dtagraítear i bpointe (a).

Le linn an modh measúnúcháin sin a chur i bhfeidhm, roghnóidh na húdaráis inniúla sampla d'fhachtóirí riosca lena léireofar éagsúlacht cur chuige i leith ionadach, lena n-áirítear, i gcás ina n-úsáidfear iad, samhlacha fachtóirí, neastacháin béite, agus mapáil fachtóirí riosca chuig tagarmharcanna, lena n-áirítear ainmneacha atá ionadaíoch d'earnáil agus réigiún ar leith nó d'innéacsanna ar leith.

5. Chun críocha mhír 1, pointe (c), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas, ar shampla d'fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe ar ina leith a úsáideadh seachshonraí sa tréimhse struis d'ainneoin an lín torthaí N san amshraith i gcás an fhachtóra riosca a eascraíonn as Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 a chumasódh úsáid a bhaint as an modh stairiúil nó as modh na sigme neamhshiméadraí dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 9, faoi seach, den Rialachán Tarmligthe sin:

(a) é a cheangal ar an institiúid an amshraith bhunaidh do na fachtóirí riosca sular úsáideadh aon chur chuige i leith ionadach a sholáthar;

(b) é a cheangal ar an institiúid an amshraith a úsáideadh do na fachtóirí riosca ar úsáideadh ionadaigh ina leith a sholáthar;

(c) comparáid a dhéanamh idir na suaití calabraithe aníos agus anuas mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagail 8 agus 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ar an amshraith dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den mhír seo, agus a fhíorú go mbíonn na suaití a eascraíonn as an amshraith a n-úsáidtear ionadaigh ina leith chomh coimeádach céanna leis na suaití a fhaightear trí úsáid a bhaint as an amshraith bhunaidh, agus é sin ar bhonn córasach.

Le linn an modh measúnúcháin sin a chur i bhfeidhm, roghnóidh na húdaráis inniúla sampla d'fhachtóirí riosca lena léireofar éagsúlacht cur chuige i leith ionadach, lena n-áirítear, i gcás ina n-úsáidfear iad, samhlacha fachtóirí, neastacháin béite, agus mapáil fachtóirí riosca chuig tagarmharcanna, lena n-áirítear ainmneacha atá ionadaíoch don earnáil agus don réigiún nó d'innéacsanna.

Airteagal 35

Measúnú ar cháilíocht na sonraí

1. Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann caighdeáin sonraí institiúide na híoschaighdeáin ionas go bhféadfaí an tsamhail tomhais riosca inmheánach a bhreithniú mar shamhail atá réasúnta cruinn maidir le rioscaí a thomhas mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh an méid seo a leanas nó nach amhlaidh:

(a) doiciméadaíonn an institiúid, mar chuid dá beartais inmheánacha, aon mhodheolaíocht a úsáidtear chun amshraitheanna ina bhfuil pointí sonraí in easnamh a líonadh, agus cé acu atá nó nach bhfuil anailís fhónta sa doiciméadacht sin a thaispeánann nach ndéanann na modheolaíochtaí sin difear do luaineachtaí ná comhghaolta na bhfachtóirí riosca;

(b) tá critéir oibiachtúla leagtha síos ag an institiúid lena leagtar amach an mhodheolaíocht a úsáidtear chun an amshraith a líonadh isteach, i gcás ina bhfuil níos mó ná modheolaíocht amháin ar fáil, agus tá na critéir sin doiciméadaithe aici ina beartais inmheánacha;

(c) an próiseas a bheidh le leanúint aon uair a athraítear na luachanna in amshraith, tá sé leagtha síos ag an institiúid mar chuid dá beartais inmheánacha, agus cé acu a áirítear nó nach n-áirítear doiciméadacht na n-athruithe a dhéantar sa phróiseas sin;

(d) ní dhéanann an institiúid scagadh ar shonraí, lena n-áirítear ríomh an íosráta, caidhpeáil agus eisiamh i ndáil le hasluitigh, mura rud é go bhfuil an institiúid in ann a léiriú go mbaineann an pointe sonraí arna eisiamh le sonraí earráideacha nó rite, agus go ndoiciméadaíonn an institiúid an t-eisiamh sin;

(e) déanann an institiúid seiceálacha cáilíochta tréimhsiúla ar an amshraith a úsáidtear chun an beart riosca easnaimh ionchasaigh a ríomh, agus doiciméadaíonn sí na seiceálacha sin mar aon leis na torthaí comhfhreagracha;

(f) déanann an institiúid anailís, mar chuid de na seiceálacha dá dtagraítear i bpointe (e), ar an éifeacht atá ag sonraí atá in easnamh nó ag sonraí arna n-ionadú, agus ag an modheolaíocht a úsáidtear chun an amshraith a fháil, ar luaineachtaí agus comhghaolta na bhfachtóirí riosca;

(g) is iomchuí cáilíocht sonraí na hamshraithe arna húsáid ag an institiúid.

Chun críocha phointe (e), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid faireachán, mar chuid de na seiceálacha dá dtagraítear sa phointe sin, ar an méid seo a leanas i gcás gach amshraithe:

(a) an líon laethanta a raibh pointí sonraí in easnamh ina leith ar dtús agus a líonadh isteach ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as modheolaíocht ar leith;

(b) an líon laethanta a raibh pointí sonraí ar fáil ina leith ar dtús agus a ionadaíodh ina dhiaidh sin trí úsáid a bhaint as modheolaíocht ar leith;

(c) an líon laethanta gan aon athrú laethúil;

(d) an t-uaslíon laethanta as a chéile gan aon athrú laethúil.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (g), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) é a cheangal ar an institiúid forléargas a sholáthar ar an amshraith a úsáidtear in PES_t^{RS}, PES_t^{RC}, PES_t^{FC}, $PES_t^{RS,\,i}$, $PES_t^{RC,\,i}$ agus $PES_t^{FC,\,i}$, dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus i ríomh na mbeart riosca maidir le cás struis, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ón gCoimisiún, agus an méid seo a leanas a áireamh san fhorléargas sin i gcás gach amshraithe a úsáidtear:

(i) an líon iomlán laethanta sa tréimhse bhreathnóireachta stairiúla a úsáidtear chun an PES_t^{RS}, PES_t^{RC}, PES_t^{FC}, $PES_t^{RS,\,i}$, $PES_t^{RC,\,i}$agus $PES_t^{FC,\,i}$ a ríomh, dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus na bearta riosca maidir le cás struis, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ón gCoimisiún;

(ii) an líon laethanta a bhfuil sonraí in easnamh ina leith san amshraith sula dtugann an institiúid aon choigeartú isteach;

(iii) an líon laethanta gan aon athrú laethúil san amshraith sula dtugann an institiúid aon choigeartú isteach;

(iv) an t-uaslíon laethanta as a chéile gan aon athrú laethúil san amshraith sula dtugann an institiúid aon choigeartú isteach;

(v) an líon laethanta a raibh sonraí ar fáil ina leith ar dtús san amshraith ach a d'eisiaigh nó a d'athraigh an institiúid sular úsáideadh iad i ríomh an PES_t^{RS}, PES_t^{RC}, PES_t^{FC}, $PES_t^{RS,\,i}$, $PES_t^{RC,\,i}$ agus $PES_t^{FC,\,i}$, dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus i ríomh na mbeart riosca maidir le cás struis, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ón gCoimisiún;

(b) ar bhonn an fhorléargais dá dtagraítear i bpointe (a), na hamshraitheanna sin a shainaithint ar amshraitheanna iad a úsáidtear le haghaidh fachtóirí riosca a bhféadfaidh cáilíocht íseal na sonraí difear a dhéanamh dóibh;

(c) ar bhonn an fhorléargais dá dtagraítear i bpointe (a), sampla d'amshraitheanna a roghnú arb iad is saintréithe dóibh go mbíonn ardlíon pointí sonraí in easnamh ar dtús, agus na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm san ord seo a leanas:

(i) é a cheangal ar an institiúid gan ach an amshraith ina bhfuil na pointí sonraí tosaigh a sholáthar, agus ansin an amshraith i ndiaidh dóibh í a líonadh isteach;

(ii) a fhíorú gur líonadh isteach na hamshraitheanna i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a bheartaítear sna beartais inmheánacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), agus gurb iomchuí na modheolaíochtaí sin don chás atá i gceist;

(d) ar bhonn an fhorléargais dá dtagraítear i bpointe (b), sampla d'amshraitheanna a roghnú arb iad is saintréithe dóibh go mbíonn ardlíon pointí sonraí iontu a bhí ar fáil ar dtús ach ar cuireadh pointí sonraí eile ina n-ionad ina dhiaidh sin, agus na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm san ord seo a leanas:

(i) é a cheangal ar an institiúid gan ach an amshraith ina bhfuil na pointí sonraí tosaigh a sholáthar, agus ansin an amshraith i ndiaidh dóibh pointí sonraí san amshraith a ionadú;

(ii) a fhíorú gur ionadaíodh na pointí sonraí i gcomhréir leis na modheolaíochtaí a bheartaítear sna beartais inmheánacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), agus gurb iomchuí na modheolaíochtaí sin don chás atá i gceist.

Chun críocha phointe (b), féadfaidh na húdaráis inniúla na táscairí seo a leanas a úsáid, i gcás inarb iomchuí, mar bhonn leis an sainaithint dá dtagraítear sa phointe sin:

(a) amshraitheanna ina bhfuil níos lú ná 10 % de na pointí sonraí a bhí ar fáil ar dtús;

(b) amshraitheanna ina bhfuil 20 lá gnó as a chéile gan aon athrú laethúil;

(c) amshraitheanna ina bhfuil níos mó ná 20 % de laethanta gan aon athrú;

(d) amshraitheanna ar athraíodh níos mó ná 50 % de na sonraí a bhí ar fáil ar dtús ina leith.

Ceanglóidh na húdaráis inniúla ar an institiúid údar a thabhairt le húsáid na n-amshraitheanna sin agus, i gcás inarb infheidhme, leis an gcúis a n-áirítear an fachtóir riosca comhfhreagrach sa tacar laghdaithe fachtóirí riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 325bc(3), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. I gcás fachtóirí riosca a n-úsáidtear seachshonraí ina leith, déanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú dá dtagraítear i mír 2 ar na hamshraitheanna a n-úsáidtear ionadaigh ina leith de réir mar a úsáideadh iad i ríomh an PES_t^{RS}, PES_t^{RC}, PES_t^{FC}, $PES_t^{RS,\,i}$, $PES_t^{RC,\,i}$ agus $PES_t^{FC,\,i}$, dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus ar na bearta riosca maidir le cás struis, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ón gCoimisiún.

ROINN 4

Measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas a bhaineann le cúltástáil agus tástáil ar shannadh brabúis agus caillteanais

Airteagal 36

Measúnú ar na heilimintí teicniúla atá le háireamh sna hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha ar luach na punainne le haghaidh cheanglais na cúltástála

1. Le linn do na húdaráis inniúla a fhíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann institiúid Airteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir leis na heilimintí teicniúla atá le háireamh sna hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha ar luach na punainne, fíoróidh siad cé acu is amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis na beartais inmheánacha dá dtagraítear sa phointe sin nó nach ea:

(a) sonraítear na heilimintí uile dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, agus i gcás inarb infheidhme, na heilimintí uile dá dtagraítear in Airteagal 1(5), pointe (c), den Rialachán sin;

(b) ceanglaítear go gcuirfear tuarascáil thréimhsiúil ar fáil, agus, i gcás ina ndéantar na heilimintí éagsúla a chuireann leis na hathruithe ar luach na punainne a dhícheangal, figiúirí laethúla, lena n-áirítear:

(i) na hathruithe a bhaineann le heilimintí a bhaintear den luach deiridh lae chun na hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha a fháil i gcomhréir le hAirteagail 1 go 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, lena n-áirítear na cinn siúd a bhaineann le gníomhaíochtaí trádála ionlae;

(ii) na hathruithe a bhaineann le coigeartuithe a áirítear sa luach deiridh lae ach nach n-áirítear sa ríomh ar na hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha i gcomhréir le hAirteagail 1 go 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(iii) na hathruithe a bhaineann le coigeartuithe a áirítear sa luach deiridh lae agus sa ríomh ar na hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha i gcomhréir le hAirteagail 1 go 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(iv) na hathruithe a bhaineann le coigeartuithe a eascraíonn as an bpróiseas maidir le fíorú neamhspleách ar phraghsanna dá dtagraítear in Airteagail 1(1) agus 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(c) ceanglaítear go gcuirfear an tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (b) ar fáil ar leibhéal gach deisce trádála faoi réir cheanglais chúltástála na deisce trádála i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, agus ar leibhéal na punainne faoi réir ceanglais chúltástála i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(d) sonraítear na próisis cheartúcháin atá le leanúint agus na hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha á ríomh i gcás teagmhas, eisceachtaí, earráidí agus teipeanna praghsála.

2. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine nó nach gcuirtear, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir leis na heilimintí teicniúla atá le háireamh sna hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha ar luach na punainne, déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

(a) i ndáil le ríomh na n-athruithe iarbhír ar luach phunann na deisce trádála dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059:

(i) trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo agus an achoimre ar na difríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059:

(1) na heilimintí atá difriúil idir na hathruithe ar luachanna punainne deiridh lae a tháirgtear tríd an bpróiseas luachála deiridh lae agus na hathruithe iarbhír a shainaithint;

(2) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na heilimintí a shainaithnítear i gcomhréir le pointe (1) teoranta do tháillí agus do choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 325bf(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus cé acu atá nó nach bhfuil siad teoranta do na coigeartuithe sin nach mór a eisiamh nó a fhéadfar a eisiamh ó na hathruithe iarbhír, mar a leagtar síos in Airteagal 1(3) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(ii) trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo, a fhíorú cé acu a áirítear nó nach n-áirítear na coigeartuithe a eascraíonn as an bhfíorú praghais neamhspleách sna hathruithe iarbhír ar luach phunann na deisce trádála, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(iii) a fhíorú cé acu a léirítear nó nach léirítear an t-imeacht ama dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 i ríomh na n-athruithe iarbhír, agus cé acu a léirítear nó nach léirítear an t-imeacht ama sin ar an mbealach céanna agus a léirítear é sa ríomh ar na luachanna punainne deiridh lae a tháirgtear tríd an bpróiseas luachála deiridh lae;

(iv) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an institiúid meastóireacht ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann coigeartú le riosca margaidh, dá dtagraítear in Airteagal 1(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 agus, trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo, a fhíorú cé acu a eisiatar nó nach n-eisiatar na coigeartuithe sin nach mbaineann le riosca margaidh ón ríomh ar na hathruithe iarbhír;

(v) trí chomparáid a dhéanamh idir na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo ar rátaí éagsúla, a fhíorú cé acu a léiríonn nó nach léiríonn an institiúid athruithe ar luachanna coigeartuithe ar na dátaí a ríomhtar an coigeartú agus ar na dátaí sin amháin, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 1(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(vi) a fhíorú cé acu a áirítear nó nach n-áirítear le raon feidhme na suíomhanna ar a ríomhtar an coigeartú suíomhanna a shanntar don deasc thrádála agus na suíomhanna sin amháin, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 1(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(vii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na coigeartuithe a fhéadfar a eisiamh ó na hathruithe iarbhír de bhun Airteagal 1(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 neamhshuimitheach;

(viii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 i gcomhréir leis an bhfianaise a eascraíonn as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo;

(b) i ndáil le ríomh na n-athruithe iarbhír ar luach na punainne dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059:

(i) trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c), den Airteagal seo agus an achoimre ar na difríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059:

(1) na heilimintí atá difriúil idir na hathruithe ar luachanna punainne deiridh lae a tháirgtear tríd an bpróiseas luachála deiridh lae agus na hathruithe iarbhír a shainaithint;

(2) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na heilimintí dá dtagraítear i bpointe (1) teoranta do tháillí agus do choimisiúin dá dtagraítear in Airteagal 325bf(4), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus do na coigeartuithe sin nach mór a eisiamh nó a fhéadfar a eisiamh ó na hathruithe iarbhír de bhun Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(ii) trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo, a fhíorú cé acu a áirítear nó nach n-áirítear na coigeartuithe a eascraíonn as an bhfíorú praghais neamhspleách sna hathruithe iarbhír ar luach na punainne, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(iii) a fhíorú cé acu a léirítear nó nach léirítear an t-imeacht ama dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 i ríomh na n-athruithe iarbhír, agus cé acu a léirítear nó nach léirítear an t-imeacht ama sin ar an mbealach céanna agus a léirítear é sa ríomh ar na luachanna punainne deiridh lae a tháirgtear tríd an bpróiseas luachála deiridh lae;

(iv) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an institiúid meastóireacht ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann coigeartú le riosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 2(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 agus, trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo, a fhíorú cé acu a eisiatar nó nach n-eisiatar na cinn siúd nach mbaineann le riosca margaidh ón ríomh ar na hathruithe iarbhír;

(v) a fhíorú, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, cibé acu a chomhdhéantar raon feidhme na suíomhanna ar a ríomhtar coigeartú as:

(1) suíomhanna a shanntar do dheasca trádála ar ina leith a ríomhann an institiúid a ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(2) na suíomhanna uile faoi réir ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh;

(vi) trí chomparáid a dhéanamh idir na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo ar rátaí éagsúla, a fhíorú cé acu a léiríonn nó nach léiríonn an institiúid athruithe ar luachanna coigeartuithe ar na dátaí a athríomhtar an coigeartú agus ar na dátaí sin amháin i gcomhréir le hAirteagal 2(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(vii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 i gcomhréir leis an bhfianaise a eascraíonn as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo;

(c) i ndáil le ríomh na n-athruithe hipitéiseacha ar luach phunann na deisce trádála dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059:

(i) trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo, na heilimintí atá difriúil idir na hathruithe ar luachanna punainne deiridh lae a tháirgtear tríd an bpróiseas luachála deiridh lae agus na hathruithe hipitéiseacha a shainaithint, agus a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na heilimintí sin teoranta do na nithe seo a leanas:

(1) táillí agus coimisiúin;

(2) do na heilimintí siúd nach ngabhtar de bharr na toimhdean go bhfuil na suíomhanna gan athrú dá dtagraítear in Airteagal 325bf(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(3) na coigeartuithe siúd nach mór a eisiamh nó a fhéadfar a eisiamh ó na hathruithe hipitéiseacha mar a leagtar síos in Airteagal 3(3) agus (5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(ii) a fhíorú cé acu a léirítear nó nach léirítear éifeacht an imeachta ama sna hathruithe hipitéiseacha i gcomhréir leis an láimhseáil a chuireann an institiúid i bhfeidhm maidir leis an éifeacht sin agus an beart riosca easnaimh ionchasaigh á ríomh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an beart riosca maidir le cás struis á ríomh dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(iii) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an institiúid meastóireacht ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann coigeartú le riosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 agus, trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo, a fhíorú cé acu a eisiatar nó nach n-eisiatar na coigeartuithe sin nach mbaineann le riosca margaidh ón ríomh ar na hathruithe hipitéiseacha;

(iv) trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo, a fhíorú nach n-áirítear ach amháin coigeartuithe a ríomhtar go laethúil agus a áirítear i samhail tomhais riosca na hinstitiúide mar chuid de na hathruithe hipitéiseacha, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(v) a fhíorú go n-áirítear le raon feidhme na suíomhanna ar a ríomhtar an coigeartú suíomhanna a shanntar don deasc thrádála agus na suíomhanna sin amháin, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(vi) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na coigeartuithe a eisiatar ó na hathruithe hipitéiseacha de bhun Airteagal 3(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 neamhshuimitheach;

(vii) trí úsáid a bhaint as an achoimre dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (c)(viii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, a fhíorú cé acu is iomchuí an mhodheolaíocht arna húsáid ag an institiúid chun athruithe ar luach coigeartaithe a ríomh nó nach ea, ag glacadh leis go bhfuil na suíomhanna gan athrú dá dtagraítear in Airteagal 325bf(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(viii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 i gcomhréir leis an bhfianaise a eascraíonn as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo;

(d) i ndáil le ríomh na n-athruithe hipitéiseacha ar luach na punainne dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059:

(i) trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo:

(1) na heilimintí atá difriúil idir na hathruithe ar luachanna punainne deiridh lae a tháirgtear tríd an bpróiseas luachála deiridh lae agus na hathruithe hipitéiseacha a shainaithint;

(2) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na heilimintí dá dtagraítear i bpointe (1) teoranta do tháillí agus do choimisiún, do na heilimintí siúd nach ngabhtar de bharr na toimhdean go bhfuil na suíomhanna gan athrú dá dtagraítear in Airteagal 325bf(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus do na coigeartuithe sin nach mór a eisiamh nó a fhéadfar a eisiamh ó na hathruithe hipitéiseacha i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(ii) a fhíorú cé acu a léirítear nó nach léirítear éifeacht an imeachta ama sna hathruithe hipitéiseacha i gcomhréir leis an láimhseáil a chuireann an institiúid i bhfeidhm maidir leis an éifeacht sin agus an beart riosca easnaimh ionchasaigh á ríomh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus an beart riosca maidir le cás struis á ríomh dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(iii) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an institiúid meastóireacht ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann coigeartú le riosca margaidh dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 agus, trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo, a fhíorú go n-eisiatar na cinn siúd nach mbaineann le riosca margaidh ón ríomh ar na hathruithe hipitéiseacha;

(iv) trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo, a fhíorú nach n-áirítear ach amháin coigeartuithe a ríomhtar go laethúil agus a áirítear i samhail tomhais riosca na hinstitiúide mar chuid de na hathruithe hipitéiseacha, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(v) a fhíorú, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, cibé acu a chomhdhéantar raon feidhme na suíomhanna ar a ríomhtar coigeartú as:

(1) suíomhanna a shanntar do dheasca trádála ar ina leith a ríomhann an institiúid a ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal IV, Caibidil 1b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(2) na suíomhanna uile faoi réir ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca margaidh;

(vi) trí úsáid a bhaint as an achoimre dá dtagraítear in Airteagal 5, pointe (c)(viii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, a fhíorú cé acu is iomchuí an mhodheolaíocht arna húsáid ag an institiúid chun athruithe ar luach coigeartaithe a ríomh nó nach ea, ag glacadh leis go bhfuil na suíomhanna gan athrú dá dtagraítear in Airteagal 325bf(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(vii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 5(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 i gcomhréir leis an bhfianaise a eascraíonn as na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (b) agus (c) den Airteagal seo;

(e) i ndáil leis na próisis arna leanúint ag an institiúid chun athruithe iarbhír agus hipitéiseacha a ríomh:

(i) maidir leis an bpróiseas chun suíomh a mhapáil chuig aon deasc thrádála amháin, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil sé láidir;

(ii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na próisis cheartúcháin dá dtagraítear i mír 1, pointe (d) láidir, agus cé acu a leantar nó nach leantar sa chleachtas iad aon uair a tharlaíonn teagmhais, eisceachtaí, earráidí agus teipeanna praghsála;

(iii) a fhíorú conas a láimhseáiltear suíomhanna neamhleachtacha sa phróiseas luachála deiridh lae agus sa phróiseas maidir le fíorú neamhspleách ar phraghsanna.

Chun críocha phointí (a)(vi), (b)(v)(i), (c)(v) agus (d)(v)(1), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a dhíorthaíonn nó nach ndíorthaíonn an institiúid an coigeartú is infheidhme maidir leis an deasc thrádála ó raon feidhme níos leithne de shuíomhanna ná na cinn siúd arna sannadh don deasc thrádála.

Chun críocha phointe (a)(vii), déanfaidh na húdaráis inniúla meastóireacht ar an gcaoi a mbainistíonn an institiúid na coigeartuithe sin ó thaobh rioscaí de.

Chun críocha phointí (b)(v)(ii) agus (d)(v)(2), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a áirítear nó nach n-áirítear an coigeartú iomlán arna ríomh ar an raon feidhme sin sna hathruithe iarbhír ar luach na punainne.

Chun críocha phointe (c)(vi), déanfaidh na húdaráis inniúla meastóireacht ar an gcaoi a mbainistíonn an institiúid na coigeartuithe sin ó thaobh rioscaí de.

Chun críocha phointe (e)(ii), déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú ar stair na dteagmhas, na n-eisceachtaí, na n-earráidí, agus na dteipeanna praghsála sna ríomhanna ar na hathruithe ar luachanna na bpunann, déanfaidh siad measúnú ar an gcaoi ar leasaíodh iad agus, i gcás inarb ábhartha, ar thionchar na n-earráidí sin ar thorthaí na cúltástála agus na tástála ar shannadh brabúis agus caillteanais.

Chun críocha phointe (e)(iii), na húdaráis inniúla, i gcás nach n-eascraíonn aon athrú ar an luacháil deiridh lae ná ar athruithe iarbhír agus hipitéiseacha ar luach na punainne as na suíomhanna sin de bharr sonraí rite, déanfaidh siad measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an tsamhail tomhais riosca réasúnta cruinn, d'ainneoin na heaspa sonraí, chun na rioscaí a bhaineann leis na suíomhanna sin a thomhas dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (f), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. Chun críocha mhír 2, pointí (a) go (d), féadfaidh na húdaráis inniúla aon cheann de na modhanna measúnúcháin seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) ar shampla d'idirbhearta, é a cheangal ar an institiúid na hathruithe ar an luach deiridh lae mar thoradh ar an bpróiseas luachála deiridh lae, na hathruithe iarbhír agus na hathruithe hipitéiseacha a ríomh agus a réiteach;

(b) ar shampla d'idirbhearta, é a cheangal ar an institiúid na hathruithe hipitéiseacha agus na hathruithe teoiriciúla a bhaineann le riosca a ríomh, agus a fhíorú cé acu a ghabhtar nó nach ngabhtar éifeacht an imeachta ama go comhsheasmhach;

(c) comparáid a dhéanamh idir próifíl na n-athruithe hipitéiseacha carnacha ar luach na punainne i gcaitheamh tréimhse ama ar leith agus na hathruithe carnacha comhfhreagracha iarbhír i gcaitheamh na tréimhse céanna chun measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht na ríomhanna arna ndéanamh ag an institiúid.

Airteagal 37

Measúnú ar an anailís ar sháruithe

1. Fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a dhéanann nó nach ndéanann institiúid anailís mhionsonraithe ar na sáruithe uile dá dtagraítear in Airteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, chun na cúiseanna atá leo a chinneadh.

2. Chun críocha mhír 1, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an institiúid nó nach ea:

(a) sainaithníonn sí na punanna nó na deasca trádála ba chúis leis an sárú go príomha;

(b) déanann sí anailís ar na difríochtaí idir na hathruithe hipitéiseacha agus na hathruithe iarbhír ar luach na punainne;

(c) déanann sí anailís ar cé acu ba iad gluaiseachtaí margaidh, fachtóirí riosca nó paraiméadair ba chúis leis an sárú nó nárbh iad, agus cé na cinn de na nithe siúd ba chúis leis;

(d) déanann sí anailís ar cé acu a chuir nó nár chuir aon saincheist samhaltaithe, nó fachtóirí riosca in easnamh, leis an sárú, agus soláthraíonn sí míniú ar cén chuid de na hathruithe ar luach na punainne is féidir a mhíniú leis an tsamhail agus cén chuid nach féidir;

(e) déanann sí anailís ar cé acu a chuir nó nár chuir teipeanna próisis, lena n-áirítear suíomhanna nár gabhadh i gceart nó nuashonruithe sonraí in easnamh, leis an sárú nó cé acu ba iad na nithe sin ba chúis leis nó nárbh iad;

(f) tugann sí tuairisc ar thorthaí na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh de thoradh phointí (a) go (e) le linn di fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi na sáruithe a d'eascair as a gclár cúltástála arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

3. Fíoróidh na húdaráis inniúla, i gcás ina sainaithnítear laige ábhartha nó míchruinneas sa tsamhail nó sna próisis leis an anailís dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid measúnú ar an laige nó ar an míchruinneas sin agus cé acu a fhorbraíonn nó nach bhforbraíonn sí plean go pras le haghaidh filleadh tráthúil ar chomhlíonadh na gceanglas cúltástála a bhfuil measúnú le déanamh orthu mar chuid de bhailíochtú tráthrialta na samhla.

4. Fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a áirithíonn nó nach n-áirithíonn an institiúid an dá cheann de na nithe seo a leanas:

(a) tuairiscítear aon sárú, lena n-áirítear sáruithe a bhaineann leis an gcúltástáil dá dtagraítear in Airteagal 325bf(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, don bhainistíocht shinsearach laistigh de 3 lá oibre ón dáta a shainaithnítear an sárú;

(b) tuairiscítear na hanailísí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 don údarás inniúil agus don bhainistíocht shinsearach laistigh de 1 mhí ón dáta a tharla an sárú.

Airteagal 38

Measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas sannta brabúis agus caillteanais

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine nó nach gcuirtear, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir leis na heilimintí teicniúla atá le háireamh sna hathruithe hipitéiseacha ar luach phunann na deisce trádála le haghaidh na gceanglas sannta brabúis agus caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 325bg den Rialachán sin, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu atá nó nach bhfuil an amshraith d'athruithe hipitéiseacha ar luach phunann na deisce trádála mar a úsáidtear chun críche ceanglas cúltástála i gcomhthráth leis an amshraith d'athruithe hipitéiseacha ar luach phunann na deisce trádála mar a úsáidtear le haghaidh an cheanglais sannta brabúis agus caillteanais, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059.

2. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide le hAirteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir leis na heilimintí teicniúla atá le háireamh sna hathruithe teoiriciúla ar luach na punainne chun críocha na gceanglas sannta brabúis agus caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 325bg den Rialachán sin, fíoróidh siad gurb amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis na beartais inmheánacha dá dtagraítear sa phointe (e) sin:

(a) áirithítear leo gurb ionann na laethanta gnó a úsáidtear i ríomh na n-athruithe teoiriciúla ar luach na punainne agus na cinn siúd a úsáidtear i ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin;

(b) sonraítear leo cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid an seat ama a ríomhann sí na hathruithe teoiriciúla ar luach phunann na deisce trádála ina leith a ailíniú leis an seat ama a ríomhann sí na hathruithe hipitéiseacha ar luach phunann na deisce trádála ina leith, de réir mar a cheadaítear le hAirteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(c) sonraítear leo cé acu atá nó nach bhfuil fachtóirí riosca ann a n-úsáideann an institiúid sonraí nó luachanna ionchuir ina leith i ríomh na n-athruithe hipitéiseacha chun na hathruithe teoiriciúla a ríomh, nó cé acu is amhlaidh nach bhfuil fachtóirí riosca ann a n-úsáidtear an láimhseáil sin ina leith, de réir mar a cheadaítear le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(d) cumhdaítear leo na gnéithe uile dá dtagraítear in Airteagal 15(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 i ndáil le fachtóirí riosca a n-úsáideann an institiúid sonraí nó luachanna ionchuir ina leith agus na hathruithe hipitéiseacha á ríomh aici chun na hathruithe teoiriciúla a ríomh, de réir mar a cheadaítear le hAirteagal 14 den Rialachán Tarmligthe sin;

(e) sonraítear leo na próisis cheartúcháin atá le leanúint agus na hathruithe teoiriciúla á ríomh i gcás teagmhas, eisceachtaí, earráidí agus teipeanna praghsála;

(f) cumhdaítear leo na gnéithe uile dá dtagraítear in Airteagal 15(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059.

Chun críocha phointe (c), i gcás ina n-úsáidtear an láimhseáil lena mbaineann le haghaidh roinnt fachtóirí riosca, ach ní na fachtóirí riosca uile, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a shonraítear nó nach sonraítear critéir oibiachtúla leis na beartais inmheánacha chun fachtóirí riosca a gcuirtear an láimhseáil sin i bhfeidhm ina leith a roghnú.

Chun críocha phointe (d), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid critéir chainníochtúla chun measúnú a dhéanamh ar éifeacht an ailínithe dá dtagraítear in Airteagal 15(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059.

3. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine nó nach gcuirtear, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis na ceanglais sannta brabúis agus caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 325bg den Rialachán sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

(a) i ndáil le ríomh na n-athruithe teoiriciúla ar luach na punainne:

(i) a fhíorú cé acu is ionann nó nach ionann na laethanta gnó a úsáidtear i ríomh na n-athruithe teoiriciúla ar luach na punainne agus na cinn siúd a úsáidtear i ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin;

(ii) a fhíorú cé acu is iad nó nach iad na suíomhanna a úsáidtear i ríomh na n-athruithe hipitéiseacha na cinn siúd a úsáidtear chun na hathruithe teoiriciúla a ríomh.

(iii) a fhíorú cé acu a ghlactar nó nach nglactar leis, nuair a ríomhann an institiúid na hathruithe teoiriciúla, go bhfuil na suíomhanna gan athrú, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 12(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(iv) a fhíorú nach bhfuil aon difríocht idir na modhanna praghsála, paraiméadruithe samhla, sonraí margaidh agus aon teicníc eile a úsáidtear sa tsamhail tomhais riosca inmheánach, agus na cinn siúd a úsáidtear chun na hathruithe teoiriciúla a ríomh, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 12(2) den Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(v) a fhíorú nach léirítear le hathruithe teoiriciúla ar luach na punainne ach amháin athruithe ar luachanna na bhfachtóirí riosca a shuaitear nuair a ríomhtar an beart riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó an beart riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 12(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(vi) a fhíorú go bhfuil na próisis cheartúcháin dá dtagraítear i mír 2, pointe (e) láidir agus go leantar sa chleachtas iad aon uair a tharlaíonn teagmhais, eisceachtaí, earráidí agus teipeanna praghsála;

(b) i ndáil leis na torthaí ar shannadh brabúis agus caillteanais:

(i) a fhíorú cé acu a ríomhtar nó nach ríomhtar comhéifeacht comhghaolúcháin Spearman agus méadrach tástála Kolmogorov-Smirnov i gceart;

(ii) a fhíorú, maidir leis na fachtóirí riosca a n-úsáideann an institiúid sonraí ionchuir ina leith agus na hathruithe hipitéiseacha á ríomh aici chun na hathruithe teoiriciúla a ríomh, de réir mar a cheadaítear le hAirteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh nach bhfuil sna fachtóirí sin ach na cinn siúd a gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear san Airteagal sin ina leith;

(iii) a fhíorú, maidir leis na fachtóirí riosca a n-úsáideann an institiúid a luachanna arna n-úsáid agus na hathruithe hipitéiseacha á ríomh chun na hathruithe teoiriciúla a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 14(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, nach bhfuil sna fachtóirí sin ach na cinn siúd a gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear san Airteagal sin ina leith.

Chun críocha phointe (a)(ii), déanfaidh na húdaráis inniúla meastóireacht ar cé acu a áirithíonn nó nach n-áirithíonn córais TF na hinstitiúide gur féidir na hathruithe sin a ríomh ar na suíomhanna céanna. Chuige sin, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid fardal na suíomhanna a gabhadh sna hathruithe iarbhír agus teoiriciúla a sholáthar, agus na suíomhanna sin a chur i gcomparáid.

Chun críocha phointe (a)(iv), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a áirithíonn nó n-áirithíonn córais na hinstitiúide gurb iad na feidhmeanna praghsála a úsáidtear chun na hathruithe teoiriciúla a ríomh na cinn siúd a úsáidtear i ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin.

Chun críocha phointe (a)(v), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a áirithíonn nó nach n-áirithíonn córais na hinstitiúide go gcoimeádtar luach na bhfachtóirí riosca eile tairiseach agus na hathruithe teoiriciúla á ríomh. Féadfaidh na húdaráis inniúla a measúnú a chomhlánú trí úsáid a bhaint as an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 5.

Chun críocha phointe (a)(vi), déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú ar stair na dteagmhas, na n-eisceachtaí, na n-earráidí, agus na dteipeanna praghsála sna ríomhanna ar na hathruithe ar luachanna na bpunann, déanfaidh siad measúnú ar cé acu a leasaíodh nó nár leasaíodh iad agus ar an gcaoi ar leasaíodh iad agus, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh siad measúnú ar thionchar na n-earráidí sin ar thorthaí na cúltástála agus na tástála ar shannadh brabúis agus caillteanais.

4. Chun críocha mhír 3, pointe (a)(iii), úsáidfidh na húdaráis inniúla ceann amháin nó níos mó de na modhanna measúnúcháin seo a leanas:

(a) é a cheangal ar an institiúid an fardal a sholáthar, ar lá ar leith agus ar an lá ina dhiaidh sin dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, de na suíomhanna sa phunann ar a ríomhann sí athruithe teoiriciúla, agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na fardail sin ag teacht le chéile;

(b) a fhíorú gurb iondúil go mbíonn na hathruithe teoiriciúla a bhaineann le riosca níos gaire do na hathruithe hipitéiseacha ná na hathruithe iarbhír agus, trí úsáid a bhaint as na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 36, mír 1, pointí (b) agus (c), na laethanta sin san amshraith a shainaithint ar a mbíonn an difríocht is mó idir na hathruithe iarbhír agus hipitéiseacha de bharr athrú ar chomhdhéanamh phunann na deisce trádála, agus a fhíorú nach ndéanann an t-athrú sin i gcomhdhéanamh na punainne difear do na hathruithe teoiriciúla ar na laethanta sin.

5. Chun críocha mhír 3, pointe (a)(v), féadfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) nuair a ríomhann an institiúid an beart riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó an beart riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, é a cheangal ar an institiúid sampla d'ionstraimí airgeadais a sholáthar ina punann, a bhfuil a bpraghsanna ag brath ar fhachtóirí riosca a shuaitear agus fachtóirí riosca nach suaitear araon;

(b) nuair a ríomhann an institiúid na hathruithe teoiriciúla a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i bpointe (a), a fhíorú, le haghaidh dáta tagartha ar leith, cé acu a choimeádtar nó nach gcoimeádtar luach na bhfachtóirí riosca nach suaitear tairiseach.

6. Chun críocha mhír 3, pointe (b)(i), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas i gcás na ndeasc trádála is ábhartha nó na ndeasc trádála uile:

(a) é a cheangal ar an institiúid an amshraith d'athruithe hipitéiseacha agus teoiriciúla ar luach phunann na deisce trádála a sholáthar, a úsáidtear chun comhéifeacht comhghaolúcháin Spearman agus méadrach tástála Kolmogorov-Smirnov a ríomh dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(b) comhéifeacht comhghaolúcháin Spearman a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 agus méadrach tástála Kolmogorov-Smirnov a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 8 den Rialachán Tarmligthe sin;

(c) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil comhéifeacht comhghaolúcháin Spearman agus méadrach tástála Kolmogorov-Smirnov a eascraíonn as pointe (b) ag teacht leis na cinn siúd arna bhfáil ag an institiúid;

(d) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil aicmiú na ndeasc trádála chuig na criosanna dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 ceart.

7. Chun críocha mhír 3, pointe (b)(ii), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) na fachtóirí riosca is ábhartha a shainaithint ar chuir an institiúid an láimhseáil dá dtagraítear in Airteagal 14(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 i bhfeidhm ina leith;

(b) a fhíorú cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear an fachtóir riosca céanna sa ríomh ar na hathruithe hipitéiseacha agus teoiriciúla;

(c) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil difríocht i luach na bhfachtóirí riosca dá dtagraítear i bpointe (a) de bharr fhoinsí nó amanna eastósctha difriúla a sonraí ionchuir agus ar na cúiseanna sin amháin.

An déine ar a ndéanann an t-údarás inniúil an measúnú, beidh sí comhréireach leis an éifeacht a bhíonn ag ailíniú shonraí ionchuir na bhfachtóirí riosca ar athruithe teoiriciúla agus ar thorthaí na tástála ar shannadh brabúis agus caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059.

8. Chun críocha mhír 3, pointe (b)(iii), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) na fachtóirí riosca is ábhartha a shainaithint ar chuir an institiúid an láimhseáil dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059 i bhfeidhm ina leith;

(b) i gcás na bhfachtóirí riosca dá dtagraítear i bpointe (a), tuiscint chuimsitheach a fháil ar na teicnící atá bainteach leis na córais luachála a úsáidtear chun luach an fhachtóra riosca a dhíorthú ó na sonraí ionchuir, dá dtagraítear in Airteagal 14(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059;

(c) ar bhonn phointe (b) den mhír seo, measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, agus aon réasúnaíocht arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 15(3) den Rialachán sin á cur san áireamh.

An déine ar a ndéanann an t-údarás inniúil an measúnú, beidh sí comhréireach leis an éifeacht a bhíonn ag ailíniú luachanna na bhfachtóirí riosca ar athruithe teoiriciúla agus ar thorthaí na tástála ar shannadh brabúis agus caillteanais dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059.

ROINN 5

Measúnú ar chomhlíontacht na gceanglas a bhaineann le láimhseáil na malairte eachtraí agus an riosca tráchtearraí sa leabhar neamhthrádála

Airteagal 39

Measúnú ar ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh malairt eachtrach agus riosca tráchtearraí sa leabhar neamhthrádála

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide le hAirteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir le ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna sa leabhar neamhthrádála, fíoróidh siad cé acu a shonraítear nó nach sonraítear an méid seo a leanas leis na beartais inmheánacha dá dtagraítear san Airteagal sin:

(a) raon feidhme na suíomhanna malairte eachtraí sa leabhar neamhthrádála a ríomhann an institiúid na ceanglais cistí dílse ina leith le cur chuige malartach na samhla inmheánaí agus, i gcás inarb infheidhme, an chúis fholuiteach le suíomhanna áirithe a eisiamh ón raon feidhme sin;

(b) raon feidhme na suíomhanna tráchtearraí sa leabhar neamhthrádála a ríomhann an institiúid na ceanglais cistí dílse ina leith le cur chuige malartach na samhla inmheánaí, agus i gcás inarb infheidhme, an chúis fholuiteach le suíomhanna áirithe a eisiamh ón raon feidhme sin;

(c) i gcás suíomhanna atá faoi réir riosca malairte eachtraí ach nach bhfuil faoi réir riosca tráchtearraí:

(i) cé acu atá nó nach bhfuil an luach a úsáidtear mar bhonn chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca malairte eachtraí ar an luach cuntasaíochta deiridh dá bhfuil ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577, nó ar an gcóirluach deiridh dá bhfuil ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Rialachán Tarmligthe sin, agus an mhinicíocht a n-athríomhtar an luach sin dá réir;

(ii) cé acu atá nó nach bhfuil deasca trádála ann a bhfuil a suíomhanna neamhlíneacha sa ráta malairte faoi réir na láimhseála dá dtagraítear in Airteagal 3(4) agus Airteagal 5(1), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 agus, i gcás inarb infheidhme, an chúis atá leis an maolú sin a bheith ann le haghaidh roinnt deasca trádála, ach gan é a bheith ann le haghaidh cinn eile;

(d) na deasca trádála ar ina leith a ríomhtar na hathruithe hipitéiseacha agus iarbhír ar luach na punainne i ndáil le suíomh leabhair neamhthrádála atá faoi réir riosca tráchtearraí nó faoi réir riosca tráchtearraí agus riosca malairte eachtraí araon i gcomhréir le hAirteagal 5(2), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2023/1577, agus deasca trádála ar ina leith a ríomhtar na hathruithe i gcomhréir le hAirteagal 5(2), pointe (b), den Rialachán Tarmligthe sin, agus an chúis leis an rogha sin.

2. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir le ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca margaidh i gcás suíomhanna sa leabhar neamhthrádála, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear an méid seo a leanas leis na próisis inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013:

(i) inrianaitheacht na suíomhanna leabhair neamhthrádála arna hionchorprú i raon feidhme chur chuige malartach na samhla inmheánaí, agus cruinneas na luachanna cuntasaíochta nó na gcóirluachanna a úsáidtear mar bhonn chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le haghaidh riosca margaidh, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagail 3 agus 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577;

(ii) go n-áirítear suíomhanna leabhair neamhthrádála a mheallann riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí arna gcur in áirithe ar dháta ar leith i ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin;

(iii) go n-áirítear aon suíomh riosca malairte eachtraí a eascraíonn as athrú ar an airgeadra tuairiscithe ar na leibhéil éagsúla chomhdhlúthúcháin ('riosca aistriúcháin') i raon feidhme na suíomhanna faoi réir riosca malairte eachtraí;

(iv) sainaithint cheart ar shuíomhanna malairte eachtraí a chomhlíonann na coinníollacha chun an láimhseáil dá dtagraítear in Airteagal 3(4) agus Airteagal 5(1), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 a úsáid, i gcás ina n-úsáideann an institiúid an láimhseáil sin;

(v) sainaithint cheart iomlán ar mhíreanna a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 3(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577;

(b) i ndáil le ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh suíomhanna atá faoi réir riosca malairte eachtraí dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577, a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) suíomhanna malairte eachtraí a n-úsáideann an institiúid an maolú a leagtar síos in Airteagal 3(4) agus Airteagal 5(1), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 ina leith, déantar iad a idirdhealú ó shuíomhanna malairte eachtraí nach n-úsáideann an institiúid an maolú sin ina leith;

(ii) ní dhéantar ach fachtóirí riosca malairte eachtraí an luacha cuntasaíochta deiridh nó an chóirluacha deiridh dá bhfuil ar fáil a thabhairt cothrom le dáta chun luach an tsuímh a chinneadh sula gcuirtear i bhfeidhm an cás de shuaitheadh amach anseo, mura rud é go n-úsáidtear an láimhseáil dá dtagraítear in Airteagal 3(4) den Rialachán sin, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577;

(iii) i gcás suíomhanna a n-úsáidtear an láimhseáil in Airteagal 5(1), an dara fomhír den Rialachán sin ina leith, tugtar na fachtóirí riosca uile cothrom le dáta chun luach an tsuímh a chinneadh sula gcuirtear i bhfeidhm an cás de shuaitheadh amach anseo, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577;

(c) i ndáil le míreanna a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 3(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577, a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) is iomchuí na critéir arna leagan síos ag an institiúid chun teagmhais a spreagann lagú a shainaithint, bunaithe ar shonraí stairiúla agus teagmhais stairiúla;

(ii) tá na critéir dá dtagraítear i bpointe (i) i gcomhréir leis an mbainistíocht riosca inmheánach ar riosca lagaithe;

(iii) tá an leibhéal lagaithe a aithnítear tar éis na dteagmhas dá dtagraítear i bpointe (i) bunaithe ar réasúnú oibiachtúil;

(d) i ndáil le ríomh na gceanglas cistí dílse le haghaidh suíomhanna atá faoi réir riosca tráchtearraí nó faoi réir riosca tráchtearraí agus malairte eachtraí araon dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577, a fhíorú cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear cásanna de shuaitheadh amach anseo i bhfeidhm maidir le fachtóirí riosca a bhaineann leis an gcatagóir fachtóra riosca leathan tráchtearraí agus maidir leis na fachtóirí sin amháin, agus i gcás inarb infheidhme, maidir leis an gcatagóir fachtóra riosca leathan malairte eachtraí;

(e) a fhíorú cé acu a ríomhtar nó nach ríomhtar na hathruithe hipitéiseacha agus iarbhír a bhaineann le suíomhanna leabhair neamhthrádála faoi réir riosca malairte eachtraí nó riosca tráchtearraí i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577.

Chun críocha phointe (a)(iii), fíoróidh na húdaráis inniúla an chaoi a n-áiríonn an institiúid na glansuíomhanna oscailte a eascraíonn as eintitis éagsúla an ghrúpa sa tsamhail tomhais riosca inmheánach.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (a)(ii), féadfaidh na húdaráis inniúla ceann amháin den dá chur chuige seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) ar shampla de shuíomhanna leabhair neamhthrádála arna nglacadh ar dháta tagartha ar leith, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na suíomhanna sin ar áireamh i raon feidhme na suíomhanna a ghabhtar sa bheart riosca easnaimh ionchasaigh nó sa bheart riosca maidir le cás struis ar an dáta tagartha sin nó i raon feidhme shuíomhanna an chur chuige chaighdeánaithe mhalartaigh;

(b) é a cheangal ar an institiúid, ar thaobh amháin, na suíomhanna leabhair neamhthrádála arna nglacadh ar dháta tagartha ar leith agus, ar an taobh eile, na suíomhanna leabhair neamhthrádála atá faoi raon feidhme na samhla tomhais riosca inmheánaí agus faoi raon feidhme an chur chuige chaighdeánaithe mhalartaigh ar an dáta tagartha sin a thabhairt le chéile.

4. Chun críocha mhír 2, pointe (a)(iii), féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid cineálacha suíomhanna a áirítear sa tsamhail agus a eascraíonn as sócmhainní agus dliteanais nach meallann riosca margaidh a sholáthar nuair a ríomhtar na ceanglais cistí dílse ar an leibhéal aonair, ach a mheallann an riosca sin nuair a ríomhtar na ceanglais cistí dílse ar an leibhéal comhdhlúite de bharr riosca aistriúcháin.

5. Chun críocha mhír 2, pointe (a)(v), na míreanna a shainaithin an institiúid mar mhíreanna a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 3(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 chun na ceanglais cistí dílse a ríomh le cur chuige malartach na samhla inmheánaí, agus na míreanna a chomhlíonann na coinníollacha sin i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme, féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid na míreanna sin a thabhairt le chéile.

6. Chun críocha mhír 2, pointe (b), ar shampla de shuíomhanna leabhair neamhthrádála agus ar dháta tagartha le haghaidh ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, féadfaidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) é a cheangal ar an institiúid an liosta de na nithe seo a leanas a sholáthar:

(i) fachtóirí riosca a úsáidtear mar ionchuir chun an cóirluach atá ina bhonn le haghaidh ríomh na gceanglas cistí dílse a chinneadh de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577;

(ii) as na fachtóirí riosca a áirítear sa liosta dá dtagraítear i bpointe (i), na fachtóirí riosca sin a gcuireann an institiúid cásanna de shuaitheadh amach anseo i bhfeidhm maidir leo le haghaidh ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin;

(b) é a cheangal ar an institiúid luach na bhfachtóirí riosca dá dtagraítear i bpointe (a) a sholáthar ar na dátaí seo a leanas:

(i) an dáta ar ar cinneadh an cóirluach deiridh a bhí ar fáil;

(ii) an dáta tagartha ar leith le haghaidh ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh nó le haghaidh ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis;

(c) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) i gcás suíomhanna nach n-úsáidtear an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 3(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 ina leith, ní dhearnadh luach na bhfachtóirí riosca nach léiríonn riosca malairte eachtraí a thabhairt cothrom le dáta idir an dá dháta dá dtagraítear i bpointí (b)(i) agus (b)(ii);

(ii) i gcás suíomhanna a n-úsáidtear an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 3(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 ina leith, rinneadh luach na bhfachtóirí riosca uile a thabhairt cothrom le dáta idir an dá dháta dá dtagraítear i bpointí (b)(i) agus (b)(ii);

(iii) ní bhaineann na fachtóirí riosca dá dtagraítear i bpointe (a)(ii) ach le riosca malairte eachtraí, gan beann ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 3(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577.

7. Chun críocha mhír 2, pointe (b), ar shampla de shuíomhanna leabhair neamhthrádála agus ar dháta tagartha le haghaidh ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, féadfaidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann an institiúid na fachtóirí riosca malairte eachtraí a dhícheangal ó ionchuir eile a úsáidtear chun luach cuntasaíochta suímh a chinneadh;

(b) é a cheangal ar an institiúid an liosta d'fhachtóirí riosca a sholáthar as na fachtóirí riosca malairte eachtraí dá dtagraítear i bpointe (a) a gcuireann an institiúid cásanna de shuaitheadh amach anseo i bhfeidhm maidir leo le linn di an beart riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó an beart riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin a ríomh;

(c) luach na bhfachtóirí riosca malairte eachtraí a fháil mar aon le luach na n-ionchur eile a úsáideadh chun an luach cuntasaíochta a chinneadh ar na dátaí seo a leanas:

(i) an dáta ar ar cinneadh an luach cuntasaíochta deiridh a bhí ar fáil;

(ii) an dáta tagartha ar leith le haghaidh ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh agus le haghaidh ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis;

(d) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) i gcás suíomhanna nach n-úsáidtear an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 3(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 ina leith, ní dhearnadh na hionchuir luachála nach léiríonn riosca malairte eachtraí a thabhairt cothrom le dáta idir an dá dháta dá dtagraítear i bpointí (c)(i) agus (c)(ii);

(ii) i gcás suíomhanna a n-úsáidtear an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 3(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577 ina leith, na hionchuir luachála, lena n-áirítear fachtóirí riosca malairte eachtraí, tugadh cothrom le dáta iad idir an dá dháta dá dtagraítear i bpointí (c)(i) agus (c)(ii);

(iii) ní bhaineann na fachtóirí riosca dá dtagraítear i bpointe (b) ach le riosca malairte eachtraí, gan beann ar cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear an láimhseáil a leagtar amach in Airteagal 3(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577.

8. Chun críocha mhír 2, pointe (d), ar shampla de shuíomhanna leabhair neamhthrádála agus ar dháta tagartha le haghaidh ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus i ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, féadfaidh na húdaráis inniúla an modh measúnúcháin seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) é a cheangal ar an institiúid an liosta de na nithe seo a leanas a sholáthar:

(i) fachtóirí riosca a úsáidtear mar ionchuir chun an cóirluach atá ina bhonn le haghaidh ríomh na gceanglas cistí dílse a chinneadh de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577;

(ii) as na fachtóirí riosca a áirítear sa liosta dá dtagraítear i bpointe (a), na fachtóirí riosca sin a gcuireann an institiúid cás de shuaitheadh amach anseo i bhfeidhm maidir leo le linn di an beart riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a ríomh nó a gcuireann sí dianchás de shuaitheadh amach anseo i bhfeidhm maidir leo le linn di an beart riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin a ríomh;

(b) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, sa liosta dá dtagraítear i bpointe (a)(ii), nach bhfuil ach fachtóirí riosca ann a léiríonn riosca tráchtearraí, agus riosca malairte eachtraí i gcás inarb infheidhme.

9. Chun críocha mhír 2, pointe (e), féadfaidh na húdaráis inniúla, ar shampla de shuíomhanna leabhair neamhthrádála, an modh measúnúcháin seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) é a cheangal ar an institiúid tuairisc a sholáthar ar na hionchuir luachála a úsáidtear chun luach cuntasaíochta nó cóirluach an tsuímh a chinneadh;

(b) é a cheangal ar an institiúid luachanna na n-ionchur luachála sin a sholáthar ag deireadh an lae tar éis ríomh an tomhais luacha faoi riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ag deireadh an lae roimhe sin, de réir mar a úsáidtear i ríomh na n-athruithe hipitéiseacha agus iarbhír ar luach na punainne;

(c) a fhíorú, ag brath ar an suíomh atá faoi réir an mheasúnaithe, cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na luachanna a thabhairt cothrom le dáta nó a choimeád gan athrú de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1577.

ROINN 6

Measúnú ar ríomh na mbeart riosca easnaimh ionchasaigh agus ar ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis

Foroinn 1

Measúnú ar ghnéithe atá ábhartha maidir le ríomh na mbeart riosca easnaimh ionchasaigh agus le ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis araon

Airteagal 40

Measúnú ar chumas na samhla tomhais riosca inmheánaí chun neamhlíneacht a ghabháil

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide le hAirteagal 325bh(1), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir le héifeachtacht agus cumas na samhla tomhais riosca inmheánaí chun neamhlíneacht roghanna agus táirgí eile a ghabháil i gcás institiúid a bhaineann úsáid as cur chuige bunaithe ar íogaireacht, fíoróidh siad cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) gabhann an tsamhail tomhais riosca inmheánach ar a laghad na téarmaí céad ordaithe ábhartha agus na téarmaí dara hordú ábhartha de neastacháin shraith Taylor chun an t-athrú ar phraghsanna de bharr athruithe ar na fachtóirí riosca ábhartha a léiriú, lena n-áirítear an riosca trasgháma a léirítear le comhghluaiseachtaí ábhartha i bhfachtóirí riosca;

(b) bíonn torthaí iomchuí ar an gcur chuige bunaithe ar íogaireacht, lena n-áirítear i gcás ina gcuirtear suaitheadh dian i bhfeidhm ar na fachtóirí riosca.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm san ord seo a leanas:

(a) táirgí a shainaithint ar ina leith atá na húdaráis inniúla ag iarraidh ábharthacht na dtéarmaí ordaithe de neastacháin shraith Taylor a thástáil, mar aon lena iomchuí atá an cur chuige bunaithe ar íogaireacht faoi shuaitheadh dian;

(b) lá gnó a shainaithint le linn na tréimhse struis ar a raibh na torthaí a breathnaíodh le haghaidh na bhfachtóirí riosca sna táirgí sin an-ard, i gcás ina raibh siad dearfach, nó an-íseal, i gcás ina raibh siad diúltach;

(c) é a cheangal ar an institiúid na hathruithe hipitéiseacha agus teoiriciúla ar luachanna na dtáirgí sin a ríomh i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2059, faoin gcás a shainaithnítear leis na torthaí ar an lá gnó arna shainaithint i gcomhréir le pointe (b);

(d) ar bhonn thorthaí an ríomha dá dtagraítear i bpointe (c), measúnú a dhéanamh ar cé acu a thagann nó nach dtagann torthaí iomchuí as an gcur chuige bunaithe ar íogaireacht.

Foroinn 2

Measúnú ar ghnéithe atá ábhartha maidir le ríomh na mbeart riosca easnaimh ionchasaigh

Airteagal 41

Measúnú ar ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine nó nach gcuirtear, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis an ríomh ar na bearta easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe agus ar na bearta easnaimh ionchasaigh páirteacha i gcás na gcatagóirí fachtóirí riosca leathana uile ar mhinicíocht laghdaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bb(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

(a) anailís ar an bpróiseas arna úsáid ag an institiúid chun an lá den tseachtain ar a ríomhtar na bearta a chinneadh;

(b) a fhíorú nach mbeidh gannmheastachán ar riosca mar thoradh ar laghdú ar an minicíocht ríomha.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an anailís arna déanamh ag an institiúid leormhaith chun a léiriú nach ann d'aon ghannmheastachán ar riosca;

(b) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, maidir le treocht na bhfigiúirí laethúla le haghaidh UES_t, PES_t^{RS}, PES_t^{FC} agus PES_t^{RC} arna ríomh ar shuíomhanna uile na punainne de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bb(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nach léiríonn sí próifíl riosca níos ísle ar bhonn córasach ar an lá arna roghnú ag an institiúid.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (b), i gcás inar léir go bhfuil rian de phróifíl riosca níos ísle ann ar bhonn córasach, féadfaidh na húdaráis inniúla a measúnú a chomhlánú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) é a cheangal ar an institiúid na bearta easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe UES_t^i agus na bearta easnaimh ionchasaigh páirteacha $PES_t^{RS,i}$, $PES_t^{FC,i}$ agus $PES_t^{RC,i}$ a ríomh go laethúil agus ar feadh tréimhse ar leith i gcás gach catagóire fachtóra riosca leithne;

(b) anailís a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na bearta sin níos ísle ar bhonn córasach ar an lá arna roghnú ag an institiúid.

Airteagal 42

Measúnú ar ríomh na mbeart easnaimh ionchasaigh páirteach

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ríomh na mbeart easnaimh ionchasaigh páirteach dá dtagraítear in Airteagal 325bc den Rialachán sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

(a) a fhíorú, maidir leis an meastóir arna úsáid ag an institiúid chun meastachán a dhéanamh ar na bearta riosca easnaimh ionchasaigh, cé acu atá nó nach bhfuil sé iontaofa ó thaobh coincheapa de agus réasúnta cruinn;

(b) a fhíorú, le linn don institiúid na bearta easnaimh ionchasaigh páirteacha $PES_t(T)$ agus $PES_t(T,j)$ a ríomh de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bc(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar cé acu a shainaithníonn nó nach sainaithníonn sí tréimhsí leachtachta éifeachtacha na bhfachtóirí riosca a bhaineann le suíomh ar leith, agus aibíocht an tsuímh á cur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 325bd(4) den Rialachán sin;

(c) a fhíorú, mar chuid de na beartais inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar cé acu atá nó nach bhfuil critéir oibiachtúla leagtha síos ag an institiúid atá ábhartha chun na fachtóirí riosca atá san fhothacar d'fhachtóirí riosca insamhaltaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointe (a), den Rialachán sin a roghnú;

(d) maidir leis na fachtóirí riosca nach bhfuil ina gcuid den fhothacar d'fhachtóirí riosca insamhaltaithe arna roghnú ag an institiúid i gcomhréir le hAirteagal 325bc(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a fhíorú ar cé acu a choimeádtar nó nach gcoimeádtar tairiseach iad nuair a ríomhtar PES_t^{RC}, $PES_t^{RC,i}$ agus PES_t^{RS}, $PES_t^{RS,i}$;

(e) a fhíorú cé acu is ionann nó nach ionann na teicnící a úsáidtear chun PES_t^{FC}, PES_t^{RC}, $PES_t^{FC,i}$, $PES_t^{RC,i}$ a ríomh agus na cinn siúd a úsáidtear chun PES_t^{RS}, $PES_t^{RS,i}$ a ríomh, seachas i gcás na ndialltaí sin a bhfuil gá leo chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 325bc(2) go (4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a áirithiú;

(f) a fhíorú, le linn don institiúid an PES_t^{FC}, PES_t^{RC}, $PES_t^{FC,i}$, $PES_t^{RC,i}$ a ríomh, cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann sí sonraí arna n-ualú go cothrom le linn na tréimhse breathnóireachta;

(g) i ndáil le sainaithint na tréimhse struis, a fhíorú cé acu a thosaíonn nó nach dtosaíonn na tréimhsí rollacha 12 mhí arna dtástáil chun an tréimhse struis a chinneadh ón 1 Eanáir 2007 ar a laghad dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointe (c), de Rialachán (AE) 575/2013 agus go sonraítear le beartais inmheánacha na hinstitiúide a mhinice a thugtar an tréimhse struis cothrom le dáta chun na bearta easnaimh ionchasaigh páirteacha a ríomh, mar aon leis na critéir eile is infheidhme lena gcuirtear tús lena tabhairt cothrom le dáta.

Chun críocha phointe (e), gheobhaidh na húdaráis inniúla forléargas ar na difríochtaí idir na teicnící arna n-úsáid ag an institiúid le linn di na bearta easnaimh ionchasaigh páirteacha arna gcalabrú ar an tréimhse 12 mhí is déanaí agus ar an tréimhse struis a ríomh, agus fíoróidh siad cé acu a théann nó nach dtéann na difríochtaí thar an méid a bhfuil gá leis chun comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a bhaint amach.

Chun críocha phointe (g), fíoróidh na húdaráis inniúla, ar bhonn nuashonruithe roimhe sin freisin, cé acu a thugtar nó nach dtugtar an tréimhse struis cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil ar a laghad agus fíoróidh siad gur lean an institiúid aon chritéar féideartha a shonraítear sna beartais inmheánacha.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (a), beidh an méid seo a leanas amhlaidh maidir leis na húdaráis inniúla:

(a) fíoróidh siad an chaoi a roghnaíonn an institiúid an meastóir a úsáideann sí agus an anailís a dhéantar chun tacú leis an rogha sin;

(b) fíoróidh siad cé acu a chomhfhreagraíonn nó nach gcomhfhreagraíonn meastóir an easnaimh ionchasaigh do shuimeálaí an mheastóra le haghaidh na dtomhas luacha faoi riosca dá dtagraítear in Airteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 arna thuiscint mar fheidhm den earrdhóchúlacht ó náid go dtí an leibhéal muiníne lúide a haon, agus an leibhéal muiníne ábhartha a roinnt ar lúide a haon, nó do rogha níos coimeádaí;

(c) féadfaidh siad comparáid a dhéanamh idir na meastóirí luacha faoi riosca agus meastóirí an easnaimh ionchasaigh arna n-úsáid ag an institiúid in aghaidh na meastóirí a áirítear i dTábla 1.

Tábla 1

Meastóirí luacha faoi riosca	**Meastóirí an easnaimh ionchasaigh**
$Q_{\text{emp}}(\alpha) = X_{(M_{emp}+1)}$	$\text{ES}_{\text{emp}} = \frac{-1}{\alpha \bullet N}\left(\sum_{i=1}^{M_{\text{emp}}} X_{(i)} + R_{\text{emp}} \bullet X_{(M_{\text{emp}}+1)}\right)$; $\text{ES}_{\text{SAE}} = \frac{-1}{M_{emp}} \sum_{i=1}^{M_{\text{emp}}} X_{(i)}$
$Q_{\text{lin}}(\alpha) = \begin{cases} (1-R_{\text{lin}})X_{(M_{\text{lin}})} + R_{\text{lin}}X_{(M_{\text{lin}}+1)}, \text{ for } M_{\text{lin}} \geq 1 \\ X_{(1)}, \text{ for } M_{\text{lin}} = 0 \end{cases}$	$\text{ES}_{\text{lin}} = \frac{-1}{\alpha \bullet (\text{N}+1)}\left(\frac{3}{2}X_{(1)} + \sum_{i=2}^{M_{\text{lin}}-1} X_{(i)} + \frac{1+2R_{\text{lin}}-R_{\text{lin}}^2}{2}X_{(M_{\text{lin}})} + \frac{R_{\text{lin}}^2}{2}X_{(M_{\text{lin}}+1)}\right)$
$Q_{\text{lin_extra}}(\alpha) = \begin{cases} (1-R_{\text{lin}}) \bullet X_{(M_{\text{lin}})} + R_{\text{lin}} \bullet X_{(M_{\text{lin}}+1)}, \text{ for } M_{\text{lin}} \geq 1 \\ \frac{X_{(1)}}{\left(\alpha \bullet (N+1)\right)^3}, \text{ for } M_{\text{lin}} = 0 \end{cases}$	$\text{ES}_{\text{lin_extra}} = \frac{-1}{\alpha \bullet (\text{N}+1)}\left(2 \bullet X_{(1)} + \sum_{i=2}^{M_{\text{lin}}-1} X_{(i)} + \frac{1+2R_{\text{lin}}-R_{\text{lin}}^2}{2}X_{(M_{\text{lin}})} + \frac{R_{\text{lin}}^2}{2}X_{(M_{\text{lin}}+1)}\right)$

I gcás inarb amhlaidh:
seasann $X_{(i)}$ don i-ú luach is ísle sa sampla $\{X_i\}$ a úsáidtear le haghaidh a mheastacháin, i.e. is é $X_{(1)}$ an caillteanas is géire i sampla brabúis agus caillteanais agus is uimhir dhiúltach mhór é go ginearálta;

seasann N don líon luachanna sa sampla $\{X_i\}$ a úsáidtear le haghaidh an mheastacháin;
seasannα don earrdhóchúlacht, i.e. an leibhéal muiníne lúide a haon;

seasann$\lfloor \ldots \rfloor$ don chuid is slánuimhir d'argóint;
$M_{\text{emp}} = \lfloor \alpha \bullet N \rfloor$agus don easnamh ionchasach ag glacadh leis gurb amhlaidh $M_{emp} < N$, i.e. ríomh le haghaidh cléfhoircinn de shampla;

$$R_{\text{emp}} = \alpha \bullet N - \lfloor \alpha \bullet N \rfloor;$$

$M_{\text{lin}} = \lfloor \alpha \bullet (N+1) \rfloor$agus don easnamh ionchasach ag glacadh leis gurb amhlaidh $M_{\text{lin}} \geq 2$, i.e. tá níos mó ná caillteanas amháin sa α-fhoirceann de shampla brabúis agus caillteanais;

$R_{\text{lin}} = \alpha \bullet (N+1) - \lfloor \alpha \bullet (N+1) \rfloor$.

(d) i gcás ina bhfuil ríomh na mbeart riosca easnaimh ionchasaigh bunaithe ar ionsamhluithe Monte Carlo, a fhíorú cé acu a áirithíonn nó nach n-áirithíonn an líon ionsamhluithe cóineasú i dtreo torthaí cobhsaí.

Chun críocha phointe (d), déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú ar na tástálacha arna ndéanamh ag an institiúid chun an líon ionsamhluithe a shocrú, agus ar na tástálacha staidrimh lena n-áirithítear gurb iomchuí airíonna randamachta na seicheamh a úsáidtear chun an t-ionsamhlú a ghiniúint. I gcás ina measann an t-údarás inniúil nach leordhóthanach na tástálacha sin, féadfaidh sé an modh measúnúcháin dá dtagraítear i mír 4 a úsáid.

3. Chun críocha mhír 1, pointe (b), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) é a cheangal ar an institiúid earráid staidrimh Monte Carlo ar leibhéal muiníne 95 % a sholáthar, agus a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an modh arna úsáid chun an earráid staidrimh sin a thomhas fónta;

(b) é a cheangal ar an institiúid na bearta riosca easnaimh ionchasaigh a ríomh le roinnt síolta éagsúla, agus gach toimhde eile comhionann;

(c) measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na difríochtaí idir na bearta riosca easnaimh ionchasaigh le síol difriúil a eascraíonn as an ríomh i gcomhréir le pointe (b) comhoiriúnach leis an earráid staidrimh dá dtagraítear i bpointe (a).

(d) i gcás ina measann na húdaráis inniúla gur neamhréireach na torthaí dá dtagraítear i bpointe (c), measúnú a dhéanamh ar bhunchúis na neamhréireachta sin, agus measúnú a dhéanamh ar an líon ionsamhluithe is gá chun a áirithiú go bhfuil an earráid staidrimh faoi bhun 5 %.

4. Chun críocha mhír 1, pointe (c), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) forléargas a fháil ar na fachtóirí riosca arna roghnú ag an institiúid agus a fhíorú:

(i) cé acu a áirithíonn nó nach n-áirithíonn na critéir leibhéal leordhóthanach cumhdaigh i gcineálacha na bhfachtóirí riosca insamhaltaithe arna roghnú i gcomparáid leis an tacar iomlán d'fhachtóirí riosca insamhaltaithe a bhfuil an institiúid neamhchosanta orthu;

(ii) cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh maidir leis na critéir go bhfuil coinne leis go sárófar an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le himeacht ama;

(iii) cé acu a thástálann nó nach dtástálann an institiúid fothacair mhalartacha d'fhachtóirí riosca insamhaltaithe chun a áirithiú nach ndéantar gannmheastachán lena rogha ar na ceanglais cistí dílse;

(iv) cé acu is fearr nó nach fearr leis an institiúid, ina rogha, rogha na bhfachtóirí riosca a bhfuil sonraí sa tréimhse struis ann ina leith ná fachtóirí riosca a n-úsáidtear ionadaigh ina leith, agus i gcás nach amhlaidh an cás, déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar an gcúis nár chuir an institiúid critéar den sórt sin chun feidhme, agus cé acu a fheabhsódh nó nach bhfeabhsódh rogha dhifriúil cáilíocht an bhirt easnaimh ionchasaigh neamhiallaithe nó pháirtigh.

(b) a fhíorú, i gcás ina bhfuil aibíocht níos lú ná 10 lá ag an suíomh, cé acu atá nó nach bhfuil tréimhse leachtachta éifeachtach na bhfachtóirí riosca uile socraithe go 10 lá, agus a fhíorú nach mbíonn tionchar ag an suíomh sin ar ríomh $PES(T,j)$ le haghaidh $j \geq 2$;

(c) i gcás ina bhfuil aibíocht *Mat* lá ag an suíomh, le $10 \text{ days} \leq Mat \leq 120 \text{ days}$, a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) fachtóirí riosca uile an tsuímh sin ag a bhfuil tréimhse leachtachta $SubCatLH \geq Mat$, sannadh do thréimhse leachtachta éifeachtach iad arb í an tréimhse leachtachta is giorra í i measc na dtréimhsí leachtachta a sholáthraítear i dTábla 1 d'Airteagal 325bc(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 atá níos mó ná nó cothrom le *Mat*;

(ii) níl tionchar ag an suíomh ar ríomh $PES(T,j)$ le haghaidh gach j a chomhfhreagraíonn do thréimhse leachtachta atá níos mó ná an tréimhse leachtachta is giorra i measc na dtréimhsí leachtachta a sholáthraítear i dTábla 1 d'Airteagal 325bc(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 atá níos mó ná nó cothrom le *Mat*;

(d) a fhíorú, i gcás ina bhfuil aibíocht Mat lá ag an suíomh, le $\text{Mat} > 120 \text{ days}$, cé acu a shann nó nár shann an institiúid fachtóirí riosca uile an tsuímh sin do thréimhse leachtachta éifeachtach a chomhfhreagraíonn don tréimhse leachtachta *SubCatLH* arna sannadh do na fachtóirí riosca;

(e) a fhíorú, le linn don institiúid $PES(T,j)$ a ríomh, ar cé acu a choimeádann nó nach gcoimeádann sí tairiseach na fachtóirí riosca sin ag a bhfuil tréimhse leachtachta éifeachtach atá níos ísle ná an tréimhse leachtachta a chomhfhreagraíonn don innéacs *j*.

Chun críocha phointe (a)(ii), déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an gcorrlach ar ina leith a sháraigh an institiúid an tairseach sna ráithí roimhe sin.

Chun críocha phointe (a)(iii), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás ina measann siad nach leordhóthanach an tástáil ar fhothacair mhalartacha arna ndéanamh ag an institiúid, é a cheangal ar an institiúid fothacair mhalartacha a thástáil agus measúnú a dhéanamh ar cé acu a eascraíonn nó nach n-eascraíonn difríochtaí ábhartha as roghanna malartacha i dtéarmaí ceanglais cistí dílse.

Airteagal 43

Measúnú ar thoimhde dáileacháin agus staidrimh

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis an gceanglas go léireodh bearta riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 sonraí a breathnaíodh go stairiúil i gcomhréir le hAirteagal 325bc(2), pointe (c), agus Airteagal 325bc(4), pointe (c), den Rialachán sin, fíoróidh siad cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) tá bonn cirt leis na toimhdí dáileacháin agus aon toimhde staidrimh ábhartha eile a úsáidtear sa tsamhail, lena n-áirítear luaineachtaí agus comhghaolta, lena n-áirítear i dtaca le foirceann na ndáileachán atá ábhartha maidir le ríomh an easnaimh ionchasaigh;

(b) na comhghaolta eimpíreacha arna n-úsáid ag an institiúid le linn di cás de shuaitheadh amach anseo a chur i bhfeidhm chun comhghluaiseacht na bhfachtóirí riosca a léiriú i ríomh na mbeart riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb de Rialachán Uimh. 575/2013, tá siad bunaithe ar shonraí a breathnaíodh go stairiúil i gcomhréir le hAirteagal 325bc(2), pointe (c), agus Airteagal 325bc(4), pointe (c), den Rialachán sin.

Chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír, féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, é a cheangal ar an institiúid na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) sampla d'amshraitheanna a sholáthar;

(b) na comhghaolta eimpíreacha i measc na n-amshraitheanna sin a ríomh;

(c) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil difríocht ábhartha idir na comhghaolta dá dtagraítear i bpointe (b) agus na comhghaolta arna n-úsáid ag an institiúid ina samhail tomhais riosca inmheánach.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na húdaráis inniúla comparáid idir na nithe seo a leanas ar bhonn sampla d'amshraitheanna:

(a) an luaineacht agus na hairíonna dáileacháin eile a bhaineann leis an gcás de shuaitheadh amach anseo arna gcur i bhfeidhm maidir le fachtóir riosca ar leith i ríomh na mbeart easnaimh ionchasaigh páirteach;

(b) an luaineacht agus na hairíonna dáileacháin eile a bhaineann leis na torthaí a breathnaíodh le haghaidh an fhachtóra riosca sin.

Déanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú dá dtagraítear i mír 1 ar bhonn na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 325bc(4), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus na tréimhse struis airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2), pointe (c), den Rialachán sin araon.

3. Chun críocha mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca, tástálacha breise a dhéanamh, lena n-áirítear tástálacha normáltachta, chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na dáileacháin arna dtoimhdiú ag an institiúid leordhóthanach. Féadfaidh na húdaráis inniúla é a cheangal ar an institiúid an tionchar a bhainfeadh le dáileacháin mhalartacha a úsáid ar na bearta riosca easnaimh ionchasaigh a sholáthar.

Foroinn 3

Measúnú ar ghnéithe atá ábhartha maidir le ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis

Airteagal 44

Measúnú ar an mbeart riosca maidir le cás struis

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide le hAirteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir leis an dianchás de shuaitheadh amach anseo a chinneadh, fíoróidh siad cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na beartais inmheánacha dá dtagraítear sa phointe sin gach ceann de na ceanglais seo a leanas:

(a) comhlíonann na beartais inmheánacha Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ([13]);

(b) ceanglaítear leis na beartais inmheánacha go gcuirfear fardal cothrom le dáta ar fáil lena ndéanfar na nithe seo a leanas i gcás gach fachtóra riosca neamh-insamhaltaithe:

(i) tugtar tuairisc ar an bhfachtóir riosca;

(ii) sonraítear an tréimhse leachtachta a shanntar don fhachtóir riosca i gcomhréir le hAirteagal 325bd de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(iii) sonraítear cé acu a ríomhann an institiúid an dianchás de shuaitheadh amach anseo leis an modh díreach nó leis an modh céim ar chéim dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 3, Airteagal 5 agus Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 faoi seach, nó a chinneann sí dianchás rialála de shuaitheadh amach anseo i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán Tarmligthe sin;

(iv) i gcás ina n-úsáideann an institiúid an modh céim ar chéim, sonraítear cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear an modh stairiúil, modh na sigme neamhshiméadraí, nó modh an chúltaca chun na suaití anuas agus aníos a chalabrú;

(v) i gcás fachtóirí riosca a gcinneann an institiúid dianchás rialála de shuaitheadh amach anseo ina leith i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, tugtar bonn cirt leis an rogha sin;

(vi) sonraítear cé acu atá nó nach bhfuil an fachtóir riosca ina chuid de bhuicéad agus, má tá, cén ceann;

(c) sonraítear le beartais inmheánacha na critéir dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a)(i) agus Airteagal 4, pointe (a)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, lena leagtar síos an cás ina n-úsáidtear an modh díreach nó an modh céim ar chéim dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 3, Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Rialachán Tarmligthe sin le tagairt d'aon fhachtóir riosca neamh-insamhaltaithe nó d'aon bhuicéad caighdeánaithe neamh-insamhaltaithe;

(d) sonraítear le beartais inmheánacha na critéir chun laethanta gnó agus neamhghnó a shainaithint ar bhealach atá comhsheasmhach ar fud ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus ríomh an bhirt riosca easnaimh ionchasaigh dá dtagraítear in Airteagal 325bb den Rialachán sin;

(e) sonraítear le beartais inmheánacha na critéir chun fachtóirí riosca a shainaithint a gcinneann an institiúid an beart riosca maidir le cás struis ina leith trí dhianchás rialála de shuaitheadh amach anseo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397;

(f) ceanglaítear le beartais inmheánacha go gcoimeádfaidh an institiúid cuntas ar na teipeanna praghsála uile dá dtagraítear in Airteagal 13(3) de Rialachán Tarmligthe (AE)2024/397, ar chúis na dteipeanna praghsála, agus ar na gníomhaíochtaí feabhais a dhéantar faoin Airteagal sin;

(g) sonraítear le beartais inmheánacha a mhinice a dhéantar nuashonruithe, i gcomhréir le hAirteagal 12(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, ar an tréimhse struis a úsáidtear chun an dianchás de shuaitheadh amach anseo a chinneadh, agus na critéir fhéideartha eile a spreagann nuashonrú ar an tréimhse struis sin.

([13]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil leis an mbeart riosca maidir le cás struis a ríomh (IO L, 2024/397, 29.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/397/oj).

2. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir le ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis dá dtagraítear in Airteagal 325bk den Rialachán sin, déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

(a) i gcás ina n-úsáideann an institiúid an modh díreach dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 i ndáil le fachtóirí riosca neamh-insamhlaithe:

(i) a fhíorú cé acu a leanann nó nach leanann próisis na hinstitiúide na critéir dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 mar a leagtar síos sna beartais inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(ii) a fhíorú cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid athruithe ar an gcur chuige a úsáidtear le haghaidh ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis a dhoiciméadú agus bonn cirt a thabhairt leo, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 1, pointe (a)(ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397;

(iii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil aon difríocht ábhartha idir an beart riosca maidir le cás struis a eascraíonn, ar thaobh amháin, as an modh díreach agus, ar an taobh eile, as an modh céim ar chéim, le haghaidh na tréimhse 20 lá gnó dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe (a)(iii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, agus imscrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna atá le haon difríocht ábhartha;

(b) i gcás ina n-úsáideann an institiúid an modh díreach dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 i ndáil le buicéid chaighdeánaithe neamh-insamhlaithe:

(i) a fhíorú cé acu a leanann nó nach leanann próisis na hinstitiúide na critéir dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (a)(i), den Rialachán Tarmligthe sin, mar a leagtar síos sna beartais inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(ii) a fhíorú cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid athruithe ar an gcur chuige a úsáidtear le haghaidh ríomh an bhirt riosca maidir le cás struis a dhoiciméadú agus bonn cirt a thabhairt leo, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 4, pointe (a)(ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397;

(iii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil aon difríocht ábhartha idir an beart riosca maidir le cás struis a eascraíonn, ar thaobh amháin, as an modh díreach agus, ar an taobh eile, as an modh céim ar chéim, le haghaidh na tréimhse 20 lá gnó dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (a)(iii) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, agus imscrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna atá le haon difríocht ábhartha;

(c) i ndáil le cinneadh na hamshraithe de thorthaí 10 lá gnó dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397:

(i) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh nach n-áiríonn an institiúid níos mó ná barúil amháin in aghaidh an lae gnó san amshraith a úsáidtear chun beart riosca maidir le cás struis a ghiniúint, agus a fhíorú cé acu a áirítear nó nach n-áirítear leis an amshraith sonraí margaidh iarbhír agus na sonraí sin amháin, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397;

(ii) a fhíorú cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear na critéir dá dtagraítear i mír 1, pointe (d) chun laethanta gnó agus neamhghnó a shainaithint i ríomh na dtorthaí 10 lá gnó dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 agus sa síneadh ar an tréimhse struis suas le 20 lá gnó dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (b), den Rialachán sin, agus a fhíorú cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na céimeanna chun na torthaí 10 lá gnó a fháil, lena n-áirítear an cinneadh ar D_t dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (c), den Rialachán Tarmligthe sin, mar is ceart;

(iii) maidir leis an amshraith d'fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe a ndearna an institiúid measúnú orthu roimhe seo mar fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe i gcomhréir le hAirteagal 325be de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a fhíorú cé acu a áirítear nó nach n-áirítear leo na breathnuithe arna n-úsáid ag an institiúid chun na cásanna de shuaitheadh amach anseo a chalabrú dá dtagraítear in Airteagal 325bc den Rialachán sin, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397;

(d) i ndáil le cur chun feidhme mhodh an chúltaca dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397:

(i) a fhíorú cé acu is féidir nó nach féidir le hinstitiúidí bonn cirt a thabhairt leis na sonraí ganna dá bhfuil ar fáil i gcás na bhfachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe nó na mbuicéad caighdeánaithe neamh-insamhaltaithe a n-úsáideann an institiúid modh an chúltaca ina leith;

(ii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil sainaithint iomchuí ann ar fhachtóirí riosca a bhfuil an cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 10(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 le húsáid ina leith;

(iii) a fhíorú, le linn an modh dá dtagraítear in Airteagal 10(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 a chur i bhfeidhm, ar cé acu is é nó nach é an toradh ar an gcur chuige arna úsáid ag an institiúid chun fachtóir riosca a roghnú, ar fachtóir riosca é a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal sin, go gcinntear na suaití aníos agus anuas atá oiriúnach le haghaidh fachtóir riosca a gcuirtear modh an chúltaca i bhfeidhm ina leith;

(e) é a cheangal ar an institiúid fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe nó buicéid chaighdeánaithe neamh-insamhaltaithe a shainaithint a bhfuil luach na comhéifeachta neamhlíneachta ina leith dá dtagraítear in Airteagail 17 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 cothrom le κ_{min} nó κ_{max}, dá dtagraítear sna hAirteagail sin, agus a fhíorú cé acu is iomchuí nó nach iomchuí an dianchás de shuaitheadh amach anseo nó, i gcomhréir le hAirteagal 325bk(3), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé acu atá nó nach bhfuil sé le ceangal ar an institiúid dianchás rialála de shuaitheadh amach anseo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397;

(f) i ndáil le cinneadh na tréimhse struis mar a cheanglaítear le hAirteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397:

(i) i gcás ina gcinneann an institiúid an tréimhse struis trí uasmhéadú a dhéanamh ar an luach dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 agus trí úsáid a bhaint as modhanna praghsála bunaithe ar íogaireacht i gcomhréir le hAirteagal 13(4) den Rialachán Tarmligthe sin, stóinseacht na hanailíse arna déanamh ag an institiúid a fhíorú chun a léiriú nach modhnófaí an tréimhse struis leis na hathruithe ar phraghsanna nach ngabhtar leis na modhanna praghsála bunaithe ar íogaireacht;

(ii) i gcás ina gcinneann an institiúid an tréimhse struis le haghaidh na bhfachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe i gcatagóir leathan d'fhachtóirí riosca tríd an tréimhse bhreathnaithe 12 mhí lena n-uasmhéadaítear an beart easnaimh ionchasaigh páirteach $PES^{RS,\ i}$ i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, stóinseacht na hanailíse arna déanamh ag an institiúid a fhíorú chun a léiriú gur tréimhse struis airgeadais le haghaidh a fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe atá i gceist leis an tréimhse struis arna sainaithint;

(iii) a fhíorú cé acu a thosaíonn nó nach dtosaíonn na tréimhsí rollacha 12 mhí arna dtástáil chun an tréimhse struis a chinneadh ón 1 Eanáir 2007 ar a laghad dá dtagraítear in Airteagal 12(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, agus a fhíorú cé acu a lean nó nár lean nuashonruithe roimhe seo ar an tréimhse struis an mhinicíocht agus na critéir dá dtagraítear i mír 1, pointe (g);

(g) i ndáil le caillteanais a ríomh le modhanna praghsála bunaithe ar íogaireacht faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397:

(i) measúnú a dhéanamh ar stóinseacht na bpróiseas agus na modhanna chun teipeanna praghsála a bhrath, na hionstraimí airgeadais agus na tráchtearraí ar tharla teip phraghsála ina leith a shainaithint, cúiseanna na dteipeanna praghsála a shainaithint, agus a n-íogaireachtaí ábhartha a chinneadh;

(ii) a fhíorú, tar éis an dianchás de shuaitheadh amach anseo a chur i bhfeidhm maidir le fachtóir riosca neamh-insamhaltaithe, cé acu is amhlaidh, nó nach amhlaidh, nach gcuirtear modhanna praghsála bunaithe ar íogaireacht i bhfeidhm ach amháin maidir le hionstraimí airgeadais agus tráchtearraí a iompraíonn an fachtóir riosca sin agus faoi réir na dteipeanna praghsála i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397;

(h) i ndáil leis an dianchás rialála de shuaitheadh amach anseo a chinneadh dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397:

(i) oiriúnacht an mhodha a úsáideann an institiúid a fhíorú chun cinneadh a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an caillteanas uasta a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr athrú ar fhachtóir riosca neamh-insamhaltaithe nó de bharr athrú ar bhuicéad caighdeánaithe neamh-insamhaltaithe críochta;

(ii) i gcás inar críochta an caillteanas uasta a chomhfhreagraíonn d'fhachtóir riosca neamh-insamhaltaithe nó do bhuicéad neamh-insamhaltaithe, a fhíorú cé acu a shainaithníonn nó nach sainaithníonn an institiúid an caillteanas uasta sin go cruinn;

(iii) i gcás nach críochta an caillteanas uasta a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr athrú ar fhachtóir riosca neamh-insamhaltaithe nó de bharr athrú ar bhuicéad caighdeánaithe neamh-insamhaltaithe, maidir leis na toimhdí dáileacháin agus staidrimh a úsáidtear sa chur chuige bunaithe ar shaineolas dá dtagraítear in Airteagal 14(2), pointe (a), agus Airteagal 14(4), pointe (a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil siad bunaithe ar shonraí oibiachtúla agus tástálacha láidre, agus a fhíorú go bhfuil an dianchás de shuaitheadh amach anseo coimeádach a dhóthain;

(iv) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(1) an fhaisnéis a áirítear san fhardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), tá sí i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear i bpointe (e) den mhír sin;

(2) na critéir a shonraítear san fhardal dá dtagraítear i mír 1, pointe (b) chun na fachtóirí riosca sin a shainaithint ar ina leith a fhaightear an beart riosca maidir le cás struis trí dhianchás rialála de shuaitheadh amach anseo a chinneadh, tá siad fónta;

(v) stóinseacht na modheolaíochta agus na dtástálacha staidrimh arna n-úsáid ag an institiúid a fhíorú chun fachtóirí riosca nach léiríonn ach riosca neamhghnách amháin a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 16(3) agus (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397.

Chun críocha phointe (a)(ii), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu atá nó nach bhfuil an réasúnú a sholáthraítear i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear i bpointe (a)(i) agus cé acu atá nó bhfuil na hathruithe gaolmhara á dtiomáint ag an bhfíoras go dtagann beart riosca maidir le cás struis níos ísle as modh amháin ná as an gceann eile.

Chun críocha phointe (b)(ii), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu atá nó nach bhfuil an réasúnú a sholáthraítear i gcomhréir leis na critéir dá dtagraítear i bpointe (b)(i) agus cé acu atá nó nach bhfuil sé á thiomáint ag an bhfíoras go dtagann beart riosca maidir le cás struis níos ísle as modh amháin ná as an gceann eile.

Chun críocha phointe (g)(ii), fíoróidh na húdaráis inniúla go ríomhann an institiúid na caillteanais a bhaineann le hionstraimí airgeadais agus tráchtearraí eile a iompraíonn an fachtóir riosca sin ach nach bhfuil faoi réir teip phraghsála leis na modhanna praghsála a úsáidtear sa tsamhail tomhais riosca i gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397.

3. Chun críocha mhír 2, pointí (a)(ii) agus (b)(ii), féadfaidh na húdaráis inniúla comparáid a dhéanamh idir beart riosca maidir le cás struis na bhfachtóirí riosca nó na mbuicéad caighdeánaithe ar tharla athrú ar an gcur chuige ina leith agus measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhfhreagraíonn nó nach gcomhfhreagraíonn na hathruithe do bheart riosca níos ísle maidir le cás struis agus é sin ar bhonn córasach.

4. Chun críocha mhír 2, pointe (c)(i), féadfaidh na húdaráis inniúla, ar shampla amshraitheanna de bhreathnuithe dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, a fhíorú, i gcás inar tairisigh iad breathnuithe san amshraith i gcaitheamh na laethanta gnó ina dhiaidh sin, go bhfuil na sonraí margaidh iarbhír don fhachtóir riosca gan athrú. Le linn do na húdaráis inniúla an sampla a bhailiú, breithneoidh siad amshraitheanna arb iad is saintréithe dóibh líon mór sonraí gan athrú i gcaitheamh na laethanta gnó ina dhiaidh sin.

5. Chun críocha mhír 2, pointe (c)(iii), féadfaidh na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca, comparáid a dhéanamh idir breathnuithe na bhfachtóirí riosca arna n-úsáid ag an institiúid chun an t-easnamh ionchasach don fhachtóir riosca a ríomh nuair a bhí sé insamhaltaithe in aghaidh bhreathnuithe na bhfachtóirí riosca arna n-úsáid ag an institiúid chun an beart riosca maidir le cás struis a ríomh.

6. Chun críocha mhír 2, pointe (d)(ii), féadfaidh na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca a n-úsáideann an institiúid na cineálacha cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 10(2) nó (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ina leith, a fhíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na fachtóirí riosca sin na coinníollacha maidir le bheith faoi réir na modheolaíochta sin.

7. Chun críocha mhír 2, pointe (d)(iii), féadfaidh na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca a n-úsáidtear an cur chuige dá dtagraítear in Airteagal 10(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ina leith, a fhíorú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na fachtóirí riosca comhfhreagracha arna roghnú na coinníollacha dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal sin.

Le linn do na húdaráis inniúla a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an dá fhachtóir riosca den chineál céanna i gcomhréir le hAirteagal 10(5), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 agus cé acu atá nó nach bhfuil difríocht idir na fachtóirí riosca sin maidir le gnéithe as a n-eascraíonn gannmheastachán ar an luaineacht i gcomhréir le hAirteagal 10(5), pointe (c), den Rialachán Tarmligthe sin, fíoróidh siad cé acu atá nó nach bhfuil na príomh-shainthréithe céanna ag na fachtóirí riosca, agus cé acu a mheallann nó nach meallann an fachtóir riosca arna roghnú riosca sonrach a bhaineann le hainm más rud é go meallann an fachtóir riosca neamh-insamhaltaithe a leithéid.

8. Chun críocha mhír 2, pointe (d)(iii), na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca a n-úsáidtear an mhodheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ina leith, féadfaidh siad na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) é a cheangal ar an institiúid fachtóirí riosca oiriúnacha malartacha a thástáil, ar fachtóirí riosca iad a chomhlíonann na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 10(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, seachas na fachtóirí riosca arna roghnú ag an institiúid;

(b) comparáid a dhéanamh idir an dianchás de shuaitheadh amach anseo a fhaightear trí úsáid a bhaint as na fachtóirí riosca arna roghnú ag an institiúid agus an dianchás de shuaitheadh amach anseo a fhaightear trí úsáid a bhaint as na fachtóirí riosca malartacha dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) measúnú a dhéanamh ar cé acu a eascraíonn nó nach n-eascraíonn gannmheastachán córasach ar an dianchás de shuaitheadh amach anseo as na fachtóirí riosca arna roghnú ag an institiúid;

9. Chun críocha mhír 2, pointe (d)(iii), na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca a n-úsáidtear an mhodheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ina leith agus ar mó ná 12 na breathnuithe i gcaitheamh tréimhse 1 bhliain amháin ina leith, féadfaidh siad na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) é a cheangal ar an institiúid meastachán a dhéanamh ar luaineacht na bhfachtóirí riosca sin i gcaitheamh na tréimhse 1 bhliain amháin sin;

(b) é a cheangal ar an institiúid meastachán a dhéanamh ar luaineacht na bhfachtóirí riosca arna roghnú i gcaitheamh na tréimhse 1 bhliain amháin sin i gcomhréir le hAirteagal 10(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 i gcás na bhfachtóirí riosca dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil luaineacht na bhfachtóirí riosca arna roghnú ag an institiúid a eascraíonn as an meastachán dá dtagraítear i bpointe (b) níos ísle ná luaineacht na bhfachtóirí riosca i samhail tomhais riosca na hinstitiúide a eascraíonn as an meastachán dá dtagraítear i bpointe (a), agus é sin ar bhonn córasach.

10. Chun críocha mhír 2, pointe (e), na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca agus buicéid chaighdeánaithe, féadfaidh siad na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an chomhéifeacht neamhlíneachta cothrom le κ_{min} nó κ_{max} toisc go bhfuil luachanna fíorarda nó fíorísle ina saintréithe ag uimhreoir nó ainmneoir an téarma seo a leanas $\frac{loss_{-1} - 2 \times loss_0 + loss_{+1}}{2 \times loss_0}$ mar a úsáidtear chun κ a ríomh i gcomhréir le hAirteagail 17 agus 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397;

(b) é a cheangal ar an institiúid an caillteanas a eascraíonn as athruithe ar fhachtóirí riosca thart ar an dianchás rialála de shuaitheadh amach anseo a bhreacadh agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil próifíl fheidhm an chaillteanais cuasach nó dronnach go háirithe sa cheantar sin.

Le linn do na húdaráis inniúla an measúnú sin a dhéanamh, roghnóidh siad an tacar fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe agus buicéad caighdeánaithe agus a n-ábharthacht á cur san áireamh acu.

11. Chun críocha mhír 2, pointe (f)(i), na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí agus i gcás inar fíor-neamhlíneach na caillteanais a chomhfhreagraíonn d'athruithe ar fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe ábhartha nó ar bhuicéid chaighdeánaithe neamh-insamhaltaithe, féadfaidh siad na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) é a cheangal ar an institiúid an tréimhse struis a chinneadh trí uasmhéadú a dhéanamh ar an luach dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ar thacar fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe nó aon bhuicéad caighdeánaithe neamh-insamhaltaithe a bhaineann leis an gcatagóir leathan chéanna d'fhachtóirí riosca, trí úsáid a bhaint as na modhanna praghsála arna n-úsáid ag an institiúid sa tsamhail tomhais riosca i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Rialachán Tarmligthe sin;

(b) é a cheangal ar an institiúid an tréimhse struis a chinneadh trí uasmhéadú a dhéanamh ar an luach dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ar an tacar dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, trí úsáid a bhaint as modhanna praghsála bunaithe ar íogaireacht i gcomhréir le hAirteagal 13(4) den Rialachán Tarmligthe sin;

(c) measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil difríocht ábhartha idir na tréimhsí struis arna gcinneadh i gcomhréir le pointí (a) agus (b).

Roghnófar an tacar fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe nó na buicéid chaighdeánaithe neamh-insamhaltaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), agus a n-ábharthacht agus próifíl neamhlíneach an chaillteanais de bharr athruithe ar a luachanna á gcur san áireamh. Chun fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe nó buicéid chaighdeánaithe neamh-insamhaltaithe ag a bhfuil próifíl chaillteanais neamhlíneach a shainaithint, féadfaidh na húdaráis inniúla úsáid a bhaint as luach na comhéifeachta neamhlíneachta κ arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 17 nó Airteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 mar bhonn.

12. Chun críocha mhír 2, pointe (f)(ii), féadfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) é a cheangal ar an institiúid an tréimhse struis a chinneadh trí uasmhéadú a dhéanamh ar an luach dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 ar thacar fachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe nó aon bhuicéad caighdeánaithe neamh-insamhaltaithe a bhaineann leis an gcatagóir leathan chéanna d'fhachtóirí riosca, trí úsáid a bhaint as na modhanna praghsála arna n-úsáid sa tsamhail tomhais riosca i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Rialachán Tarmligthe sin;

(b) measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil difríocht mhór idir an tréimhse struis arna cinneadh i gcomhréir le pointe (a) agus an tréimhse struis arna sainaithint ag an institiúid le linn di an mhodheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 12(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 a chur i bhfeidhm.

13. Chun críocha mhír 2, pointe (g), féadfaidh na húdaráis inniúla, ar shampla de theipeanna praghsála a d'fhéadfadh a bheith os comhair na hinstitiúide, a fhíorú cé acu a lean nó nár lean an institiúid na próisis agus na modhanna dá dtagraítear i mír 2, pointe (g)(i), agus measúnú a dhéanamh ar an mbonn sin ar stóinseacht na bpróiseas agus na modhanna sin.

14. Chun críocha mhír 2, pointe (h)(iii), na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe nó buicéid chaighdeánaithe neamh-insamhaltaithe, féadfaidh siad na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) é a cheangal ar an institiúid amshraith de thorthaí a ghiniúint ó dháileadh staidrimh teann-fhoirceann arna fhorordú ag an údarás inniúil agus an dianchás rialála de shuaitheadh amach anseo a ríomh leis an modh céim ar chéim dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 in éineacht leis an modh stairiúil dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán Tarmligthe sin;

(b) coimeádachas chur chuige na hinstitiúide bunaithe ar shaineolas a fhíorú trí chomparáid a dhéanamh idir an dianchás rialála de shuaitheadh amach anseo a eascraíonn as an gcur chuige sin agus an dianchás de shuaitheadh amach anseo arna ríomh i gcomhréir le pointe (a).

15. De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (a), féadfaidh na húdaráis inniúla é a cheangal ar an institiúid amshraith a bhaineann le fachtóir riosca comhchosúil eile a úsáid in ionad an amshraith a ghiniúint ó dháileadh coimeádach. Chun críocha mhír 2, pointe (h)(iv), na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe nó buicéid chaighdeánaithe neamh-insamhaltaithe agus ar dháta tagartha ar leith, féadfaidh siad a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) na fachtóirí riosca nó na buicéid chaighdeánaithe a gcinntear an beart riosca maidir le cás struis ina leith trí dhianchás rialála de shuaitheadh amach anseo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, comhlíonann siad na critéir arna sainaithint ag an institiúid chun an modh sin a úsáid;

(b) na fachtóirí riosca nó na buicéid chaighdeánaithe nach gcinntear an beart riosca maidir le cás struis ina leith trí dhianchás rialála de shuaitheadh amach anseo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397, ní chomhlíonann siad na critéir arna sainaithint ag an institiúid chun an modh sin a úsáid.

16. Chun críocha mhír 2, pointe (i), na húdaráis inniúla, ar shampla d'fhachtóirí riosca neamh-insamhaltaithe, féadfaidh siad na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an fachtóir riosca de chineál nach léiríonn sé ach riosca neamhghnách amháin trí athbhreithniú a dhéanamh ar an tuairisc ar an bhfachtóir riosca a sholáthraítear sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 33(1) den Rialachán seo, agus ar na hionchuir sonraí a úsáidtear chun é a mharcáil, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 16(3), pointe (a), agus Airteagal 16(4), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397;

(b) tástáil hipitéise a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar shuntas na gcomhéifeachtaí comhghaoil idir fachtóirí riosca sa sampla agus torthaí na tástála hipitéise sin a chur i gcomparáid leis na torthaí a fuair an institiúid le linn di na tástálacha staidrimh dá dtagraítear in Airteagal 16(3), pointe (d) agus Airteagal 16(4), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/397 a dhéanamh.

CAIBIDIL 4

MEASÚNÚ AR AN tSAMHAIL INMHEÁNACH MAIDIR LE RIOSCA MAINNEACHTANA A ÚSÁIDTEAR CHUN AN CEANGLAS CISTÍ DÍLSE BREISE LE hAGHAIDH RIOSCA MAINNEACHTANA A RÍOMH

ROINN 1

Forléargas ar an measúnú

Airteagal 45

Measúnú ar an tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana a úsáidtear chun an ceanglas cistí dílse breise le haghaidh riosca mainneachtana a ríomh

Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an institiúid na ceanglais is infheidhme maidir leis an tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana dá dtagraítear in Airteagail 325bn, 325bo agus 325bp, déanfaidh siad measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an institiúid na nithe seo a leanas:

(a) na ceanglais ghinearálta i dtaca leis an tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana i gcomhréir le Roinn 2;

(b) na ceanglais i dtaca le meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás mainneachtana i gcomhréir le Roinn 3;

(c) na ceanglais i dtaca le comhghaolú mainneachtana idir eisitheoirí, falúcháin a aithint agus ceanglais áirithe eile i gcomhréir le Roinn 4.

ROINN 2

Measúnú ar cheanglais ghinearálta

Airteagal 46

Measúnú ar raon feidhme na suíomhanna faoi réir riosca mainneachtana

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine i ndáil le raon feidhme na suíomhanna faoi réir an cheanglais cistí dílse maidir le riosca mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 325bl de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh na húdaráis inniúla na nithe seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear le córais inmheánacha na hinstitiúide, maidir leis na suíomhanna uile ina bhfuil fachtóir riosca amháin ar a laghad a rinneadh a mhapáil ar na catagóirí leathana fachtóirí riosca 'cothromas' nó 'raon difríochta creidmheasa', dá dtagraítear in Airteagal 325bd(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, go n-áirítear i raon feidhme an cheanglais cistí dílse breise maidir le riosca mainneachtana iad;

(b) forléargas a fháil ar an riosca mainneachtana i bpunann na hinstitiúide, trína cheangal ar an institiúid fardal de shuímh a sholáthar arna gcomhiomlánú de réir toise amháin nó níos mó mar aon leis na neamhchosaintí comhfhreagracha mainneachtana gan choinne arna gcomhiomlánú.

Chun críocha phointe (a), fíoróidh na húdaráis inniúla an chomhsheasmhacht idir an mhapáil agus na fardail dá dtagraítear in Airteagail 33(1), 48(1) agus Airteagal 49(1).

Chun críocha phointe (b), féadfaidh na húdaráis inniúla, ag brath ar an bpunann, é a cheangal ar an institiúid na suíomhanna a chomhiomlánú de réir toisí éagsúla, lena n-áirítear de réir na nithe seo a leanas:

(a) suíomhanna a bhfuil an rátáil chéanna acu;

(b) suíomhanna a thagann faoin aicme neamhchosanta chéanna;

(c) suíomhanna ag a bhfuil na fachtóirí riosca córasacha céanna agus atá ag na cinn siúd dá dtagraítear in Airteagal 325bp(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (a), féadfaidh na húdaráis inniúla na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) é a cheangal ar an institiúid an liosta de na suíomhanna arna sannadh do dheasca trádála a sholáthar, ar ina leith a deonaíodh cead don institiúid samhlacha inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 325az de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a úsáid nó atáthar i mbun an cead sin a dheonú di faoi láthair;

(b) é a cheangal ar an institiúid na suíomhanna siúd a shainaithint ina bhfuil fachtóir riosca a rinneadh a mhapáil ar an gcatagóir leathan fachtóirí riosca 'cothromas' nó ar an gcatagóir leathan fachtóirí riosca 'raon difríochta creidmheasa', dá dtagraítear in Airteagal 325bd(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, mar aon leis an bhfiachas trádáilte nó ionstraim chothromais chomhfhreagrach i gcomhréir le hAirteagal 325bi den Rialachán sin;

(c) cruinneas an liosta dá dtagraítear i bpointe (a) agus ar chruinneas an sainaitheantais dá dtagraítear i bpointe (b) a fhíorú;

(d) a fhíorú, maidir le sampla d'ionstraimí arna sainaithint i bpointe (b), cé acu atá nó nach bhfuil na hionstraimí sin faoi raon feidhme na n-ionstraimí a áirítear i ríomh an cheanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana.

Airteagal 47

Measúnú a dhéanamh ar chruinneas agus minicíocht an ríomha ar an gceanglas cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil ceanglais cistí dílse institiúide maidir le riosca mainneachtana cothrom le tomhas luacha faoi riosca ar leibhéal eatraimh muiníne 99,9 % mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bn(1), pointe (a) agus pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

(a) a fhíorú, maidir leis an meastóir arna úsáid ag an institiúid chun meastachán a dhéanamh ar an luach faoi riosca, ar cé acu atá nó nach bhfuil sé cruinn;

(b) i gcás ina bhfuil ríomh an luacha faoi riosca bunaithe ar ionsamhluithe Monte Carlo, a fhíorú cé acu a áirithíonn nó nach n-áirithíonn an líon ionsamhluithe cóineasú i dtreo torthaí cobhsaí, agus ar shaintréithe randamachta na seicheamh a úsáidtear chun na hionsamhluithe a ghiniúint;

(c) a fhíorú, sula ríomhtar na hathruithe ar luach na punainne tar éis mhainneachtain na n-eisitheoirí, cé acu a thagraíonn nó nach dtagraíonn luach na suíomhanna i bpunanna na hinstitiúide do dháta tagartha an luacha faoi riosca;

(d) a fhíorú, cé is moite de na suíomhanna atá faoi réir an mhaolaithe dá dtagraítear in Airteagal 325bn(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear ionchas ama de 1 bhliain amháin i ríomh an luacha faoi riosca;

(e) i gcás ina ríomhtar an riosca mainneachtana ar bhonn minicíochta níos lú ná laethúil, anailís a dhéanamh ar an bpróiseas a úsáideann an institiúid chun minicíocht an ríomha ar na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana a chinneadh, agus a fhíorú cé acu is amhlaidh nach n-eascraíonn gannmheastachán ar riosca as ríomh ar mhinicíocht laghdaithe;

(f) a fhíorú, i gcás ionstraimí cothromais, cé acu a shocraítear nó nach socraítear praghsanna ar a náid le linn mainneachtain na n-ionstraimí cothromais sin a ionsamhlú, agus cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear é sin go córasach le córais inmheánacha, agus féadfaidh siad a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an cás sin ar shampla de shuíomhanna cothromais.

Chun críocha phointe (a), fíoróidh na húdaráis inniúla an chaoi ar roghnaigh an institiúid an meastóir agus an anailís a dhéantar chun tacú leis an rogha sin.

Chun críocha phointe (b), déanfaidh na húdaráis inniúla athbhreithniú ar na tástálacha arna ndéanamh ag an institiúid chun an líon ionsamhluithe a shocrú.

Chun críocha phointe (d), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu atá nó nach bhfuil réasúnaíocht na hinstitiúide chun an maolú sin a chur i bhfeidhm fónta, go háirithe i gcás ina n-úsáideann an institiúid ionchas ama de 60 lá i gcás suíomhanna cothromais áirithe, agus ionchas ama de 1 bhliain amháin i gcás suíomhanna cothromais áirithe eile.

Chun críocha phointe (e), is amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis na húdaráis inniúla:

(a) i gcás ina ríomhtar an riosca mainneachtana ar bhonn seachtainiúil, déanfaidh siad anailís ar an bpróiseas a úsáideann an institiúid chun an lá den tseachtain ar a ríomhtar na ceanglais cistí dílse le haghaidh riosca mainneachtana a chinneadh;

(b) ceanglóidh siad ar an institiúid neamhchosaintí laethúla mainneachtana gan choinne a ríomh, i gcás nach bhfuil siad ar fáil go fóill, i gcaitheamh tréimhse ar leith, agus déanfaidh siad measúnú ar cé acu a thugtar nó nach dtugtar le tuiscint leis na neamhchosaintí sin gur ann do phróifíl riosca níos ísle ar na laethanta sin ar a ríomhtar na ceanglais cistí dílse agus é sin ar bhonn córasach;

(c) féadfaidh siad úsáid a bhaint as figiúirí breise freisin a fhéadfaidh an institiúid a ríomh go laethúil chun críoch bainistíochta riosca inmheánaí, lena n-áirítear íogaireachtaí laethúla i leith na n-eisitheoirí is ábhartha.

Chun críocha an cheathrú fomhír, pointe (b), i gcás ina dtugtar le tuiscint gur ann do phróifíl riosca atá níos ísle ar bhonn córasach, féadfaidh na húdaráis inniúla a measúnú a chomhlánú trína cheangal ar an institiúid a ceanglais cistí dílse a ríomh, ar bhonn laethúil agus ar feadh tréimhse ar leith, maidir le riosca mainneachtana, agus trí anailís a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na bearta sin níos ísle ar na laethanta arna roghnú ag an institiúid agus é sin ar bhonn córasach.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b), na húdaráis inniúla, i gcás ina measann siad nach leordhóthanach na tástálacha arna ndéanamh ag an institiúid chun an líon ionsamhluithe a shocrú, féadfaidh siad na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) é a cheangal ar an institiúid earráid staidrimh Monte Carlo ar leibhéal muiníne 95 % a sholáthar, agus a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil an modh arna úsáid chun an earráid staidrimh sin a thomhas fónta;

(b) é a cheangal ar an institiúid an tomhas luacha faoi riosca a ríomh le roinnt síolta éagsúla, agus gach toimhde eile comhionann, agus a fhíorú nach gcruthaítear earráid chórasach sna torthaí leis an modh a úsáidtear chun ionsamhluithe a ghiniúint;

(c) maidir leis na difríochtaí idir na tomhais luacha faoi riosca le síol difriúil, arna ríomh i gcomhréir le pointe (b), measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil siad comhoiriúnach leis an earráid staidrimh dá dtagraítear i bpointe (a), agus, i gcás nach bhfuil, measúnú a dhéanamh ar an mbunchúis leis an neamhréireacht sin agus an líon ionsamhluithe is gá chun a áirithiú go bhfuil an earráid staidrimh faoi bhun 5 %.

ROINN 3

Measúnú ar dhóchúlachtaí mainneachtana agus ar chaillteanais i gcás meastacháin ar mhainneachtain

Airteagal 48

Measúnú ar dhóchúlachtaí mainneachtana

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide le hAirteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis na ceanglais maidir leis an meastachán ar dhóchúlachtaí mainneachtana, fíoróidh siad cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis an doiciméadacht inmheánach na gnéithe uile a leagtar síos in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, agus cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear le beartais inmheánacha na hinstitiúide go gcuirfear fardal cothrom le dáta ar fáil lena sonrófar na nithe seo a leanas:

(a) na modhanna a úsáideann an institiúid chun meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana, lena n-áirítear ábharthacht gach modha éagsúil i dtéarmaí an lín eisitheoirí, méid na suíomhanna, agus rannchuidiú le ceanglais cistí dílse maidir le riosca mainneachtana;

(b) i gcás gach eisitheora, luach na dóchúlachta mainneachtana, an rátáil, i gcás ina bhfuil sí ar fáil, agus cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) tá an dóchúlacht mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála an eisitheora, agus cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear í i gcás na neamhchosanta leabhair trádála de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(5), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(ii) níl an dóchúlacht mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála an eisitheora, agus cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an institiúid leas as cur chuige IRB chun dóchúlacht mainneachtana an eisitheora a fháil de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(5), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ar an mbonn go bhfuil formheas IRB ag an institiúid maidir leis an aicme neamhchosanta lena mbaineann neamhchosaint an eisitheora;

(iii) níl an dóchúlacht mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála an eisitheora, agus cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid modheolaíocht inmheánach a chomhlíonann ceanglais chur chuige IRB a leagtar síos in Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 chun an dóchúlacht mainneachtana sin a fháil;

(iv) níl an dóchúlacht mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála an eisitheora, agus cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid modheolaíocht inmheánach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 1(3) nó (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 chun an dóchúlacht mainneachtana sin a fháil;

(v) níl an dóchúlacht mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála an eisitheora, agus cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid foinsí seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 chun an dóchúlacht mainneachtana sin a fháil;

(c) i gcás na n-eisitheoirí uile, an aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 lena mbaineann a neamhchosaint;

(d) i gcás na n-eisitheoirí a dtagtar ar mheastachán ar dhóchúlacht mainneachtana ina leith trí úsáid a bhaint as foinsí seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, cé acu a thagtar nó nach dtagtar ar an meastachán in éineacht le praghsanna margaidh mar atá faoi láthair dá dtagraítear in Airteagal 325bp(5), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus Airteagal 2(2), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578.

2. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir leis an meastachán ar dhóchúlachtaí mainneachtana, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) meastacháin ar dhóchúlacht mainneachtana agus na hionchuir sonraí a úsáidtear chun iad a dhíorthú, tugtar cothrom le dáta iad ar mhinicíocht a áirithíonn go bhfuil na ceanglais cistí dílse maidir le riosca mainneachtana riosca-íogair

(ii) déantar aon fhaisnéis ábhartha nua a léiriú in am trátha, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(b) trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a fhíorú cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear íosteorainn leis na meastacháin uile de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(5), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) a fhíorú, maidir le haon mhodh a úsáidtear chun dóchúlacht mainneachtana a scálú go dtí an t-ionchas ama is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 325bp(5), pointe (b), nó Airteagal 325bn(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cé acu atá nó nach bhfuil sé fónta ó thaobh coincheapa de agus cé acu a thacaítear nó nach dtacaítear leis an modh sin le hanailís láidir;

(d) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) i gcás ina ndéanann an institiúid meastachán ar an dóchúlacht mainneachtana trí úsáid a bhaint as an modh dá dtagraítear i mír 1, pointí (b)(iv) agus (b)(v), an sainmhíniú ar mhainneachtain arna úsáid ag an institiúid le haghaidh eisitheoirí faoi raon feidhme na samhla inmheánaí maidir leis an riosca mainneachtana, déantar é a dhoiciméadú i mbeartais inmheánacha na hinstitiúide;

(ii) cé acu a shainaithnítear nó nach sainaithnítear difríochtaí ábhartha ar an sainmhíniú ar mhainneachtain a úsáidtear i gcreat IRB;

(e) measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar breithniú ar laghduithe foircneacha ar phraghsanna margaidh dá dtagraítear in Airteagal 325bp(5), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 le linn don institiúid na meastacháin ar dhóchúlachtaí mainneachtana a chinneadh, agus más rud é go ndéantar breithniú den sórt sin, an chaoi a ndéantar amhlaidh, agus cé acu a bhaineann nó nach mbaineann na laghduithe sin le hacmhainneacht creidmheasa eisitheora, agus más rud é go mbaineann, cén chaoi;

(f) i gcás dóchúlachtaí mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointí (b)(i) go (b)(iii) den Airteagal seo, a fhíorú cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear san áireamh leis na dóchúlachtaí mainneachtana sin an corrlach coimeádachais dá dtagraítear in Airteagal 179(1), pointe (f), agus Airteagal 180(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(g) i gcás dóchúlachtaí mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b)(i):

(i) maidir le haon leibhéal coimeádachais breise arna chur i bhfeidhm maidir leis na dóchúlachtaí mainneachtana faoi chur chuige IRB, a fhíorú cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear i bhfeidhm iad le linn an ceanglas maidir le riosca mainneachtana a ríomh;

(ii) ar shampla d'eisitheoirí, a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh nach bhfuil difríocht sa dóchúlacht mainneachtana a úsáidtear i gcur chuige IRB ón gcur chuige a úsáidtear i ríomh an cheanglais maidir le riosca mainneachtana;

(h) i gcás dóchúlachtaí mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b)(ii):

(i) a fhíorú cé acu a leantar nó nach leantar an próiseas chun an dóchúlacht mainneachtana a mheas faoi chur chuige IRB;

(ii) ar shampla d'eisitheoirí, a fhíorú cé acu is comhionann nó nach comhionann an dóchúlacht mainneachtana a úsáidtear agus an ceann a tháirgfí leis na córais TF a úsáidtear faoi chur chuige IRB;

(iii) measúnú a dhéanamh ar na hathróga ionchuir a úsáidtear sa phróiseas rátála i gcur chuige IRB agus a fhíorú, maidir le sampla d'eisitheoirí, cé acu is ann nó nach ann do na hionchuir sonraí agus cé acu atá nó nach bhfuil siad sách iontaofa chun dóchúlacht mainneachtana chruinn a chinneadh;

(i) i gcás dóchúlachtaí mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b)(iii), den Airteagal seo, athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha a chuireann an bailíochtú inmheánach nó an t-iniúchadh inmheánach ar fáil maidir le comhlíonadh na modheolaíochta inmheánaí a úsáidtear chun na dóchúlachtaí mainneachtana a fháil i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(j) i gcás dóchúlachtaí mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b)(iv):

(i) maidir leis an doiciméadacht inmheánach lena dtacaítear le comhlíontacht na hinstitiúide leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil sí iomlán;

(ii) ar shampla d'eisitheoirí, measúnú a dhéanamh ar an réasúnaíocht a bhaineann le meastachán a dhéanamh ar an dóchúlacht mainneachtana gan úsáid a bhaint as an modheolaíocht inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, ná as na foinsí seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán Tarmligthe sin;

(iii) ar shampla d'eisitheoirí a mbaineann an réasúnaíocht dá dtagraítear i bpointe (ii) ina leith leis an easpa sonraí ionchuir dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (b)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, a fhíorú cé acu a thugann nó nach dtugann an institiúid bunús leis an bhfíoras go bhfuil na sonraí ionchuir in easnamh;

(iv) a fhíorú cé acu a shonraíonn nó nach sonraíonn an institiúid, mar chuid dá beartais inmheánacha, an tréimhse shealbhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (b)(ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, ar faoina bun a mheasann an institiúid gurb inghlactha gan úsáid a bhaint as an modheolaíocht inmheánach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach le haghaidh chur chuige IRB, agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an tréimhse shealbhaíochta sin i gcomhréir le punann na hinstitiúide, i dtéarmaí méide, castachta agus straitéis trádála;

(v) athbhreithniú a dhéanamh ar luach 'm' arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 1(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 agus, i gcás inarb infheidhme, é a cheangal ar an institiúid míniú a thabhairt maidir le foinse aon athraithe mhóir ar a luach i gcaitheamh na ráithí roimhe sin;

(vi) athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas arna leanúint ag an institiúid chun imscrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil aon fhoinse sheachtrach bhreise ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (c)(ii)(1), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578;

(vii) i gcás ráithe inarb airde luach 'm' ná 10 %, a fhíorú gur láidir an anailís a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 1(2), pointe (c)(ii)(2), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578;

(viii) maidir le cinneadh na dóchúlachta mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 1, (3) agus (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar i gceart é, trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus a fhíorú cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid an dóchúlacht mainneachtana is airde arna sannadh d'eisitheoirí gráid infheistíochta agus meán na ndóchúlachtaí mainneachtana arna ualú go cothrom a thabhairt cothrom le dáta dá dtagraítear in Airteagal 1(3), pointí (a) agus (b), faoi seach, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, chomh minic céanna agus a ríomhtar an ceanglas maidir le riosca mainneachtana;

(k) i gcás dóchúlachtaí mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b)(v):

(i) ar shampla d'eisitheoirí, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí a úsáidtear chun an dóchúlacht mainneachtana a mheas ionadaíoch don eisitheoir;(ii)

(ii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil ordlathas na bhfoinsí seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 2(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 sonraithe go maith i ndoiciméadacht inmheánach na hinstitiúide agus a fhíorú, maidir le sampla d'eisitheoirí, cé acu atá nó nach bhfuil ordlathas na bhfoinsí seachtracha sin curtha chun feidhme i gceart;

(iii) maidir leis an modheolaíocht arna húsáid ag an institiúid chun raon ionchasach na n-earráidí meastacháin a fháil dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (a)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil sí fónta;

(iv) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a n-áirithíonn an institiúid go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 2(4), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, agus a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil cásanna de dhóchúlachtaí mainneachtana arna socrú ar 0 sula gcuireann an institiúid an íosteorainn dá dtagraítear in Airteagal 325bp(5), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i bhfeidhm;

(v) i gcás inarb infheidhme, maidir leis an modh arna úsáid ag an institiúid chun na dóchúlachtaí mainneachtana a fhaightear in éineacht le praghsanna margaidh mar atá faoi láthair a aistriú ina ndóchúlacht san fhíorshaol, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil sé fónta, agus cé acu atá nó nach bhfuil an anailís dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 láidir.

Chun críocha phointe (a), féadfaidh na húdaráis inniúla na nithe seo a leanas a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí:

(a) eisitheoirí a shainaithint nár athraigh an dóchúlacht mainneachtana mheasta ina leith ar feadh tréimhse fhada;

(b) measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na meastacháin um dhóchúlacht mainneachtana cothrom le dáta;

(c) a fhíorú cé acu is féidir nó nach féidir leis an institiúid na cúiseanna atá leis na luachanna gan athrú a mhíniú.

Chun críocha phointe (b), déanfaidh na húdaráis inniúla anailís ar ábharthacht agus ar shaintréithe na suíomhanna atá faoi réir na híosteorann, lena n-áirítear a rátáil agus a n-aicme neamhchosanta.

Chun críocha phointe (c), déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:

(a) an t-ionchas ama éifeachtach a shainaithint, arb é an t-ionchas ama é a úsáidtear sula gcuirtear aon scálú i bhfeidhm chun an t-ionchas ama is infheidhme a fháil;

(b) measúnú a dhéanamh ar an réasúnaíocht a bhaineann le hionchas ama difriúil a úsáid mar phointe tosaigh den scálú ná an t-ionchas ama is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 325bp(5), pointe (b), nó Airteagal 325bn(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Chun críocha phointe (k)(i), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is léiriú nó nach léiriú atá sna sonraí a úsáidtear ar earnáil nó réigiún an eisitheora.

Chun críocha phointe (k)(iii), féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar an institiúid anailís íogaireachta a sholáthar de réir phrionsabail na hanailíse íogaireachta dá dtagraítear in Airteagal 1(2), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 chun measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha na n-athruithe ar mheastachán PD.

3. Chun críocha mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, é a cheangal ar institiúid meastachán a dhéanamh ar dhóchúlachtaí mainneachtana le modh eile i measc na modhanna a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, agus míniú a thabhairt faoi na difríochtaí sna torthaí a fhaightear.

Airteagal 49

Measúnú ar chaillteanais i gcás mainneachtana

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht institiúide le hAirteagal 325bi(1), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil leis na ceanglais maidir leis an meastachán ar na caillteanais i gcás mainneachtana, fíoróidh siad cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis an doiciméadacht inmheánach na gnéithe uile dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, agus cé acu a cheanglaítear nó nach gceanglaítear le beartais inmheánacha na hinstitiúide go gcuirfear fardal cothrom le dáta ar fáil lena sonrófar na nithe seo a leanas:

(a) na modhanna a úsáideann an institiúid chun meastachán a dhéanamh ar na caillteanais i gcás mainneachtana, lena n-áirítear ábharthacht gach modha éagsúil, i dtéarmaí mhéid na suíomhanna agus rannchuidiú leis an gceanglas cistí dílse maidir le riosca mainneachtana;

(b) i gcás gach suímh, luach an chaillteanais i gcás mainneachtana, cibé acu is fofhiach, fiachas neamhurraithe sinsearach, banna faoi chumhdach, nó aon chineál suímh eile é an suíomh, agus cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(i) tá an caillteanas i gcás mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála, agus cé acu a úsáidtear nó nach n-úsáidtear é i gcás na neamhchosanta leabhair trádála de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(6), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(ii) níl an caillteanas i gcás mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála, agus cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid cur chuige IRB chun caillteanas an tsuímh i gcás mainneachtana a fháil de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(6), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(iii) níl an caillteanas i gcás mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála, agus cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid modheolaíocht inmheánach a chomhlíonann ceanglais chur chuige IRB a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 chun é a fháil;

(iv) níl an caillteanas i gcás mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála, agus cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid modheolaíocht inmheánach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3(3) nó (4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 chun é a fháil;

(v) níl an caillteanas i gcás mainneachtana ar fáil faoi chur chuige IRB i gcás neamhchosaint leabhair neamhthrádála, agus cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid foinsí seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 chun é a fháil;

(c) i gcás na suíomhanna uile, an aicme neamhchosanta dá dtagraítear in Airteagal 147 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 lena mbaineann siad.

2. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear samhail inmheánach institiúide chun feidhme ina hiomláine, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bi(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i ndáil le ceanglais maidir leis an meastachán ar chaillteanas i gcás mainneachtana, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn gráinneacht na gcaillteanas i gcás mainneachtana idirdhealú bríoch ar riosca agus, i measc nithe eile, cé acu a cheadaíonn nó nach gceadaíonn an ghráinneacht sin go léireofar sinsearacht an tsuímh dá dtagraítear in Airteagal 325bp(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 go hiomchuí, mar aon lena sholáthar urrúis chomhthaobhaigh;

(b) maidir leis na meastacháin ar chaillteanas i gcás mainneachtana chomh maith leis na hionchuir sonraí a úsáidtear chun iad a dhíorthú, a fhíorú cé acu a thugtar nó nach dtugtar cothrom le dáta iad ar mhinicíocht a áirithíonn go bhfuil na ceanglais cistí dílse maidir le riosca mainneachtana riosca-íogair, agus cé acu a léirítear nó nach léirítear aon fhaisnéis ábhartha nua in am trátha, de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(4) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(c) i gcás caillteanas i gcás mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b)(i), maidir le haon sraith bhreise a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na caillteanais i gcás mainneachtana faoi chur chuige IRB chun meastacháin níos coimeádaí a fháil, a fhíorú cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear i bhfeidhm í le linn don institiúid na ceanglais cistí dílse maidir le riosca mainneachtana a ríomh;

(d) i gcás caillteanais i gcás mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b)(ii):

(i) a fhíorú cé acu a lean nó nár lean an institiúid an próiseas chun an caillteanas i gcás mainneachtana a mheas faoi chur chuige IRB i gcomhréir le beartais inmheánacha IRB na hinstitiúide;

(ii) ar shampla de shuíomhanna, a fhíorú cé acu is comhionann nó nach comhionann an caillteanas i gcás mainneachtana a úsáideann an institiúid agus an meastachán a tháirgfí leis na córais TF a úsáidtear faoi chur chuige IRB;

(iii) measúnú a dhéanamh ar na hathróga a úsáidtear i gcur chuige IRB, agus a fhíorú, maidir le sampla de shuíomhanna, cé acu is ann nó nach ann do na hionchuir sonraí agus cé acu atá nó nach bhfuil siad sách iontaofa chun caillteanas iomchuí i gcás mainneachtana a chinneadh;

(e) i gcás caillteanas i gcás mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b)(iii), den Airteagal seo, athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha a chuireann an bailíochtú inmheánach agus an t-iniúchadh inmheánach ar fáil maidir le comhlíonadh na modheolaíochta inmheánaí a úsáidtear chun na caillteanais i gcás mainneachtana a fháil i gcomhréir le Cuid a Trí, Teideal II, Caibidil 3, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(f) i gcás caillteanas i gcás mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b)(iv):

(i) maidir leis an doiciméadacht inmheánach lena dtacaítear le comhlíontacht na hinstitiúide leis na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil sí iomlán;

(ii) maidir le sampla de shuíomhanna, measúnú a dhéanamh ar an réasúnaíocht a bhaineann le meastachán a dhéanamh ar an gcaillteanas i gcás mainneachtana gan úsáid a bhaint as an modheolaíocht inmheánach dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, ná as na foinsí seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 4 den Rialachán Tarmligthe sin;

(iii) maidir le sampla de shuíomhanna a mbaineann an réasúnaíocht dá dtagraítear i bpointe (ii) den mhír seo ina leith leis an easpa sonraí ionchuir dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b)(i), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, a fhíorú cé acu a thugann nó nach dtugann an institiúid bunús leis an bhfíoras go bhfuil na sonraí ionchuir in easnamh;

(iv) a fhíorú cé acu a shonraigh nó nár shonraigh an institiúid, mar chuid dá beartais inmheánacha, an tréimhse shealbhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointe (b)(ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, ar faoina bun a mheasann an institiúid gurb inghlactha gan úsáid a bhaint as an modheolaíocht inmheánach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach le haghaidh chur chuige IRB, agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an tréimhse shealbhaíochta sin i gcomhréir le punann na hinstitiúide, i dtéarmaí méide, castachta agus straitéis trádála;

(v) athbhreithniú a dhéanamh ar luach 'm' arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 3(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 agus, i gcás inarb infheidhme, é a cheangal ar an institiúid míniú a thabhairt maidir le foinse aon athraithe mhóir ar a luach i gcaitheamh na ráithí roimhe sin;

(vi) athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas arna leanúint ag an institiúid chun imscrúdú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil aon fhoinse sheachtrach bhreise ar fáil mar a cheanglaítear le hAirteagal 3(2), pointe (c)(ii), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578;

(vii) trí úsáid a bhaint as an bhfardal dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar cinneadh an chaillteanais i gcás mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus (4), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, i gceart;

(g) i gcás caillteanas i gcás mainneachtana a fhaightear i gcomhréir le mír 1, pointe (b):

(i) maidir le sampla de shuíomhanna, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí a úsáidtear chun an caillteanas i gcás mainneachtana a mheas ionadaíoch don suíomh;

(ii) a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil ordlathas na bhfoinsí seachtracha dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578 sonraithe go maith i ndoiciméadacht inmheánach na hinstitiúide agus a fhíorú, maidir le sampla de shuíomhanna, go bhfuil ordlathas na bhfoinsí seachtracha sin curtha chun feidhme i gceart;

(iii) a fhíorú cé acu a dhéantar nó nach ndéantar idirdhealú leis na meastacháin ar chaillteanais i gcás mainneachtana idir suíomhanna ar suíomhanna mainneachtana iad agus suíomhanna.

Chun críocha phointe (b), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, suíomhanna a shainaithint nach bhfuil aon athrú tagtha ar na caillteanais mheasta i gcás mainneachtana ina leith le haghaidh tréimhse fhada, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil siad cothrom le dáta agus a fhíorú gur féidir leis an institiúid na cúiseanna atá leis na luachanna gan athrú a mhíniú.

Chun críocha phointe (c), ar shampla de shuíomhanna, fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh nach bhfuil difríocht sa mheastachán ar an gcaillteanas i gcás mainneachtana a úsáidtear i gcur chuige IRB ón meastachán ar an gcaillteanas i gcás mainneachtana a úsáidtear i ríomh an cheanglais maidir le riosca mainneachtana.

Chun críocha phointe (g)(i), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is léiriú nó nach léiriú atá sna sonraí a úsáidtear ar shinsearacht an tsuímh dá dtagraítear in Airteagal 325bp(6), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, agus ar an réigiún nó earnáil.

Chun críocha phointe (g)(iii), féadfaidh na húdaráis inniúla a fhíorú cé acu a dhéantar nó nach ndéantar idirdhealú leis na meastacháin ar chaillteanais i gcás mainneachtana idir suíomhanna ar suíomhanna mainneachtana iad agus suíomhanna nach ea trí mheasúnú a dhéanamh ar an meastachán arna shannadh ag an institiúid do shuíomhanna an eisitheora céanna a mhainnigh agus nár mhainnigh a áirítear i raon feidhme na gceanglas cistí dílse breise maidir le riosca mainneachtana.

3. Chun críocha mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, é a cheangal ar an institiúid meastachán a dhéanamh ar chaillteanais i gcás mainneachtana le modh eile i measc na modhanna a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1578, agus míniú a thabhairt faoi na difríochtaí sna torthaí a fhaightear.

ROINN 4

Measúnú a dhéanamh ar chomhghaolú, fálú agus ceanglais áirithe

Airteagal 50

Measúnú ar an struchtúr comhghaolúcháin

1. Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an modheolaíocht a úsáideann institiúid chun an comhghaolú mainneachtana idir eisitheoirí éagsúla a chinneadh mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bn(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh nach n-úsáidtear ach raonta difríochta cothromais agus creidmheasa liostaithe mar ionchuir sonraí chun an comhghaolú idir eisitheoirí éagsúla a chinneadh;

(b) i gcás ina n-úsáideann an institiúid copailí chun comhghaolta mainneachtana a shamhaltú, measúnú a dhéanamh ar bhailíochtú inmheánach na dtoimhdí copaile arna ndéanamh ag an institiúid agus a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil comhoiriúnacht idir na sonraí stairiúla a úsáidtear chun na comhghaolta agus na heisitheoirí atá ar áireamh i bpunann na hinstitiúide a chalabrú;

(c) a shainaithint cé acu atá nó nach bhfuil an comhghaol idir eisitheoirí bunaithe ar thorthaí absalóideacha nó coibhneasta, agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an réasúnaíocht a bhaineann le rogha an chineáil toraidh:

(i) fónta;

(ii) i gcomhréir leis na roghanna a dhéanann na hinstitiúidí i ndáil le gnéithe eile den tsamhail tomhais riosca inmheánach;

(d) maidir leis an modh a úsáideann an institiúid chun comhghaol a fháil ar an ionchas ama is infheidhme ó thorthaí arna ríomh ar ionchas ama níos giorra, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sé fónta;

(e) measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcinneann an institiúid an tréimhse chalabrúcháin dá dtagraítear in Airteagal 325bn(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Chun críocha phointe (a), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, a cheangal ar an institiúid sonraí a sholáthar, ar sonraí iad a úsáidtear chun an comhghaol idir sampla d'eisitheoirí arna roghnú ag na húdaráis inniúla a shamhaltú, agus a fhíorú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh nach mbaineann na sonraí sin ach le raonta difríochta cothromas agus creidmheasa liostaithe amháin.

Chun críocha phointe (d), fíoróidh na húdaráis inniúla, i gcás ina gcuireann an institiúid an maolú dá dtagraítear in Airteagal 325bn(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 i bhfeidhm, cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh nach n-úsáidtear comhghaol 60 lá gnó ach amháin idir suíomhanna cothromais a n-úsáidtear an maolú sin ina leith, agus go ndéantar an comhghaol a thomhas ar shlí eile i gcaitheamh ionchas ama de 1 bhliain amháin.

Chun críocha phointe (e), fíoróidh na húdaráis inniúla, cé acu atá nó nach bhfuil an cur chuige a úsáideann an institiúid chun an tréimhse a roghnú, lena n-áirítear fad na tréimhse:

(a) fónta;

(b) doiciméadaítear i mbeartais inmheánacha na hinstitiúide é;

(c) déantar athbhreithniú air chun cuntas a choinneáil ar aon athrú ar an tréimhse struis dá dtagraítear in Airteagal 325bc(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

2. Chun críocha mhír 1, pointe (b), fíoróidh na húdaráis inniúla, maidir le sampla d'eisitheoirí a bhfuil suíomhanna ag an institiúid ina leith faoi réir na gceanglas cistí dílse maidir le riosca mainneachtana, cé acu atá nó nach bhfuil na comhghaolta eisitheora idir péirí a dhíorthaítear ón samhaltú comhghaolaithe comhoiriúnach leis na comhghaolta eisitheora idir péirí a dhíorthaítear ó shonraí margaidh inbhraite.

Airteagal 51

Measúnú ar an aitheantas fálaithe

Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-aitheantas fálaithe i samhail inmheánach na hinstitiúide maidir leis an riosca mainneachtana Airteagal 325bo de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh na nithe seo a leanas maidir le beartais inmheánacha na hinstitiúide:

(i) tugtar tuairisc ar an gcaoi a ndéantar an ghlanluacháil;

(ii) sonraigh:

(1) na rioscaí boinn sin a ghabhtar go hintuigthe sa tsamhail trí dhá shuíomh éagsúla a shamhaltú;

(2) na rioscaí boinn sin a ghabhtar go sainráite ina ionad sin trí fachtóir riosca boinn a thabhairt isteach;

(b) athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais inmheánacha na hinstitiúide, agus na critéir atá beartaithe sna beartais inmheánacha sin a fhíorú chun éifeachtaí glanluachála agus fálaithe nó éifeachtaí an éagsúlaithe a aithint;

(c) maidir leis an bhfaireachán a dhéantar ar riosca boinn mór féideartha a fhéadfaidh teacht chun cinn san eatramh idir aibíocht ionstraime agus an t-ionchas ama de 1 bhliain amháin, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil sé láidir;

(d) a cheangal ar an institiúid na nithe seo a leanas a sholáthar:

(i) sampla de shuíomhanna sa tsamhail riosca mainneachtana;

(ii) an liosta d'fhachtóirí riosca a chomhfhreagraíonn do na suíomhanna dá dtagraítear i bpointe (i).

Le linn do na húdaráis inniúla an sampla dá dtagraítear i bpointe (d)(i) a iarraidh, áiritheoidh siad go mbeidh éagsúlacht sna suíomhanna a sholáthraítear, agus, i gcás inarb infheidhme, go n-áireofar idir shuíomhanna a ndéantar glanluacháil orthu agus shuíomhanna nach ndéantar glanluacháil orthu.

Chun críocha phointe (b), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear leis na critéir i mbeartais inmheánacha na hinstitiúide go bhfuil an ghlanluacháil agus an fálú éifeachtúil, i gcás ina dtarlaíonn teagmhas creidmheasa nó aon teagmhas eile freisin.

Chun críocha phointe (d), fíoróidh na húdaráis inniúla cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas:

(a) leis na suíomhanna a mhapálann an institiúid ar fhachtóirí riosca, áirithítear nach ndéantar neamhchosaintí ar oibleagáideoirí éagsúla a ghlanluacháil, agus nach ndéantar glanluacháil den sórt sin ach amháin i gcás suíomhanna a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais céanna de chuid an oibleagáideora chéanna;

(b) déantar neamhchosaintí ar oibleagáideoirí éagsúla a mhapáil ar fhachtóirí riosca éagsúla, nó tá fachtóir riosca boinn ann chun na difríochtaí sna neamhchosaintí sin a ghabháil, agus gabhtar an riosca boinn idir oibleagáideoirí ar cuid d'innéacsanna creidmheasa iad mar aon le hoibleagáideoirí eile;

(c) i gcás suíomhanna in ionstraimí airgeadais éagsúla den oibleagáideoir céanna, maidir leis an anailís arna déanamh ag an institiúid chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh riosca boinn mór sna straitéisí fálaithe teacht chun cinn i ngeall ar chineálacha éagsúla táirgí, sinsearacht sa struchtúr caipitiúil, measúnuithe creidmheasa inmheánacha nó seachtracha, aibíocht, nó bliain eisiúna, cé acu atá nó nach bhfuil an anailís sin láidir.

Airteagal 52

Measúnú ar chomhlíontacht le ceanglais áirithe

Le linn do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na samhla inmheánaí maidir le riosca mainneachtana leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 325bp de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) i ndáil le samhaltú na mainneachtana le haghaidh eisitheoirí aonaracha chomh maith le heisitheoirí iolracha de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013:

(i) an cur chuige a úsáideann an institiúid chun an mhainneachtain a shamhaltú a shainaithint, agus a fhíorú go ngabhann an dá chineál fachtóirí riosca córasacha arna roghnú ag an institiúid na héifeachtaí córasacha is ábhartha;

(ii) maidir le gráinneacht an dá chineál fachtóirí riosca córasacha, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil sí leordhóthanach chun saintréithe na n-eisitheoirí sa phunann a ghabháil faoi réir na gceanglas cistí dílse maidir le riosca mainneachtana;

(iii) a fhíorú, i gcás gach eisitheora, cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann an institiúid fachtóir riosca neamhghnách ar leithligh i dteannta an dá chineál fachtóirí riosca córasacha dá dtagraítear in Airteagal 325bp(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

(iv) maidir le mapáil na n-eisitheoirí ar na fachtóirí riosca córasacha iomchuí, a fhíorú cé acu atá nó nach bhfuil sí fónta;

(v) a fhíorú cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an institiúid anailís ar chumhacht mhíniúcháin na samhla riosca;

(vi) le linn dóibh an sampla a iarraidh chun críoch an mheasúnaithe, breithniú a dhéanamh ar ábharthacht na n-eisitheoirí, agus a áirithiú go gcuimsítear leis an sampla eisitheoirí a rinneadh a mhapáil ar fhachtóirí riosca córasacha éagsúla;

(b) i ndáil leis an gceanglas a bhaineann leis an timthriall eacnamaíoch a léiriú sa tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar samhaltú na gcaillteanas i gcás mainneachtana, lena n-áirítear caillteanais stocastacha, le haghaidh na gcaillteanas sin i gcás mainneachtana chun athruithe ar na saintréithe arna nglacadh ag na fachtóirí riosca córasacha a léiriú;

(c) i ndáil leis an gceanglas a bhaineann le neamhlíneacht a ghabháil de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, measúnú a dhéanamh ar an méid seo a leanas:

(i) an chaoi a ndéanann institiúidí athluacháil ar ionstraim airgeadais neamhlíneach tar éis d'eisitheoir mainneachtain, lena n-áirítear an chaoi a ndéanann institiúidí athluacháil ar ionstraim airgeadais a bhfuil sócmhainní foluiteacha iomadúla fúithi tar éis d'eisitheoir aonair nó d'eisitheoirí iomadúla mainneachtain, ar eisitheoirí iad a chomhfhreagraíonn do na sócmhainní foluiteacha;

(ii) cé acu a eascraíonn nó nach n-eascraíonn earráidí ábhartha nó gannmheastachán córasach ar an riosca as aon simpliú a thugann an institiúid isteach chun praghas ionstraime airgeadais a ríomh;

(iii) a mhéid a chuirtear riosca samhla san áireamh leis an athluacháil ar ionstraim airgeadais;

(d) i ndáil leis an gceanglas a bhaineann le samhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana a bheith ann atá i gcomhréir leis an mbainistíocht riosca inmheánach de réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 325bp(9) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, a fhíorú cé acu a rinne nó nach ndearna an institiúid doiciméadú ar na difríochtaí idir an tsamhail inmheánach maidir le riosca mainneachtana agus na samhlacha a úsáideann an institiúid le haghaidh a bainistíochta riosca inmheánaí i ndáil leis an raon feidhme céanna suíomhanna, agus cé acu is féidir nó nach féidir leis an institiúid na difríochtaí sin a mhíniú.

Chun críocha phointe (a)(i), déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar an réasúnaíocht a sholáthraítear i mbeartais inmheánacha na hinstitiúide maidir le rogha na bhfachtóirí riosca córasacha, agus maidir lena léiriú eacnamaíoch.

Chun críocha phointe (a)(iii), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, a fhíorú maidir le sampla d'eisitheoirí comhchosúla go bhfuil difríocht sna fachtóirí riosca neamhghnácha.

Chun críocha phointe (a)(iv), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, a fhíorú maidir le sampla d'eisitheoirí go bhfuil an mhapáil ceart.

Chun críocha phointe (a)(v), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí agus i gcás inarb amhlaidh nach bhfuil na hanailísí arna ndéanamh ag an institiúid leordhóthanach don phunann faoi réir riosca mainneachtana mar atá sé faoi láthair, é a cheangal ar an institiúid, ar shampla d'eisitheoirí, measúnú a dhéanamh ar chumhacht na bhfachtóirí riosca córasacha arna roghnú ag an institiúid chun spreagthaí mhainneachtain na sócmhainne ag gach eisitheoir a mhíniú.

Chun críocha phointe (b), féadfaidh na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí, anailísí staidrimh a dhéanamh ar shampla d'eisitheoirí, lena n-áirítear tástáil hipitéise, chun spleáchas na gcaillteanas i gcás mainneachtana ar na fachtóirí riosca córasacha a thástáil.

CAIBIDIL 5

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 53

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 18(1), pointe (a), a mhéid a bhaineann leis an riosca comhshaoil, Airteagal 18(1), pointe (c)(vii), agus Airteagal 18(2), pointe (b)(v), ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh.

Beidh feidhm ag Airteagal 21(1), pointe (b), ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN